

Seán Ó Ciarghusa: A Bheatha agus a Shaothar Iriseoireachta

Mary Sinnott

Seán Ó Ciarghusa: A Bheatha agus a Shaothar Iriseoireachta

MARY SINNOTT, B.A., P.G.C.E. (IME), M.A.M.E.

Thesis Submitted for the Award of M. Phil

Fiontar & Scoil na Gaeilge

Dublin City University

Supervisors


Dr. Pádraig Ó Liatháin agus Dr. Deirdre Nic Mhathúna

Deireadh Fómhair, 2020

Declaration/Deimhniú

I hereby certify that this material, which I now submit for assessment on the programme of study leading to the award of M. Phil is entirely my own work, and that I have exercised reasonable care to ensure that the work is original, and does not to the best of my knowledge breach any law of copyright, and has not been taken from the work of others save and to the extent that such work has been cited and acknowledged within the text of my work.

Signed:

A photograph of a handwritten signature, "Mary Sinnott", written in dark ink on a piece of lined paper.

ID No.: 17213454 Date: 31 -10-2020

Clár

Declaration/Deimhniú	ii
Clár	iii
Abstract/Achoimre	v
Caibidil a hAon: Beatha Sheáin Uí Chiarghusa	1
1.1 Áit dhúchais agus clann Sheáin Uí Chiarghusa	2
1.2 Oideachas agus Óige Sheáin Uí Chiarghusa	4
1.3 Ón Rinn go Sasana	5
1.4 Ó Shasana go Béal Feirste (1904)	13
1.5 Ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath (1914)	20
1.6 Conclúid	24
Caibidil a Dó: Comhthéacs na hAthbheochana agus comhthéacs na hiriseoireachta	
Gaeilge	25
2.0 Réamhrá	26
2.1 Staid na Gaeilge agus leathnú an Bhéarla sa naoú haois déag	27
2.2 An Rómánsachas agus an Náisiúnachas Cultúrtha in Éirinn	27
2.3 Tús na gcumann athbheochana agus na bhfoilseachán Gaeilge	30
2.4 Comhthéacs na hIriseoireachta Gaeilge	33
2.5 Conclúid	37
Caibidil a Trí: Caibidil a Trí: Saothar iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa	38
3.0 Réamhrá	39
3.1 Plé Uí Chiarghusa ar Staid na Gaeilge sna Déise agus tionchar an Bhéarla	50
3.2 An Ghaeilge i gcóras oideachais na hÉireann agus dearcadh an aosa óig i leith stair chultúrtha na tíre agus i leith na teanga, de réir Uí Chiarghusa	70
3.3 Ailt Uí Chiarghusa ar bháis dhaoine aitheanta na Gaeilge	91
3.4 Conclúid	99
Conclúid an tráchtais	102
4.1 Spriocanna an tráchtais	103
4.2 Cad a baineadh amach sa tráchtas seo	107
4.3 An taighde seo suite i gcomhthéacs léann na Gaeilge, na hAthbheochana agus na hiriseoireachta Gaeilge	111
4.4 Anailís ar an méid a deir lucht acadúil na Gaeilge faoi shaothar iriseoireachta Uí Chiarghusa	113

4.5 Tuilleadh taighde ar Ó Ciarghusa: deiseanna agus dúshláin	113
4.6 Tionchar an tsaothair seo maidir le forbairt a dhéanamh ar oidhreacht Uí Chiarghusa	116
5.0 Liosta tagairtí	118
Aguisín 1: Tábla ar Shaothar Iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa	129
Aguisín 2: Clár saothair iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa de réir de Hae (1940)	130

Abstract/Achoimre

Mary Sinnott

Seán Ó Ciarghusa: A Bheatha agus a Shaothar Iriseoireachta

Tugann an tráchtas seo léiriú dúinn ar shaothar iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa. Tá anailís na scríbhinní seo i gcroílár an tráchtais. I dtosach báire, tugtar léiriú ar shaol Uí Chiarghusa agus é ina oifigeach Custaim is Máil, colúnaí agus conraitheoir gníomhach. Saolaíodh sa bhliain 1873 é agus fuair sé bás i 1956. Ba as Coill na Gráinsí, Co. Phort Láirge dó, fiche míle ó Ghaeltacht na Rinne. Tugann an tráchtas seo léiriú ar an obair a rinne Seán Ó Ciarghusa mar oifigeach Custaim is Máil sa Ríocht Aontaithe, i dTuaisceart na hÉireann agus i mBaile Átha Cliath chomh maith. Anuas air seo, tugann sé léiriú dúinn ar na rólanna éagsúla a bhí aige mar bhall den Chonradh fad is a bhí sé ina oifigeach Custaim is Máil sna háiteanna seo. Nochtann an staidéar seo an fonn a bhí air aidhmeanna agus cuspoirí an Chonartha a chur chun cinn fad is a bhí sé ag obair sna háiteanna difriúla seo. Ag casadh an chéid, d'fhoilsigh sé i ndhá phríomhnuachtán *An Claidheamh Soluis* agus *The Leader*, go príomha. Cé nár oileadh mar scríbhneoir é, bhain sé úsáid as uirlis chumarsáide na nuachtán agus na dtréimhseachán, chun a chuid tuairimí a fhoilsiú maidir le conspóidí agus díospóireachtaí comhaimseartha. Is iad seo a leanas liosta na dtéamaí roghnaithe atá mar chuid den staidéar seo; áit na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann, neamhshuim an aosa óig sa teanga, tionchar an chultúir eachtrannaigh in Éirinn agus stádas na Gaeilge i bPort Láirge, áit dhúchais Uí Chiarghusa, le linn tús na hAthbheochana. Ina theannta sin, tugann Ó Ciarghusa léiriú dúinn ar scoláirí mór le rá na Gaeilge le linn an ama seo. Is gné lárnach í an anailís seo den tráchtas. Is foinsí luachmhara, tábhachtacha, stairiúla iad na scríbhinní seo a chaitheann solas ar dhíospóireachta comhaimseartha na fichiú haoise. Baineann an chaibidil dheireanach le conclúidí an tráchtais agus leis an méid atá foghlamtha againn mar gheall ar Sheán Ó Ciarghusa mar dhuine agus mar scríbhneoir.

Caibidil a hAon:

Beatha Sheáin Uí Chiarghusa

1.1 Áit dhúchais agus clann Sheáin Uí Chiarghusa

Rugadh Seán Ó Ciarghusa ar 6 Nollaig 1873 i gCoill na Gráinsí, i Muileann Uí Fhlaitheamháin, mar is fearr aithne uirthi. Laistigh faoin tír, tá Coill na Gráinsí suite cúig mhíle dhéag siar ó chathair Phort Láirge agus trí mhíle dhéag ó Dhún Garbhán. Coill na Gráinsí, a thugtar ar an áit a bhfuil an muileann suite. Má leantar ar aghaidh céad méadar suas an cnoc uaidh sin ón muileann agus má chastar ar thaobh na láimhe clé, chítear comhartha dár teideal ‘Na Feadha’. Tá sé sin suite míle go leith ó Choill na Gráinsí. Tugtar ‘Na Feadha’ air go háitiúil. Is baile fearainn é Coill na Gráinsí de chuid pharóiste na bhFiodh agus Chill Rosanta. Sráidbhaile beag feirmeoireachta is ea ‘Na Feadha’. Tá an t-ainm seo le feiceáil ar chomhartha na sráide sa cheantar. Is iad bunscoil pharóiste na bhFiodh, cúig theach feirme agus reilig áiseanna iomlána an cheantair seo.

Leathmhíle ó Choill na Gráinsí, tá sráidbhaile darb ainm Coill Mhic Thomáisín ann. Is é seo an sráidbhaile is giorra do Choill na Gráinsí. Tá Coill Mhic Thomáisín i bparóiste an Bhaile Nua agus na Cille. Coill Mhic Thomáisín, An Baile Nua, an Chill agus An Sáilín (Bun Machan) is ainm d’eaglaisí an cheantair seo. Luann Ó Ciarghusa Bun Machan in alt dá chuid a foilsíodh in *An Claidheamh Soluis* dar teideal ‘I nDúthaigh Déise’ ar 21 Deireadh Fómhair, 1905: ‘Tá ’s ag an dúthaigh dé ’n sórt áite é Bun Machan. Sráid bhocht dhealbh is eadh é, agus i dtaobh na trágh; siúd agus go bhfuil sí fada fairsing go leor, níl ag gabháilt léithí de chóir fhothragaidh acht an tsáile agus an t-uaigneas’. Scarann abhainn na Machan Coill na Gráinsí agus Coill Mhic Thomáisín óna chéile (Ó Murchú 2017). Tá na sráidbhailte seo ar theorann shléibhte an Chomaraigh.

Pádraig Ó Ciarghusa an t-ainm a bhí ar sheanathair Sheáin Uí Chiarghusa. Rugadh sa bhliain 1786 é. D'éag sé i mí an Mheithimh sa bhliain 1866. Phós sé Eibhlín Ní Dhuinn agus d'éag sé ar 27 Meán Fómhair 1878. Bhí seachtar páistí acu. Micheál Ó Ciarghusa an t-ainm a bhí ar dhuine dá mic. Rugadh é ar 31 Deireadh Fómhair 1866 agus phós sé Bríd Ní Mhurchú. Ba cheantar mór feirmeoireachta é Coill Mhic Thomáisín. In alt dar teideal 'The Summer prize fair' tugadh duine de na 'leading farmers' (*Waterford News and Star* 1874) air. Tugann an sliocht irise seo léargas dúinn ar an ardmheas a bhí ag muintir Choill Mhic Thomáisín air. Taispeánann an iris seo go raibh suim faoi leith aige sna comórtais bó a bhíodh ar siúl gach samhradh mar chuid de chumann Choill Mhic Thomáisín ar a dtugtaí 'Kilmacthomas Fair's Committee'. Léiríonn an fhianaise seo gur dhírigh Micheál isteach ar an bhfeirmeoireacht thréadach den chuid is mó. San alt seo, thagair tuairisceoir anaithnid an nuachtáin don pháirt thábhachtach a bhí ag athair Sheáin i gcruinniú talmhaíochta a bhí ar siúl i gCoill Mhic Thomáisín ag an uair seo; '...great portion of the details of this heavy work, mainly originated too, by himself, devolves on Mr. Michael Kiersey, Kilmacthomas'. Tuigimid an t-ardmheas a bhí ag na daoine seo air nuair a thugann siad '...courteous Honorary secretary of the Committee, who is the great Strategist, of those peaceful, beneficent operations, in whose honor a medal should be struck, bearing I would venture to suggest, an effigy of Ceres, with some such motto as "A Reward of Merit"' (*Waterford News and Star* 1874). Léiríonn sé seo gur feirmeoir díograiseach é a bhí an-ghníomhach i gcúrsaí feirmeoireachta.

Bhí triúr páistí mar chúram ar Mhicheál agus ar Eibhlín. Seán Ó Ciarghusa, atá faoi chaibidil sa tráchtas seo, a rugadh ar 6 Nollaig 1873 agus baisteadh ar 9ú lá é. D'éag sé ar an gcéad lá de mhí Aibreáin 1956. Bhí deartháir ag Seán chomh maith. Diarmuid ab ainm dó. Rugadh sa bhliain 1870 é agus fuair sé bás sa bhliain 1932. Phós sé bean

darbh ainm Máire Eilís Ní Chorráin. Ba as Béal Feirste di. Prostastúnach ab ea a hathair. Chuir Diarmuid agus í féin fúthu i bPort Laoise faoi dheireadh. I gcomhrá príobháideach ar 18 samhain 2014, le Niamh Uí Chiarghusa (garíníon Sheáin Uí Chiarghusa), bhí deirfiúr ag Seán chomh maith. Máire ab ainm di. Rugadh ar an seachtú lá déag de mhí Aibreáin í sa bhliain 1872 ach níl dáta a báis ar eolas againn. Tuairiscíodh i Páipéirí Bhaile Bhaid mhuintir Uí Chiarghusa go raibh Máire faoi mhíchumas ar feadh a saoil (Páipéirí Bhaile Bhaid 1914: 2).

1.2 Óige agus Oideachas Sheáin Uí Chiarghusa

Le linn a óige d'fhreastail Seán Ó Ciarghusa ar an mbunscoil áitiúil, Scoil náisiúnta an Fhiadha. Tamall ina dhiaidh sin, chuaigh sé chuig méanscoil na mBráithre Críostaí, Cnoc Sion, cathair Phort Láirge. D'fhág sé an mhéanscoil nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois. Ina dhiaidh sin, chuaigh sé go Baile Átha Cliath chun scrúdú a dhéanamh chun a bheith ina Oifigeach Custaim is Máil. I gcóip chrua an agallaimh a rinne Ó Ciarghusa ar 20 Meitheamh 1955, de chuid Chnuasach Bhéaloideas Éireann, dúirt Ó Ciarghusa agus é ag caint faoi féin sa tríú pearsa; 'Chuaigh sé chun Dáithí Ó Ceallaigh, an múinteoir a chuir i gcóir don scrúdú é, d'fheiscint. Bhí Dáithí i n-a oifig, agus cad do bhí ar siubhal aige acht an cruinniú i n-ar cuireadh Connradh na Gaedhilge ar bun!' (1955: 3). Bheadh ról gníomhach ag Ó Ciarghusa ón mbliain 1897 agus é ina bhall gníomhach de chraobh na Fáschoille, Londain.

Tugann saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa léargas ar a óige. Sa nuachtán *The Leader*, in alt dá chuid a foilsíodh i 1905 dar teideal 'I nDúthaigh Déise' deir sé; 'Lá agus mé an-óg, thug mo shean-mháthair léithí mé go dtí an fhairrige. An cailín aimsire a bhí againn thugamar linn í leis...Shuidheamar i n-aice stolla mhóir carraige. Thug mo shean-mháthair mise léithi

amach ar dtús gan acht a bróga agus a stocaí 'bhaint di féin. Annsin, d'fhág sí ag an gcailín mé go gcuirfeadh sí mo chuid éadaigh orm agus chuaidh sí féin amach arís'. Leanann sé ar aghaidh agus cur síos á dhéanamh aige ar aoibhneas an lae sin; 'Bhí an lá go breágh agus an fhairrige ciúin, agus ní raibh aon deithreas uirthi isteach – chuaidh mise agus an cailín ag bailiughadh sliogán.... D'fhéachamar siar. Mo shean-mháthair a bhí ag liúghraighe. Bhí rud éigin uirthi. Bhí sí ag ruith agus ag tuitim agus ag snámh, agus ag tuitim agus an t-uisge agus an chulaith fhothragaidh gach re babhta ag baint na gcos uaithi, ag déanamh a slighe isteach'. Caitheann sé solas ar an tairbhe a bhain sé as an lá seo; 'Ruitheamar thar n-ais, Chonncamar an rud ar bharr uisge. Is amhlaidh bhí an taoide ag líonadh agus bhí an carn éadaigh sgiobtha de'n gcarraig ag tonn. Bhí an t-uisge mór-thimcheall an stolla cheana féin – Tháinig mo shean-mháthair i dtír. Bhí buile uirthi (*The Leader*, 'I nDúthaigh Déise', 21 Deireadh Fómhair 1905). Bhain Ó Ciarghusa an-taitneamh as a bheith amuigh faoin aer ina áit dhúchais, i gcaitheamh a óige.

1.3 Ón Rinn go Sasana

Ón mbliain 1893 go 1896, bhí cónaí ar Sheán Ó Ciarghusa in Hull, Yorkshire. D'éirigh leis post a fháil mar Oifigeach Custaim is Máil in Hull in 1893. D'fhág sé slán ag a áit dhúchais dá bharr agus ní raibh sé ach fiche bliain d'aois ag an uair seo. Tugann an t-agallamh seo a rinne Ó Ciarghusa i 1955, agallamh, atá anois mar chuid de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, Bhaile Átha Cliath, léiriú ar an sórt saoil a bhí aige thall. Labhraíonn sé faoin dea-chaidreamh a bhí idir na Gaeil thall: "Chabhraidís le n-a chéile go fial leis. Dráma nó pé rud do chuirfeadh dream díobh ar bun i n-aon áit de'n chathair théigheadh daoine ó gach páirt eile ag cábhruhadh leo. D'fhanaidís ag seanchas le n-a chéile leasmuich de sna séipéilibh; leis; bhíodh na nuadhachtáin ó Bhaile Átha Chliath aca agus gach aon rud" (1955: 4). Cuimhníonn

Ó Ciarghusa siar ar na Gaeil lenar bhuail sé in Hull ag deireadh an naoú haois déag. Cuireann sé i gcuimhne dúinn gur fhan na hÉireannaigh dílis don chultúr Gaelach le linn dóibh a bheith ann. Sa bhliain 1896, aistríodh go Londain é agus chaith sé trí bliana ann. D’fheidhmigh sé mar bhailitheoir cúnta den chéad ghrád i gcaitheamh an ama seo (CUST 39/222, 1642-1970).

Scríobh iníon Uí Chiarghusa, Caitlín Uí Chochláin (Ní Chiarghusa) (1902-1980) dialann, i mí na Nollag sa bhliain 1968 agus chríochnaigh sí an dialann seo i 1977. Fuair sí féin bás ar 18 Feabhra 1980. Is cuntas é seo ar a saol lena teaghlach agus tugtar léiriú ar na háiteanna difriúla ina raibh siad i rith a saol. Léiríonn an cuntas seo go raibh suim mhór ag a hathair, Seán Ó Ciarghusa, i ngach ar bhain leis an nGaelachas - de réir idéil na hAthbheochana, is é sin an cultúr Gaelach agus an Ghaeilge. Scríobhann Caitlín ina dialann; “He seldom missed a Sunday at Croke Park and I believe he played football in England. I seem to recall a photograph of a Gaelic team called Forest Gate, in which he appeared – looking very funny in togs” (Uí Chochláin 1968: 2). Forest Gate nó ‘Craobh Gheata na Fáschoille’ an t-ainm a tugadh ar chraobh an Chonartha i Londain ach ‘craobh na Fáschoille’ an t-ainm a thugtar anois air (ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge). Pléifear an bhaint a bhí ag Ó Ciarghusa leis. Is díol spéise gur cuireadh tús le Conradh na Gaeilge i Londain i gcaitheamh an ama seo, dar leis an bpáipéar *Guth na nGaedheal*, Márta 1924. Deir Ó Súilleabháin (1989: 10) gur bunaíodh ranganna de chuid chraobh na Fáschoille, Londain ar 6 Meán Fómhair, 1897.

Fad is a bhí Ó Ciarghusa ag cur faoi i Londain bhí dhá phríomhaidhm aige. Ar an gcéad dul síos, páirt a ghlacadh i gcraobh an Chonartha sa chathair. Ar an dara dul síos, bhí fonn air cur leis an dioscúrsa ar mhúineadh na Gaeilge. Cé nach raibh Conradh na Gaeilge ach ina thosach i mblianta luatha an chéid seo caite, ní raibh drogall air páirt ghníomhach a ghlacadh ann.

Tugann alt dar teideal ‘An Mhuintir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch Labhráis)’ a foilsíodh in *The Irish Press/Scéala Éireann*, 25 Meitheamh 1955, léiriú dúinn ar an mbaint a bhí aige leis: “Bhí Seán ar dhuine den bhuíon bheag a chuir dlúthas le cuspóirí Chonradh na Gaedhilge thar lear, mar bhí comhnaí air i Londain ag deire an chéid seo caite. Donncha Ó Liatháin, Seán Ó Catháin agus an chuid eile den dream sin, luann Seán iad mar Oisín i ndiaidh na Féinne. Ní raibh mórán Gaeilge aca nuair a chinneadar ar an gConradh do bhunú thall ach bhí cíocras orthu chun an teanga d’fhoghlaim” (1955: 2). Cuimhníonn sé ar ‘na léachtanna a thug an Dochtúir Dubhghlas de hÍde agus an Dochtúir de Hindeberg uatha ag gríosadh na ndeoraithe ins sa halla beag a bhí ag an gConradh taobh le Forest Gate. Seán féin a bhí ina rúnaí ar an gCraobh ag an am’ (1955: 2). Díreach mar a rinne sé in Hull, d’fhan sé i gcomhluadar a chomhghleacaithe Gaeilge i Londain; Dubhghlas de hÍde, scoláire mór le rá na Gaeilge (1860-1945) agus an Dochtúir de Hindeberg (1863-1916). Bhí de Hindeberg ar dhuine de bhunaitheoirí Choláiste na Rinne i 1905 (Mac Craith 2005: 7).

Ina theannta sin, is i Londain a bhuail sé le Seán Ó Catháin den chéad uair. Oifigeach Custaim is Máil ab ea é (1873 – 1937) agus bhí sé ina rúnaí ar Chraobh Forest Gate agus ar feadh seacht mbliana ina rúnaí ag Craobh London in iarthar na cathrach (<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=184>). Bhí Donncha Ó Liatháin ar dhuine de bhunaitheoirí na craoibhe seo, rud a phléifear anois. Tugann fianaise ón agallamh a rinne Ó Ciarghusa ar 20 Meitheamh, 1955 léiriú dúinn ar an bpáirt thábhachtach a bhí aige mar bhall den chraobh seo. Cuireann sé imeachtaí de chuid Chraobh na Fáschoille inár láthair san agallamh seo. Deir sé; “Rud amháin, gurbh é Seán Ó Catháin, is dóigh liom, do chuir ar bun í. Go ndeindeadh Dia trócaire ar Sheán, ní ghábhadh mórán do rádh le Gaedhilibh i n-a thaobh; acht is dóigh liom gurbh í an chraobh sin do bhunú an cheud rud dar dhein sé ar son na Gaedhilge. Do bhí baint ag daoine cáileamhla eile léi, leis; ag Tomás Ó Fhlannghaile, cuir i gcás, ba ‘eisean an cheud uachtarán a bhí uirthi, is dóigh liom, - an t-árd scoláire; ag Donnchadh Mac Cárthaigh, Donnchadh Ó Liatháin agus daoine eile; deirbhsiúr do Mhícheul Ó Coileáin, duine aca, mara

bhfuil dearmad orm. Tháinig duine ar cuaird chum na craobhe oidhche, a raibh a ainm i n-áirde i n-a dhiaidh sin agus a bheidh go deó, mar atá, an Dochtúir de Hindeberg. Ar a shlighe abhaile a bhí sé, is dóigh liom, ó Shasana Nua, agus b'iongna linn go léir a bhinne do bhí an Ghaedhilge i ngach aon slighe do bhí sé. Ní fheadar mé cad do mheas sé a dheacuireacht do bhí sé dúinn an teanga do chur chum cinn annsúd thall” (Agallamh Sheáin Uí Chiarghusa de chuid Chnuasach Bhéaloideas Éireann 1955: 6).

Mar a léiríonn an fhianaise, cosúil le Seán Ó Catháin, bhí Ó Ciarghusa gníomhach i gcraobh na Fáschoille, Londan. Bhuailfidís le chéile níos deireanaí i mBéal Feirste arís. Go dtí an pointe seo, is léir gur chaith sé a laethanta ag obair mar Oifigeach Custaim is Máil. Nochtann a shaothar iriseoireachta gur fhreastail sé ar chruinnithe an Chonartha sna hoícheanta. Deir Caitlín Uí Chochláin (Ní Chiarghusa) ina dialann: ‘All my parents’ friends were in the C & E or in the Gaelic League’ (Uí Chochláin 1968: 9). Feicimid é seo in alt irise a d’fhoilsigh Ó Ciarghusa i gcuimhne D.P. Moran, bunaitheoir an nuachtáin náisiúnaigh *The Leader* a bunaíodh sa bhliain 1900 (Delaney 2003). Pléann sé scríbhneoir cáiliúil Gaeilge eile, Pádraig Ó Séaghdha nó “Conán Maol” (1855 go 1958), mar is fearr aithne air. Oifigeach Custaim is Máil agus colúnaí ab ea é (<https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=113>). In alt, deir Ó Ciarghusa; ‘I Londain ba eadh do casadh ar a chéile an cheud uair sinn. Bhíodh buidhean Gaedheal ag léigheamh ‘Thar lear’ “Conáin Mhaoil” (go ndeinidh Dia trócaire air), san halla Atenaeum oidhche sa tseachtmhain agus Micheul Ó Súilleabháin (go ndeinidh Dia trócaire air) ‘ghá múineadh’ (‘Tadhg Mac an Bhaird’, *The Leader*, 28 Feabhra 1931). Tuigimid ón méid seo gur fhan na gníomhaithe Gaeilge seo dílis do gach ar bhain leis an gcultúr Gaelach cé nach raibh siad in Éirinn ag an am seo. Tá an méid seo le ré aige faoi DP Moran; ‘Bhínn ann agus ba thaitneamhach liom blas breágh bog, blas Déisigh, an ógánaigh bhíodh le m’ais ar an suidheachán’. Feicimid go raibh ardmheas aige air agus gur bhain siad taitneamh as a bheith i gcomhluadar a chéile. Léiríonn sé cé chomh lách is a bhí na Gaeil seo i dteannta a chéile; ‘Ní

chuireadh Gaedhil óga Londain aon cheist ar a chéile an uair sin ciar' díobh iad ná cad as a dtángadar; Éireannaigh sinn go léir, agus ba leór san. Níor chuireas-sa aon cheist i dtaoibh an ógánaigh, agus ní raibh fios dada agam mar gheall air' (*The Leader*, 'D.P. [Moran]', 8 Feabhra 1936).

Taispeánann sé seo go raibh dlúthchaidreamh ag Ó Ciarghusa le colúnaithe Gaeilge, rud a spreagfadh é chun tús a chur lena saothar iriseoireachta i 1903. Bhí Micheál Ó Súilleabháin mar mhúinteoir acu. Is i Londain a d'fhás agus a d'fhorbair an tsuim agus an paisean a bhí aige i múineadh na Gaeilge den chéad uair. Mar a léiríodh thuas, bhí an Ghaeilge curtha chun cinn go mór sa Bhreatain ó thosach an chéid (Ó Súilleabháin 1989: 13). Mar bhall den chraobh Forest Gate, thosaigh sé ag nochtadh a thuairimí faoi mhodhanna teagaisc maidir le múineadh na Gaeilge sa bhliain 1903. Deir Ó Súilleabháin (1989: 19) go raibh sé ar dhuine de chonraitheoirí Londan a thug faoi réiteach na faidhbe maidir le múineadh na Gaeilge agus constaicí na múinteoirí. Bhain an chonstaic seo leis na múinteoirí sna scoileanna ó dheireadh an naoú haois déag. Cabhraíonn tuarascálacha duine de thimírí na háite, Pádraig Ó Cadhla, linn tuiscint níos fearr a fháil ar an easpa inniúlachta agus easpa spéise a bhí acu sa Ghaeilge agus i dteagasc na Gaeilge, i gcoitinne (de hÍde 1937: 140). Is as seo a d'fhás an díospóireacht faoi chumas na múinteoirí agus chuir Ó Ciarghusa léi. Bhí ollchruinniú ar siúl faoin ábhar seo ag 8 Adelphi Terrace, Londain in 1897 agus cé nach raibh Ó Ciarghusa i láthair, tháinig litir dá chuid isteach le linn na comhdhála (Ó Súilleabháin 1989: 36).

Tugann sé seo le fios dúinn gur thuig Ó Ciarghusa, cosúil leis na hathbheochanóirí eile, gur bhraith todhchaí na Gaeilge ar dhearcadh na múinteoirí ina leith. Tacaíonn Máirtín

(2003: 207) leis an smaoineamh seo nuair a deir sí go raibh ‘tionchar ollmhór ag cúrsaí oideachais ar bhás agus ar athfhás na Gaeilge’. D’fhág Ó Ciarghusa Londain faoin mbliain 1900 agus chuaigh sé go Corcaigh i 1901. Tugann fianaise a bhí sa nuachtán *An Claidheamh Soluis* ar 17 Lúnasa, 1901 cuntas ar an ardmheas a bhí ag na Gaeil i Londain air; ‘Mr. O Kiersey has just left London for Cork... With much ability, persistence, and high genial enthusiasm, Mr. O’Kiersey worked for the League in every direction. Secretary, organiser in the best sense, teacher, singer, and writer of Irish, it would be difficult to point out a Gaelic task or emergency for which he was not thoroughly and easily ready’. Léiríonn na ráitis seo an díograis agus an paisean a bhí aige sa Ghaeilge agus in imeachtaí Gaelacha mar bhall gníomhach na craoibhe seo. ‘He was as popular in the London branch as that of its excellent “neighbour” in Forest Gate. London Gaels are intensely sorry that they are not going to Cork also — or otherwise homeward to that Ireland of which men of Mr. O’Kiersey’s type are sure to have a happy and effective future’. Tuigimid ón méid seo go ndeachaigh Ó Ciarghusa i gcion go mór orthu agus nach ndéanfaidís dearmad riamh air.

D’fhill sé ar a áit dhúchais sa bhliain chéanna chun bean darbh ainm Caitlín Nic Craith, as Baile na Cúirte, a phósadh. Phós an bheirt acu ar 23 Samhain, 1901 in eaglais Chill na Gráinsí (Breathnach & Ní Mhurchú 1990: 79). D’fhág sé Corcaigh ina dhiaidh sin agus aistríodh go Bootle, Learpholl, tuisceart Shasana, é sa bhliain 1902. Mar a luadh in 1.3, d’fhoilsigh iníon Sheáin, Caitlín, dialann i 1968. Cabhraíonn an fhianaise seo go mór linn léiriú níos soiléire a fháil ar ghníomhachtaí Sheáin thar lear. Tá sé sin le tabhairt faoi deara sa mhéid is go dtugann sí cur síos ar chairde a hathar agus ar an mbaint a bhí aige le craobhacha an Chonartha agus i ngach ar bhain le cuspóirí na hAthbheochana – is é sin an drámaíocht, an scéalaíocht agus an Ghaeilge, ar ndóigh. Cuireann sí tús leis an dialann le cur síos ar an

tréimhse a chaith a teaghlach i mBootle: “I was born on the 13th October 1902, in no. 23 Hornby Boulevard, Bootle, Liverpool. My mother after told me about it and recalled her reactions to living in Liverpool. She had been brought up on a farm in a large comfortable house in Co. Waterford, and she felt confined and smothered in the tiny house in England. She described it as being “on the side of the street” which meant that it had no front garden (Uí Chochláin 1968: 1). Chloígh Ó Ciarghusa le himeachtaí an Chonartha i Learpholl chomh maith agus tugann Dialann Cháitlín le tuiscint dúinn nár chaill sé riamh cruinnithe an Chonartha, pé áit a raibh sé; “Mother often complained about being left alone in the house at night while my father attended Gaelic League classes” (Uí Chochláin 1968: 1).

Is léir ón méid atá ráite go dtí seo go raibh aithne ag Ó Ciarghusa ar ghníomhaithe Gaeilge ach bhí sé gníomhach le figiúirí polaitíochta mór le rá chomh maith, agus tá sé seo le feiceáil nuair a deir Caitlín; ‘One of the people who were active there was Piaras Beaslaoi and when my parents left Liverpool on transfer to Belfast, Piaras and other friends came to the Pier to see them off, Piaras singing an Irish song as the ship sailed’ (Uí Chochláin 1968: 1). Tugann an cuntas seo léiriú dúinn ar an dlúthchaidreamh a bhí idir Ó Ciarghusa agus Piaras Béaslaí (1881-1965). Polaiteoir, scríbhneoir agus iriseoir ab ea Béaslaí. Deir Breathnach & Ní Mhurchú: ‘Is beag duine ar mhó a rinne a bheatha scáthantacht ar eachtraí na tréimhse 1904 go 1924. Cúrsaí teanga, litríochta, polaitíochta agus réabhlóide, bhí dlúthbhaint aige leo go léir’ (1990: 85). Ní hamháin gur chuir sé suim i gceabha an Chonartha i Learpholl, ach chuir sé suim sna drámaí chomh maith. D’imir sé tionchar nach beag ar Sheán Ó Ciarghusa, dá bharr.

‘Dráma Gaedhealach’ an t-ainm a tugadh ar an gcéad alt dá chuid a foilsíodh ar 28 Feabhra, 1903 in *An Claidheamh Soluis*. Bhí cónaí air i Learpholl ag an am seo; ‘Is é chuir ag

machtnamh mar seo mé ‘ná an ‘Dochtúireacht Nuadh’ do léiriú annso i mBootle Dia Luain an 16adh. Muinntir Craoibhe Dhiarmuda Uí Shéagha do léirigh é, agus is maith an sás chuige iad’. Déanann se cur síos ar rólanna éagsúla an dráma seo; ‘B’é Mac Uí Bhiaslaoi an fear tinn, Mac Uí Chonaire do dhein é do leigheas, agus Inghean Ní Ghiolla, Síle. Seaghán Ó Muireagáin, an tUachtarán leis, is eadh do chuir an t-ardán i gcóir ó’n drosúr go dtí an teine mhóna’. Tuigimid an tionchar a bhí ag Béaslaí air toisc an tsuim mhór a bhí ag an mbeirt acu i ngach ar bhain le haidhmeanna na hAthbheochana. Leanann sé ar aghaidh le cur síos a dhéanamh ar ghanntanas na ndrámái i Learpholl ag an uair seo. ‘Go dtí seo níor fhacthas Dráma Gaedhealach riamh i dtuaisceart Shacsan, acht, fé mar airighim, ní bheidh an sgéal mar sin feasda, mar táthar – (an choisde céadna) – chum “Casadh an tSugáin” agus “Eilís agus an bhean déirce” do léiriughadh dhúinn i gceann choicthighise. Má leanfaid ar an gcuma so, is goirid go mbeidh “Con the Shaghran” gan réim i m-Bootle. Go dtugadh Dia gur goirid’. Is cúis mhór dóchais aige go mbeidh rath ar an drámaíocht sa Ghaeilge sa todhchaí.

Fad is a bhí sé i Learpholl, bhí sé de nós aige filleadh ar an Rinn toisc go raibh suim mhór aige i staid na Gaeilge agus i ndearcadh na nDéiseach ina leith. Nochtann sé an méid a bhí ina chroí istigh i gceann d’ailt a d’fhoilsigh sé ar 21 Meán Fómhair, 1903 in *An Claidheamh Soluis*. ‘I nDúthaigh Dhéiseach’ an t-ainm a bhí air. Pléann sé dearcadh an aosa óig; ‘Cuir i gcás Cill Mhic Thomáisín, i n-éagmais aon rud eile le déanamh, tá fir óga na sráide sin ag gabháil timcheall na dúithche, ó shéipéal go séipéal, le dráma Gallda, agus bíonn na daoine ag baint na slighe dá chéile ag ruith ‘n-a ndiaidh’. Tá fearg air go bhfuil an t-aos óg ag glacadh páirte i ndrámái Gallda ina cheantar dúchais agus go bhfuil siad báite sa ghalldachas. ‘... Taisbeánann go bhfuil fonn ar na daoineibh bheith ag bogadh i dtreó éigin agus badh chóir nár dheacair iad do mhealladh chum na Gaedhilge. Níl aon náire ortha i dtaobh na teangan agus ‘sé cúis ná cuirid aon tsuim innti, mar ná cuimhnighid siad – na daoine óga – uirthi i n-

aon chor, beag ná mór’. Cuireann sé béim ar an dearcadh diúltach atá acu i leith na Gaeilge. Pléann sé na féidearthachtaí atá ar fáil dóibh ann ach is údar inní dó nach dtapaíonn siad an deis seo; ‘Rud eile, tá halla breagh fairsing i gCill Mhic Thomáisín, a tógadh le haghaidh lucht léighte na bpáipéar chun iad do choiméad ó’n ólachán acht tá sé dúnta le fada. Badh bheannuighthe an t-ath-osgailt air é, coisde cheanntair Dhúithce Phaorach seilbh do thógaint ann chum misnigh Banban do mhúsgailt san gcomharsanacht’ (‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *An Claidheamh Soluis* 22 Lúnasa 1903). Tá a chuid feirge le tabhairt faoi deara anseo agus creideann sé go mb’éigean na daoine óga a spreagadh i leith na Gaeilge.

1.4 Ó Shasana go Béal Feirste (ón mbliain 1904)

I ndiaidh dhá bhliain a chaitheamh i Learpholl, aistríodh go Béal Feirste é i 1904. Faoin am seo, bhí Ó Ciarghusa tosaithe ar aistí agus ar scéalta a fhoilsiú in irisí agus bhain sé an dara duais san Oireachtas i 1904 as ucht a shaothair dar teideal ‘Stair achomair i gcóir leanaí’ (Breathnach & Ní Mhurchú 1990: 79). Léiríonn ‘An Mhuintir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch Labhráis)’, an dúil a bhí aige ról gníomhach a ghlacadh in imeachtaí Gaelacha cosúil leis an Oireachtas: ‘Agus é i mBéal Feirste, d’fhreastaladh sé gach bliain ar fheiseanna thart timpal na tíre. Is cuimhin leis gur thaistil sé chomh fada ó dheas le Cill Áirne le bheith i láthair ag an Oireachtas. Bhuaigh sé duais ina na comórtaisí liteartha an bhliain chéanna (‘An Mhuintir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch Labhráis), 1955). Fad is a bhí sé féin agus a chlann i mBéal Feirste, bhí siad ina gcónaí ar Bhóthar Aontroma ar dtús. D’aistrigh siad ansin go Páirc Chichester, áit ar rugadh triúr dá chlann: Fionnuala, Colm agus Ciarán. Bhí clann Sheáin Uí Chatháin ina gcónaí in aice leo. Chreid Caitlín Ní Chiarghusa gur d’aon ghnó tharla sé seo. ‘They were Irish speakers and the father was an Excise Officer as was my father. They played with us, and I’m sure we lived beside them so we that we need not speak English’ (Uí Chochláin 1968: 12). Bhunaigh Ó Catháin Coláiste

Chomhghaill i 1905 ansin. Coláiste oiliúna d'ábhair oidí ab ea é, suite i mBéal Feirste. Dar le Breathnach & Ní Mhurchú: 'bhí Seán ar dhuine de na Muimhnigh úd a bhíodh ag teagasc na Gaeilge i gColáiste Chomhghaill ann' (1990: 79). Bhí sé de nós ag teaghlach Uí Chiarghusa filleadh ar Phort Láirge gach samhradh ar a laethanta saoire. Bhí sé de nós acu dul go Baile na Cúirte, áit dhúchais mná céile Sheáin agus go dtí an Rinn (Uí Chochláin 1968: 14).

Luann Caitlín ina dialann gur rugadh a deirfiúr ann ar 28 Iúil, 1906: 'Fionnuala was born on July 28, 1906. She was a tiny baby when we went on our annual holiday to "honee" (Uí Chochláin 1968: 4). Tagraíonn sí anseo do "Clonea" nó 'Cluain Aodha' i nGaeilge. Tá an áit seo i mbarúntacht na nDéise lasmuigh den Drum, cosúil le Coill na Gráinsí, áit dhúchais Mhac Uí Chiarghusa (Power 1952: 88). Tuigimid ón méid seo go raibh a chlann an-óg le linn dóibh teacht ar na turais seo go Port Láirge. Ba ghnách leo samhradh a chaitheamh sa Rinn chomh maith. Léiríonn fianaise ó scéala báis Sheáin go raibh sé de nós aige filleadh ar a áit dhúchais chun dul i dtaithí ar an nGaeilge a bhí foghlamtha aige le linn dó a bheith i Sasana: 'I Londain a fuair sé eolas ar an teangain den chéad uair ach thagadh sé ar ais ar a laethe saoire go dtí a chonndae dúchais chun go gcuirfeadh sé slacht ar an eolas' ('An Mhuintir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch Labhráis), 1955). Is léir ón méid seo nach bhfuil an fhianaise maidir le cúlra Uí Chiarghusa i dtaca leis an nGaeilge lánsoiléir. Is féidir a rá gur fhoghlaim sé scríobh na Gaeilge le linn dó a bheith i Londain. Deir Breathnach & Ní Mhurchú 'Bhíodh sé [Seán] sa Rinn gach samhradh ag foghlaim ón gcéad uair a cuireadh rang ar siúl ann i 1904' (1990: 79). Bhí sé ann nuair a bunaíodh Coláiste na Rinne. 'At this time Ring College was started and he was one of the subscribers. We spent one winter holiday there with him early on' (1968: 7). Deir Caitlín: "Some people say Pa was mean about money, he was not generous certainly, but nevertheless he subscribed to every Gaelic movement and later to the Sinn Féin Loan, when very few did

so and he never made money out of it”. Cabhraíonn an fhianaise seo linn tuiscint a fháil ar an dúil a bhí ag Ó Ciarghusa a bheith páirteach sa ghluaiseacht teanga pé áit a raibh sé.

Chuir Pádraig Ó Cadhla, an Dochtúir Micheál Ó Síothcháin, an Dochtúir Risteárd de Hindeberg, Diarmuid de Stóice agus Séamus Ó hEodhasa nó ‘An Fear Mór’ mar is fearr aithne air, Coláiste na Rinne ar bun i 1905 (Mac Craith 2005: 6-8). Chuir siad ranganna Gaeilge agus céilithe ar siúl agus ba í an aidhm a bhí acu ná an Ghaeilge a chur chun cinn. Sa bhliain 1912, d’fhoilsigh Ó Ciarghusa alt i mBéarla dar teideal ‘Indiu agus Indé in Ring’ sa nuachtán *The Catholic Bulletin*. Caitheann an fhianaise seo solas ar an gcaidreamh maith a bhí aige le bunaitheoirí an Choláiste seo: an Dr Ó Síothcháin agus Pádraig Ó Cadhla, ach go háirithe. Sa chuid seo, déanann sé cur síos ar cheann Heilbhic, suite ar leithinis na Rinne. Tá Heilbhic fiche míle ó Chill na Gráinsí (Power 1952: 52). ‘... But Ring anyway began to have an early fascination for me. From the high-road passing outside Donnchadh Ruadh’s grave at Newtown, Helvick light over twenty miles away to the west is the one thing that catches the eye’ (*The Catholic Bulletin*, ‘Indiu agus Indé in Ring’ 1912: 344).

Pléann sé an lámh in uachtar a bhí ag an mBéarla sa Rinn ó thosach an chéid seo caite. ‘I, therefore, on many a Summer day, as I lay stretched alone on the Head top, felt myself wondering was the Irish I heard all about me from the natives going to be let die with those who now spoke it, and did the cold, white, coast-guard village beneath me, and the speech of its inmates represent an outpost of a coming inevitable English civilisation for Ring? (*The Catholic Bulletin*, ‘Indiu agus Indé in Ring’ 1912: 344). Léiríonn sé go raibh sé i láthair nuair a bhí ranganna Gaeilge á múineadh ann; ‘...the summer session was about to commence; Doctors Sheehan and Henebry had arrived to conduct classes, and so, as Pádraig Ó Cadhla turned the key in the door, and with beaming face, admitted us to the sight of maps and charts

and desks and all the paraphernalia of a regular school. I thought of many things. I thought particularly of one thing. In the midst of the hurly-burly of commencing business my mind went back to that summer on Helvick and to the young priest walking to and fro on the cliff-bank below. But for *him* there would not be this awakening' (*The Catholic Bulletin*, 'Indiu agus Indé in Ring' 1912: 347). Is fianaise í seo ar laethanta tosaigh an Choláiste agus tugann Ó Ciarghusa le fios go bhfuil sé fíor-bhuíoch den Athair Ó Síothcháin as ucht gach a ndearna sé do Choláiste na Rinne. Deir Nicolás Mac Craith (2005:7) gur thosaigh Pádraig Ó Cadhla ag cur ranganna Gaeilge ar siúl i 1902 sa Rinn (Aistríodh chuig an Rinn é). Bhí cíocras ag cuairteoirí teacht anseo chun an Ghaeilge a fhoghlaim, mar thoradh air seo. Aithníonn Ó Ciarghusa gur figiúir lárnach ab ea Ó Cadhla i dtimpeallacht na scoile, ach go háirithe.

'I am not likely to forget that Summer. I need not detail the delights of it – the lectures in or out of doors as the weather permitted; the ceilidhthe in the gloamings with Dr. Henebry presiding and the surging audience, a veritable sea of tradition, pulsing in sympathy as pipers played or singers sang; the Sunday cycle runs to Ardmore or Lismore or the Comeraghs; the night rides home down the mountain road above the shimmering bay and harbour lights; above all' (*The Catholic Bulletin*, 'Indiu agus Indé in Ring' 1912: 347). Déanann Ó Ciarghusa cur síos ar na himeachtaí Gaelacha a bhí ar siúl sa Choláiste sna blianta tosaigh agus léiríonn an fhianaise seo gur ghlac sé féin agus a chlann páirt iontu. 'The company of that body of grand, young Gaels so much at home and so happy amongst the kindly people!' Tugann Ó Ciarghusa le tuiscint dúinn go raibh ag éirí go maith leis an scoil, gach ar bhain leis an gcultúr Gaelach a chur chun cinn. 'One recollection more – a recent one. Before last October I hadn't been to Ring for nearly three years. I had, of course, been kept posted as to developments there. In the first place, I had got Dr. Sheehan's books – "Cnó Coilleadh Craobhaighe," "Cnuasacht Trágha" and "Árthrach an Óir" - as they came out, and had read them until every seanchaidhe that contributed to them seemed to be known

to me personally' (*The Catholic Bulletin*, 'Indiu agus Indé in Ring' 1912: 347). Tuigimid díograis agus dílseacht Uí Chiarghusa i leith gach ar bhain leis an nGaeilge agus le Coláiste na Rinne. Bhí fonn air aithne a chur ar na seanchaithe a bhí luaite ag Ó Síothcháin ina leabhair.

'Then I had heard that the schoolhouse above alluded to had quickly grown too small for the calls upon it and that its founders had perforce to look for a more ambitious building. Finally - the reader recollects that the blotch of bare walls cutting the sky-line west from Helvick - finally, I had heard that my dream of *it* as an Irish College had been realised!' (*The Catholic Bulletin*, 'Indiu agus Indé in Ring' 1912: 347). Mar a dúradh níos luaithe níor cuireadh Coláiste na Rinne ar bun go dtí 1905 agus is fianaise í seo ar a laethanta tosaigh, dar le Seán. Cuireann sé síos ar an bhfoirgneamh athchóirithe a bhí mar chuid den choláiste; 'That it and the grounds around it had been secured for the Gaelic League. That the building had been roofed and filled up with every modern appliance and convenience as a residential college. That it had been opened as a College and that, in addition to its secondary school work all year round, 250 students had, for last summer session, come from all the ends of Ireland to prove that the faith of Dr. Sheehan and those who had supported from the first had not been misplaced' (*The Catholic Bulletin*, 'Indiu agus Indé in Ring' 1912: 347). Tugann Ó Ciarghusa cuntas ar an tóir a bhí ar an gColáiste nuair a dhéanann se cur síos ar líon na ndaltaí a bhí ann chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Pléann sé a chuid sástachta de bharr na dea-oibre seo; 'And when later on I walked with Pádraig Ó Cadhla, around the grounds and then from class-room to class-room and kitchen to refectory, and dormitory to library, and along the corridors by the bathrooms and private sleeping apartments of the building itself, I could scarcely believe that it was less than three years since I had been in Ring before or that when I was last there all this was not!' (*The Catholic Bulletin*, 'Indiu agus Indé in Ring' 1912: 348). Cuireann na hathruithe agus na forbairtí seo áthas an domhain air.

Nuair a d'fhill Ó Ciarghusa agus a chlann ar Bhéal Feirste sa bhliain 1909, d'aistrigh siad go Bóthar Cliftonville agus ansin go Cyprus Gardens, Knock i 1911. Chuir siad fúthu i dteach leathscoite. Bhí Peadar Mac Fhionnlaoich agus a chlann ina gcónaí in aice leo. Suirbhéir ab ea é nuair a bhí sé ina chónaí in aice le muintir Uí Chiarghusa ach d'éirigh leis a bheith ina oifigeach Custaim is Máil nuair a d'aistrigh a chlann go Baile Átha Cliath níos deireanaí. Tugann Dialann Chaitlín léiriú soiléir dúinn ar imeachtaí a clainne le linn dóibh a bheith ann. Deir sí; 'While in Knock my father and mother were very involved in Gaelic League and Parish affairs – Whist Drives, Concerts etc.' (1968: 12). Léiríonn sé seo nach raibh drogall ar a chlann páirt a ghlacadh i ngníomhachtaí an Chonartha. Insíonn Caitlín go raibh sé de nós ag Dubhghlas de hÍde teacht chuig na feiseanna i mBéal Feirste. 'Douglas Hyde came to the Feis in Belfast and my mother often told me he kissed me when he heard me sing in Irish' (1968: 12). Tugann sé seo léiriú dúinn ar an gcaidreamh a bhí ag figiúirí tábhachtacha na hÉireann le muintir Uí Chiarghusa.

Tugann Dialann Chaitlín léiriú dúinn ar na daoine liteartha agus cultúrtha a bhí mar chuid de ghluaiseacht na teanga sna laethanta seo. Cuimhníonn sí siar ar an bplé a bhí ag na daoine mórtimpeall uirthi le linn a hóige: 'I remember a lot of talk about Alice Milligan, Douglas Hyde, Katherine Tynan, Francis Joseph Briggan, and some priest whose name I think was Fr. Fullerton' (1968: 9). Léiríonn sé seo go raibh sé de nós ag a hathair a bheith i gcomhlúadar dhaoine aitheanta, mór le rá na hÉireann. Bhí dúil mhór aige i rudaí nua a fhoghlaim, rudaí faoi Éirinn agus litríocht na tíre ionas gur féidir leis cur lena chuid eolais. Taispeánann sé seo ní hamháin go raibh suim aige in imeachtaí Gaelacha, ach gur chaith sé a dhúthracht chun litríocht na hÉireann a fhoghlaim chomh maith. Nuair a d'fhill clann Uí Chiarghusa ar Bhaile na Cúirte i rith an tsamhraidh, deir Caitlín go raibh sé de nós ag a hathair dul ag rothaíocht, nuair a bhí feis ar siúl, chun focail na n-amhrán de chuid amhránaithe na gceantar

tuaithe seo a scríobh síos. Deir Dialann Chaitlín; “...taking down the words of songs from singers in the countryside. He had a phonograph and took recordings of the songs from these people. I think some of the records were given to him by Dr. Henebry, the well known Professor of Celtic languages in Cork University” (1968: 19). Rinne Ó Ciarghusa gach iarracht rudaí nua a fhoghlaim a chuirfeadh feabhas air féin i mbealach ar bith faoin ngrian agus is léir é seo ón bhfianaise atá curtha i láthair anseo.

Anuas air seo, is trína shaothar iriseoireachta a fheicimid nár chuir sé stad riamh lena chuid díograise ar son na cúise. D’fhoilsigh sé alt i gcuimhne ar Thadhg Mac an Bháird (1856-1931) i 1931. ‘Faoi 1901 is sa roinn Chustaim is Máil a bhí sé, é ag obair mar oifigeach scrúdaithe den chéad ghrád’ (Breathnach & Ní Mhurchú 1992: 47). Léiríonn Ó Ciarghusa an t-ardmheas a bhí aige air agus tugann sé le tuiscint chomh maith gur fhreastail siad go rialta ar na cruinnithe Gaelacha i mBéal Feirste; ‘Bheadh sé sin breis agus cúig bliadhna fichead ó shoin, is dóigh liom. Do chuireas aithne ar Thadhg tamall i n-a dhiaidh sin agus do casthaoi ar a chéile go minic sinn, mar ba bheag seachtmhain ná bíodh cruinniughadh de mhuinntir na Gaedhilge i n-áit éigin sa chathair agus ba gheas d’aon Ghaedheal gan bheith ag gach cruinniughadh...’ (*The Leader*, ‘Tadhg Mac an Bháird’, 28 Feabhra, 1931). Léiríonn sé seo an dúthracht a bhí ag na Gaeil freastal ar na cruinnithe Gaelacha seo. ‘...Dála an scéil, nach iomdha sin Gaedheal a bhfuil cáil anois air do bhíodh ag na cruinnighibh i mBeul Feirste – “Conán Maol” agus “Beirt Fhear” go ndeindh Dia trócaire ortha; agus “Cú Uladh” agus “Feargus Finnbhéil” agus “Cos Obann” agus Seán Ó Catháin (*The Leader*, ‘Tadhg Mac an Bháird’, 28 Feabhra, 1931). Taispeánann sé go raibh sé de nós ag na hoifigigh Chustaim is Máil agus scríbhneoirí tábhachtacha na Gaeilge teacht le chéile anseo. Léiríonn fianaise ó scéala báis Sheáin gur bhuail sé leis na gníomhaithe teanga céanna i Sasana agus i mBéal Feirste: ‘Thug sé tamall i Learpholl agus, ina dhiaidh sin, i mBéal Feirste, mar ar chas sé arís leis an dream a bhí páirteach leis sa ghluaiseacht i Lonndain – Beirt Fhear, Cú Uladh agus scríbhneoirí eile na huaire sin’ (‘An Mhuinntir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch

Labhráis)', *The Irish Press/Scéala Éireann*, 25 Meitheamh 1955). Mar a léiríodh thuas, tá an patrún céanna le tabhairt faoi deara maidir le clann Uí Chiarghusa. Bhí sé de nós aige féin cloí le teaghlaigh na n-oifigeach custaim is máil agus leosan a raibh baint de shaghas éigin acu leis an gcultúr Gaelach nó leis an nGaeilge.

1.5 Ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath

D'aistrigh clann Sheáin go Baile Átha Cliath sa bhliain 1914. Bhí siad ina gcónaí in uimhir 87 An Cuarbhóthar Theas, Cill Mhaighneann. Léiríonn Caitlín gur iomaí aeraíocht nó feis bheag a bhí ar siúl i 1914 i mBaile Átha Cliath; 'There were a lot of Aerideachtanna held around the country after we came to Dublin in 1914. I distinctly remember one held near Dolphin's Barn in a field. Padraig Pearse spoke that day. He was earnest and sincere and had a good speaking voice, no amplifiers at that time. At another Aeridheacht held in St. Enda's school, Michael Collins spoke. He gesticulated and shouted and his hair fell down into his eyes and he shook it back impatiently. He spoke in English, as did Pearse except for a few opening remarks in Irish. The speeches were to arouse the people and put spirit into them' (Uí Chochláin 1968: 23). D'fhan siad i mBaile Átha Cliath go dtí 1936. Fad is a bhí clann Sheáin anseo, d'éirigh duine d'iníonacha Uí Chiarghusa tinn le linn dó féin a bheith i bPort Láirge. Brighdín ab ainm di agus d'éag sí sa bhliain 1916 (Páipéir Bhaile Bhaid 1914). Deir Caitlín go dtéadh a hathair agus a máthair ag Aifreann sa Charnán, as sin amach. Le linn na tréimhse seo, bhí caidreamh maith acu le muintir Troy. Bhí Caitlín an-chairdiúil le hÚna Troy, cailín a bheadh ina húrscéalaí, agus ina drámadóir níos déanaí. Bhí Seán Ó Ciarghusa an-tógtha lena hathair; dlíodóir ab ea é agus bhí sé ar son Sinn Féin (Uí Chochláin 1968: 20). Toisc go raibh ar Chaitlín filleadh ar an Rinn gach Iúil, chun freastal ar ranganna Gaeilge, ba ghnách leis an gclann ar fad dul ann. I 1920, thóg siad teachín ar cíós (Uí Chochláin 1968:

21). Chaith siad na laethanta ag dul timpeall na háite agus freastal ar dhinnéir agus ar na céilithe. Deir Caitlín go raibh gluaiseacht na teanga ag dul ó neart go neart i rith an ama seo (Uí Chochláin 1968: 22). Bhí sé de nós ag an bpolaiteoir iomráiteach, Cathal Brugha (1874-1922) cuairt a thabhairt orthu. Polaitheoir ab ea é agus ba fhigiúir tábhachtach é i gCogadh na Saoirse (1919-21).

I rith Iúil 1920, fad is a d’fhan siad sa teachín sa Rinn, chaith Seán a chuid ama ag ceartú scrúduithe idirmhéanacha (Uí Chochláin 1968: 23) agus ní raibh cead ag Caitlín na scrúdaithe seo a dhéanamh i rith na bliana seo toisc go raibh a hathair ina scrúdaitheoir. Mar is gnách, bhí go leor le rá ag Ó Ciarghusa, i ndiaidh am a chaitheamh anseo sna fichidí. Ní mó ná sásta a bhí sé le staid reatha na Gaeilge sa Rinn, um an dtaca seo. Ba é an t-alt a d’fhoilsigh sé i 1929 an chéad uair a rinne sé tagairt do staid na Gaeilge ina áit dhúchais sna fichidí. Ar 20 Aibreán, 1929, in alt dar teideal ‘An Rinn’, léirigh sé a chuid sástachta go bhfuil an Ghaeilge i mbéal pháistí na Rinne; ‘badh thruagh leat an trí fichid leanbh do bhí tar éis teacht ó cheithre árdaihbh Éireann ann ag féachaint dóibh go scáthmhar ar an bhfógra san halla- “Ní áit do Bhéarla é seo,” mar ná raibh cosc a ngábhaidh de Ghaedhilg aca. Táim ann anois arís agus tá an trí fichid leanbh sin, agus fiche eile a tháinig ó shoin i n-a dteannta, ag súgradh im’ thimcheall agus iad uile ag stealladh Gaedhilge le gaoith. Tá rud eile ann. Tá meitheal fear ag tógaint tighe nua scoile sa mhacha agus iad, idir saoir agus eile, ag cainnt Gaedhilge le n-a chéile agus le gach aoinne...’. Ar thaobh amháin, cuireann sé áthas air go bhfuil an méid sin páistí tagtha chun na Rinne chun an Ghaeilge a fhoghaim. Is cúis mhór áthais dó é go bhfuil an Ghaeilge ar chumas na bpáistí agus i mbéal na n-oibrithe i 1929. Ar an taobh eile den scéal, níl sé pioc sásta; ‘Má tá an Ghaedhilg ag dul chum cinn go buacach i Scoil na Leanbh sa Rinn, tá sí ag dul i ndiaidh a chúil sa Rinn féin’ (*The Leader*, ‘An Rinn, 29 Aibreán 1929). Ní mó ná sásta atá Ó Ciarghusa nach labhraíonn tuismitheoirí na Rinne an Ghaeilge lena

bpáistí. ‘Ní labhrann aithreacha ná máithreacha na h-áite Gaedhilg le n-a gclainn, ná ní h-aon mhaith bheith a rádh leó í labhairt leó. Ní’l i ndán do sna leanbhaidh, dar leó, acht Aimerica, agus ní’l aon ghnó de’n Ghaedhilg annsúd’ (*The Leader*, ‘An Rinn, 29 Aibreán 1929). Cuireann sé sin an-díomá agus fearg air chomh maith, go bhfuil a fhios acu go léir nach mbeadh an Ghaeilge ag teastáil uatha nuair a bheidh orthu dul ar imirce thar lear.

Díreach mar a rinne sé i ngach áit eile, chuaigh Ó Ciarghusa go cruinnithe an Chonartha le figiúirí mór le rá na Gaeilge, le linn dó a bheith i mBaile Átha Cliath. Caitheann an fhianaise seo solas ar shuim na nGaeilgeoirí gluaiseacht na teanga a chothú sna tríochaidí, i bpríomhchathair na hÉireann, Baile Átha Cliath. Tá an léiriú seo le feiceáil san alt thuas dar teideal ‘Tadhg Mhac an Bháird’. Léiríonn sé gur fhreastail sé féin agus Tadhg ar na cruinnithe seo. ‘Ní theagmhuighmís chómh minic le n-a chéile ó tháinigamar go Baile Átha Cliath acht do bhí aon áit amháin a mbíodh sé (Tadhg Mhac an Bháird) le feiscint gan teip ann gach ceann míosa, ba é sin cruinnighadh Cuallachta Lorcáin i Sráid Gháirdinéir. Ní dócha gur chaill sé oiread agus aon chruinniughadh amháin ó cuireadh an Chuallacht ar bun’ (*The Leader*, 28 Feabhra 1931). Tuigimid ón méid seo gur fhan na hoifigigh Chustaim is Máil i gcomhluadar a chéile pé áit a raibh siad. Tugann Ó Ciarghusa léiriú dúinn ar cé chomh dáiríre is a bhí Tadhg Mac an Bháird agus an hoifigigh eile faoi chúis na teangan um an dtaca seo.

Bhí sé ina eagarthóir ar nuachtán Gaeilge dar teideal *An Squab* idir 1924 go 1926. Léirigh an Comhar Drámaíochta a dhráma *Na Díbeartaig ó Shean-Shasana* ar 2 Samhain 1925 (Breathnach & Ni Mhurchú 1990: 76). D’fhan clann Sheáin i mBaile Átha Cliath go dtí 1936 agus d’fhoilsigh sé an t-alt deiridh ar 26 Nollaig, 1936. D’éirigh sé as a bheith ina oifigeach Custaim is Máil sa bhliain 1937 agus d’fhág siad slán ag cathair Bhaile Átha Cliath chun

aghaidh a thabhairt ar Dhún Laoghaire. D'fhoilsigh sé úrscéalta chomh maith le linn na bhfichidí agus na dTríochaidí. D'fhoilsigh sé *Geantraighe* (1928); scéalta grinn a ghnóthaigh bonn óir dó i gcomórtais Aonach Tailteann (Breathnach & Ní Mhurchú 1990: 79); *Onncail Searlaí* (1930); sa saothar seo, caitheann Ó Ciarghusa solas ar chuimhní a óige ina áit dhúchais lena uncail Searlaí agus a dheartháir. Déanann sé tagairtí don nádúr chun léiriú a thabhairt dúinn ar aoibhneas na laethanta seo. Ina theannta sin, d'fhoilsigh sé leabhar dar teideal *Ar mo mharanadh dom* (1933). Tá tábhacht an bhéaloidis ar mhaithe le caomhnú agus saothrú na Gaeilge mar théama lárnach ag Ó Ciarghusa sa leabhar seo. Arís eile, léiríonn sé go raibh ár dteanga dhúchais i mbaol a báis de bharr an chultúir Ghallda. Pléann Ó Ciarghusa téama an ghrá agus téama na féiniúlachta toisc go luann sé saothair Shakespeare agus Dante ach díríonn sé isteach ar théamaí an náisiúnachais agus an tírghrá, ach go háirithe.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh sé *Bun an dá abhann* (1933); tugann sé seo léiriú dúinn ar imeachtaí Óglaigh na hÉireann le linn Chogadh na Saoirse agus ar an dochar a rinne siad do stáisiún na bpóilíní sna bailte beaga. D'fhoilsigh sé leabhar dar teideal *Cloch Labhrais* (1943); tugann Ó Ciarghusa sraith scéalta dúinn sa saothar seo ar a chomharsana áitiúla agus ar na cruinnithe a bhí ag na Dúchrónaigh. Pléann sé téama eile, cearta na mban agus gluaiseacht na sufraigéide i leabhar eile dar teideal *Dioghlaím* (1947). Caitheann sé solas ar thábhacht an chultúir Ghaelaigh athuair i leabhar eile dar teideal *Mórtas cine agus aistí eile* (1957). Cuireann cultúr na hÉireann i gcomparaid le cultúr na Gréige agus na Róimhe sa saothar seo. *Greann is gaois* (1947); *Cinneamhna Dé agus aistí eile* (1953) agus *Gearrscoil: léachta don aos óg* (1960) at t-ainm a bhí ar shaothair eile dá chuid. Fuair bean chéile Uí Chiarghusa bás sa bhliain 1955 agus fuair sé féin bás ar 1 Aibreán, 1956.

1.6 Conclúid

Ba í aidhm na caibidile seo ná léargas a thabhairt ar chúlra Sheáin Uí Chiarghusa agus ar an mbaint a bhí aige le Conradh Gaeilge thar lear agus in Éirinn, araon. Ar dtús, tugadh cur síos ar a áit dhúchais agus ar a chlann. Leanadh ar aghaidh le plé a dhéanamh ar a óige, a laethanta scoile agus ón uair ar fhág sé slán ag an Rinn, nuair nach raibh ach fiche bliain slánaithe aige. Cuireadh fianaise i láthair maidir leis an ról gníomhach a bhí aige mar bhall de Chraobh na Fáschoille ó dheireadh an naoú haois déag. Tuigimid paisean agus grá Sheáin Uí Chiarghusa i leith na Gaeilge ón dúthracht a bhí aige fanacht dilís do chúis na Gaeilge, pé áit a raibh sé. D'éirigh leis an sprioc seo a bhaint amach trí fanacht i gcomhlúadar gníomhaithe mór le rá na Gaeilge agus trí fhreastal ar chruinnithe an Chonartha chomh maith. Ní hamháin gur chuir sé suim i ndul chun cinn na teanga in Éirinn ach léiríonn an fhianaise seo go raibh suim mhór aige i ndrámáíocht Ghaelach agus i ngach ar bhain leis an nGaelachas i Learpholl, i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath. Bainfear úsáid as a shaothar iriseoireachta chun tacú le mo chuid smaointe ar imeachtaí a shaoil. Caithfear súil níos mine ar na foinsí sin i gcorp an tráchtais seo. Sula ndéanfar plé ar mhóorthéamaí shaothar iriseoireachta Uí Chiarghusa, caithfear súil ar chúlra ré na hiriseoireachta Gaeilge.

Caibidil a Dó

Comhthéacs na hAthbheochana agus comhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge

2.0 Réamhrá

Is í aidhm na caibidile seo ná plé a dhéanamh ar choincheap na hAthbheochana i gcomhthéacs na Gaeilge agus na hÉireann. Fiosrófar staid na Gaeilge sa naoú haois déag in Éirinn agus pléifear na fáthanna éagsúla a ndeachaigh an teanga i léig le linn na haoise seo. Fiosrófar na smaointe agus na tuairimí a spreag tús na hAthbheochana trí léiriú a thabhairt ar an stair intleachtúil agus ar an ngluaiseacht smaointeoireachta as ar fhás idé-eolaíochta na hAthbheochana, sa dara leath den naoú haois déag. Caithfear súil níos mine ar choincheap an náisiúnachais chultúrtha a bhí mar chúlra bhunús na gluaiseachta seo. Anuas air seo, pléifear an tionchar a d'imir na smaointe seo maidir le tábhacht na teanga i sainfhéiniúlacht an náisiúin, ar mheon Thomáis Dáibhis agus de hÍde, mar shampla, a chuirfeadh tús le Conradh na Gaeilge níos deireanaí. Chun tuiscint a fháil ar bhunús na hAthbheochana, caithfear foinsí na gluaiseachta seo a iniúchadh agus a athbhreithniú ionas go mbeidh loinnir bhreise tuisceana againn ar phríomhathbheochanóirí na linne seo. Déanfar anailís ar spriocanna na n-eagraíochtaí cultúrtha a bhí curtha ar bun ag deireadh an naoú haois déag agus ar a éifeachtaí is a d'éirigh leo na spriocanna a bhí curtha rompu, a bhaint amach. Caithfear solas ar an ról a bhí ag Conradh na Gaeilge, ach go háirithe, i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha agus mar theanga scríofa, ar chonair na hAthbheochana. Féachfar ar an tionchar a d'imir an eagraíocht seo ar an nGaeilge agus ar athnuachan an chultúir Ghaelaigh. Fiosrófar an ról a bhí ag nuachtáin is tréimhseacháin Ghaeilge mar chuid d'uirlisí tarrthála na Gaeilge (Uí Chollatáin 2008: 5) chun comhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge a phlé. Ina theannta sin, pléifear an ról a

ghlac Ó Ciarghusa mar scríbhneoir ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús na fichiú haoise.

2.1 Staid na Gaeilge agus leathnú an Bhéarla sa naoú haois déag

Ní miste cúlra staid na Gaeilge a mhionshonrú le linn an naoú haois déag i dtús báire. D’imir an Gorta Mór agus bunú na Scoileanna Náisiúnta sa bhliain 1831 tionchar mór ar mheathlú na Gaeilge (Jones 2006: 5). Toisc go raibh seasamh níos fearr ag na deasghnátha chultúir Ghallda ná mar a bhí ag na cinn Éireannacha, tuigeadh ag an am go rachadh múineadh an Bhéarla chun tairbhe do na páistí scoile (Kiberd 1995: 132). Tugadh neamhaird ar an nGaeilge agus ar na nósanna Gaelacha, dá bharr. Is léir mar sin gur imir fealsúnacht an úsáideachais agus na réasúnachta a bhí go mór chun tosaigh sa Bhreatain ag an am, tionchar ar Ó Conaill agus ar an dream díobh a raibh oideachas orthu, an lucht leighis agus an lucht dlí, mar shampla (Denvir 1994: 11). Tugann sé seo le tuiscint gur beag an meas a bhí ag cuid áirithe de mhuintir na hÉireann ar nósmaireachtaí seanbhunaithe a dtíre féin i rith an ama seo.

2.2 An Rómánsachas agus an Náisiúnachas Cultúrtha in Éirinn

Dar leis an scoláire Hutchinson, scoláire a phléann le teoiric na féiniúlachta náisiúnaí agus Éire mar chás-staidéir aige, baineann an náisiúnachas cultúrtha le géarchéim na féiniúlachta a bhfuil a fréamhacha sa domhan nua-aoiseach (1987: 3). Dearbhaíonn sé go gcumann intleachtóirí na tíre, na filí, na drámadóirí agus na hiriseoirí, idéil na gluaiseachta cultúrtha seo. Ar an ábhar seo, deir Cormier, fear a scrúdaíonn na diminicí

a bhaineann le gluaiseachtaí sóisialta: ‘The central place of culture in the form of patriotic songs, poems and novels in shaping a burgeoning sense of nationhood, makes the imaginative work of the intellectual all the more central for nationalism (2003: 526). Léiríonn sé seo gur cuid lárnach é nósmaireachtaí, amhráin agus seanchas, mar shampla, d’fhéiniúlacht na náisiún go léir. Glactar leis gur féidir bunús Athbheochan na Gaeilge a rianú siar trí Thomás Dáibhis go rómánsachas na Gearmáine agus go teoiricí Fichte, Humboldt agus Herder ag deireadh an ochtú haois déag (Ó Conchubhair 2002: 44, luaite in Rowland 2014: 21). Fealsaimh Ghearmánacha ab ea Fichte, Humboldt agus Herder. Bhunaigh Fichte (1762-1814) gluaiseacht fealsúnachta ar a dtugtar Idéalachas Gearmánach. Bunaitheoir na hOllscoile Bheirlín ab ea Humboldt (1769-1869). Fealsamh ab ea Herder (1744-1803) chomh maith, ach diagraire agus file ab ea é freisin (Ó Conchubhair 2009: 14). Thóg Wilhelm von Humboldt ar theoiric J.G. Fichte faoi thábhacht na teanga i neamhspléachas an náisiúin ‘Language is the external manifestation of the spirit of a nation’ (luaite in Ó Conchubhair 2009: 14). Ar an ábhar seo, tá May den tuairim go raibh an teanga mar ghné shainiúil den náisiúnachas nó fiú ar anam na tíre (Walsh 2012: 61).

D’imir teagasc Humboldt tionchar lárnach ar náisiúnaigh na hEorpa, ar náisiúnaigh na hÉireann ina measc (Ó Conchubhair 2009: 14). Léiríonn Walsh (2012) go ndeachaigh smaointeoireacht an rómánsachais i gcion ar smaoineamh Thomáis Dháibhis (1814 – 1845) a bhí ina bhall den ghluaiseacht pholaitiúil dar teideal Éire Óg ó 1842 go 1845. D’fhógair an Dáibhiseach ‘Ireland must be unsaxonised before it can be pure and strong’ (McMahon 2015: 26). Maíonn Denvir: ‘Ba í an Ghaeilge, dar le Davis, an fál cosanta a bheadh ag an náisiún athchruthaithe’ (1994: 11). Tugann an méid seo le fios gur chreid Dáibhis go mbeadh tionchar nach beag ag an nGaeilge ar dhíghalldú na hÉireann, agus go mbeadh an teanga ina tréith lárnach i sainiúlacht na tíre. Léiríonn sé

seo ní hamháin gur imir smaointeoireacht an rómánsachais tionchar ar náisiúnaigh na hEorpa agus na hÉireann araon, ach tuigimid gur spreag téis Dháibhis agus fealsúnacht Éire Óg Athbheochanóirí na hÉireann ag deireadh an naoú haois déag (Denvir 1994: 11).

Ní hamháin go mbaineann an méid atá ráite thuas le tábhacht na ndeasghnátha mar chuid de shainiúlacht an chultúir dhúchasaigh, ach baineann sé le tábhacht na teanga chomh maith; is é sin tábhacht na Gaeilge. Is léir ón méid seo gur spreag tionchar an rómánsachais athbheochan teangacha, agus is léir gur mhodh éifeachtach é an Ghaeilge chun aigne dhúchais an Éireannaigh a chur i láthair. Thuig lucht na hAthbheochana go raibh dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus an náisiúntacht agus go raibh sainiúlacht na hÉireann mar náisiún neamhspléach ag brath ar theanga agus ar chultúr faoi leith a bheith aici, ag deireadh an naoú haois déag (Ó Conchubhair 2009: 16). Toisc go raibh ról lárnach ag an teanga, creideadh ag an am go raibh an Ghaeilge riachtanach in aimsir na hAthbheochana Éireannaí más rud é go raibh muintir na tíre ag iarraidh spiorad na nGael a spreagadh i leith a bhféiniúlachta (Uí Chollatáin 2008: 88). De dheasca an tseasaimh a bhí ag an nGaeilge mar chuid de náisiúnachas cultúrtha na hÉireann, is léir go ndeachaigh teoiricí na hEorpa faoi thábhacht na teanga i gcion ar Athbheochanóirí na tíre seo. Tugann sé seo le tuiscint gur tháinig éabhlóid ar an gcoincheap maidir le tábhacht na Gaeilge i múnlu shainiúlacht na tíre.

2.3 Tús na gcumann athbheochana agus na bhfoilseachán Gaeilge a lean iad sa naoú haois déag

Spreagfadh mana an Dáibhisigh, mar atá luaite in 2.2 (maidir leis an tábhacht a bhaineann le díghalldú na hÉireann) Dubhghlas de hÍde chun tús a chur le cumainn chultúrtha agus léannta ina dhiaidh sin. Tháinig méadú as cuimse ar líon na gcumann léannta agus cultúrtha i mBaile Átha Cliath, ach go háirithe, sa cheathrú deiridh den naoú haois déag: Cumann Múinteoirí Éireann (1868), Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (1876), Aondacht na Gaeilge (1882) agus Conradh na Gaeilge (1893), gan ach cuid acu a lua. Bhí cuid mhaith de na daoine céanna gníomhach sna heagraíochtaí seo (Denvir 1994: 11). Bhí Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge ar cheann de na heagraíochtaí ba thábhachtaí agus ‘ba mhó tionchar ina measc’ (Denvir 1994: 11). Thuig an eagraíocht seo an tábhacht a bhain le sealbhú na Gaeilge agus bhí macalla theoiric J.G. Fichte (mar atá luaite thuas in 2.2) maidir leis an dlúthbhaint a bhí idir ‘teanga’ agus ‘náisiún’ mar chuid de náisiúnachas cultúrtha, i gcroílár smaointe na heagraíochta seo (Ó hUallacháin 1994: 44). Bhunaigh Dáithí Ó Coimín Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge in 1876 agus ghlac dream na heagraíochta seo le teagasc an Dáibhisigh a raibh mar chuspóir acu an Ghaeilge a choinneáil mar theanga labhartha (Denvir 1994: 10). Bhí caomhnú na litríochta Gaeilge ar cheann d’aidhmeanna eile an chumainn seo agus bhí sé mar sprioc aige litríocht na Gaeilge a sholáthar (1994: 7). Chomh maith leis sin, bhí fonn ar Ó Coimín an Ghaeilge a chur ar churaclam na Scoileanna Náisiúnta. Bhain tábhacht faoi leith leis seo i ngluaiseacht athbheochan na Gaeilge. Thug sé seo tús áite don dlúthcheangal idir an córas oideachais agus tábhacht na Gaeilge.

Sa bhliain 1880, tháinig Aondacht na Gaeilge ar an bhfód agus cuireadh amach an chéad uimhir d'*Irisleabhar na Gaedhilge* in 1882 a raibh mar aidhm aige athbheochan agus saothrú na Gaeilge (de hÍde 1937: 26). Bhain tábhacht nach beag le bunú na hirise sin cé nach raibh mórán daoine sa tír ag an am a bhí in ann Gaeilge a scríobh ná a léamh (Mac Aonghusa 1998: 5). Dúirt Ó hUallacháin nár aontaigh Seán Pléimeann le tuairimí an *Times* i litir in *The Gaelic Journal* agus gur chreid sé go raibh an córas oideachais i gcroílár ghluaiseacht Athbheochan na teanga: 'We are striving to keep the Irish tongue alive...and we wish the Irish to be taught to Irish-speaking children from infancy in the schools' (luaite in Mac Aonghusa 1993: 42). Thuig lucht na hathbheochana go raibh an teanga i mbaol báis. Deir Máirtín (2003: 206) ní hamháin go raibh géarghá ann an Ghaeilge a fhí isteach i gcóras oideachais na tíre ach bhí seanscéalta, amhráin agus aon chomhartha náisiúntachta ag dul i léig. Sa bhliain 1886 bhí práinne na ceiste le tabhairt faoi deara nuair a dúirt de hÍde 'if we cannot spread it we will at least prevent it from dying' (luaite in Mac Aonghusa 1993: 43). Thuig sé gurbh é an Béarla gnáththeanga labhartha i bhformhór na tíre um an dtaca seo. Bhí coincheap an dátheangachais ina thosach ón bpointe seo. Bheadh an Ghaeilge agus an Béarla á labhairt taobh le taobh. Athrú suntasach ab ea é seo toisc nár tugadh aitheantas don Ghaeilge mar ábhar teagaisc sna scoileanna náisiúnta, fiú in áiteanna a raibh sí ina teanga labhartha.

Bhain tábhacht nach beag le dul chun cinn an chultúir eachtrannaigh thar aon ní eile (Coolahan 1981: 21). Léiríonn an fhianaise atá curtha i láthair thuas go ndearna eagraíochtaí cultúrtha cosúil le Cumann Buan-Choiméadta na Gaeilge, ach go háirithe, a ndícheall an Ghaeilge a fhí isteach mar chuid de chóras oideachais na tíre agus chuir siad béim ar an tábhacht a bhain le litríocht na Gaeilge a sholáthar. Ach ní dhearna

eagraíocht ar bith eile iarracht áit thábhachtach a thabhairt don Ghaeilge ar churaclam na scoile agus mar theanga labhartha ag muintir na hÉireann is a rinne Conradh na Gaeilge, a bunaíodh in 1893. Dhírigh an eagraíocht seo ar an tábhacht a bhain leis an nGaeilge agus ar litríocht Ghaeilge a sholáthar do phobal na tíre. Bhí suim ag an gConradh i ngné amháin den athbheochan nach raibh ag na heagraíochtaí eile, is é sin múinteoirí na Scoileanna Náisiúnta a chur faoi oiliúint chun an Ghaeilge a mhúineadh sna scoileanna agus is é sin a bheidh faoi chaibidil sa chéad chuid eile.

Is féidir bunú na heagraíochta seo a rianú siar go téis Thomáis Dháibhis. Bhí rómánsaíocht náisiúnach an Dáibhisigh le tabhairt faoi deara san óráid cháiliúil a thug de hÍde in 1892, dar teideal ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland’ : ‘It has always been curious to me how Irish sentiment sticks in this half-way house – how it continues to apparently hate the English, and at the same time continues to imitate them’ (de hÍde 1892). Bhí sé mar sprioc aige neamhspleáchas cultúrtha agus neamhspleáchas aigne an Ghaeil a chur chun cinn. Theastaigh uaidh bród na nÉireannach a athmhúscailt i leith a dtíre dúchais le go mbeadh íomhá nua athchruthaithe. Cuireadh tús leis an eagraíocht seo ag cruinniú i seomraí Mháirtín Uí Cheallaigh, 9 Sráid Sackville i mBaile Átha Cliath. I measc bunaitheoirí na heagraíochta a bhí i láthair, bhí Dubhghlas de hÍde (uachtarán na heagraíochta), Eoin Mac Néill (an rúnaí), an tAthair Liam Hayden, Tomás Ó Néill-Ruiséil (file), Séarlas P. Buais, Séamus Ó Cogadáin, Tomás A. Ellerker, Pádraig Ó Briain agus Máirtín Ó Ceallaigh (Denvir 1978: 221). Bhí Ó Ciarghusa i láthair an chruinnithe seo agus tá sé seo le tabhairt faoi deara nuair a deir sé in agallamh a rinne sé i 1955, bliain sula bhfuair sé bás; “Chuaigh sé chun Dáithí Ó Ceallaigh, an múinteoir a chuir i gcóir don scrúdú é, d’fheiceáil ... agus cad a bhí ar siúl aige ach an cruinniú inar bunaíodh

Conradh na Gaeilge!” “Martin Kelly’s Civil Service Rooms”, (Cnuasach Bhéaloidas Éireann 1955: 3). D’oibreodh de hÍde agus Mac Néill go tréan ar son mhúineadh na

Gaeilge níos deireanaí. Is ag dul i méid a bhí craobhacha an Chonartha timpeall na hÉireann agus thar lear ó thosach an chéid.

Mar atá ráite thuas, bhí sé mar bhunaidhm ag an eagraíocht seo an Ghaeilge a athbheochan agus a chur chun cinn mar theanga bheo, seanlitríocht a chaomhnú agus ábhar léitheoireachta nua a chur ar fáil i nGaeilge (Uí Chollatáin 2002: 191). Thuig lucht na hAthbheochana ag an bpointe seo go raibh an Ghaeilge ag dul i léig. Mar a luadh sa chéad chaibidil, díospóireacht mhór ab ea inniúlacht na múinteoirí scoile i leith mhúineadh na Gaeilge, um an dtaca seo. Ní raibh béim ar theagasc na Gaeilge i gcoláistí oiliúna na hÉireann. Bhí athnuachan an chórais oideachais ar cheann de phríomhaidhmeanna an Chonartha agus thuig baill an Chonartha gur bhraith slánú na Gaeilge orthu agus ar mhúinteoirí na hÉireann. Tosaíodh feachtas an dátheangachais ag céad Oireachtas an Chonartha i mí an Mheithimh 1899. Cé go raibh an feachtas seo ina ábhar agóide, bhí sé ag dul ó neart go neart ag tús an chéid. I ndiaidh na hoibre a bhí ar siúl ag na heagraíochtaí Gaeilge ar nós Aondacht na Gaeilge agus an Chonartha, bhí coincheap an dátheangachais faoi bhláth faoin mbliain 1904. Bhunaigh an Conradh coláistí Gaeilge i rith an tsamhraidh in áiteanna éagsúla sa tír, do na múinteoirí mar fhreagra chun dul i ngleic leis an ngéarchéim seo.

2.4 Comhthéacs na hIriseoireachta Gaeilge

Ba í an iriseoireacht an dioscúrsa nua scríbhneoireachta a bhí ag teacht chun cinn ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús na fichiú haoise (Uí Chollatáin 2004: 17).

Fiosraíodh na tréimhseacháin agus na nuachtáin mar chuid de ré na hAthbheochana sa chuid seo agus an ról a bhí acu i gcur chun cinn na teanga. Is féidir fréamhacha na hiriseoireachta Gaeilge a rianú siar go dtí an t-ochtú haois déag. Chuir idir nuachtáin agus thréimhseacháin suim sa Ghaeilge ó 1795 nuair a foilsíodh tréimhseachán Gaeilge i mBéal Feirste dar teideal *Bolg an tSolair* i 1795 (Uí Chollatáin 2010: 285). Áitíonn Uí Chollatáin go gcuirfeadh an tréimhseachán a thiocfadh ina dhiaidh seo tús le ré úrnua d’Athbheochan agus saothrú na Gaeilge. *Irisleabhar na Gaedhilge* an t-ainm a bhí air. Luann Uí Chollatáin (2004: 27) go raibh colúnaíocht na Gaeilge, irisí Gaeilge agus irisí “Ceilteacha” tagtha chun cinn i Meiriceá, sa Ghearmáin, i bPáras agus sa Bhreatain Bheag faoi thús na fichiú haois. Tá sé sin soiléir le bunú na hirise Meiriceánaí dar teideal *An Gaodhal* in 1881 le Micheál Ó Lócháin. Bhí tionchar áirithe ag na páipéir Mheiriceánacha ar chúrsaí na tíre seo – mar atá léirithe i gcás *An Gaodhal* ach go háirithe (Ní Uigín 1998: 43). Léiríonn Uí Chollatáin (2015: 302) go raibh ‘irisí agus nuachtáin na Stát Aontaithe ... ag díriú ar phobal léitheoireachta Éireannach, fréamhaithe i sícé an Ghaeil thar lear [...]’ (luaite in Lyons 2019: 231). Léiríonn sé seo go raibh na Gaeil i Meiriceá go mór ar aon eolas maidir leis na díospóireachtaí comhaimseartha na hÉireann toisc go raibh na nuachtáin Ghaeilge ar fáil dóibh.

Ba í an aidhm a bhí leis an bhfiontar seo ná díospóireachtaí a chruthú agus an Ghaeilge a chothú trí na nuachtáin is na tréimhseacháin don diaspora Meiriceánach thall, a léireodh gur ghluaiseacht dhomhanda a bhí san Athbheochan. Comhartha féiniúlachta a bhí ann do phobal na Gaeilge i Meiriceá. Deir Wolf (2017: 125) go raibh pobal na Gaeilge i Meiriceá ina ‘silent Irish-language communities’ (luaite in Lyons 2019: 230) agus shocraigh siad ar úsáid a bhaint as meáin chlóite na Gaeilge ionas go mbeadh a

nguth le cloisteáil i gcomhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge chun Athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn. Cuireann Uí Chollatáin in iúl go raibh cosúlachtaí idir an preas Éireannach-Meiriceánach agus preas na Gaeilge in Éirinn agus go raibh tionchar na hAthbheochana ar an meon faoin nGaeilge soiléir (2015: 300). Bhain athbheochanóirí na fichiú haoise úsáid as na modheolaíochtaí céanna is a bhí in úsáid i Meiriceá (Lyons 2019: 230). Ní feiniméan úrnua ab ea meáin chlóite na Gaeilge agus tugann an fhianaise seo le tuiscint go raibh nasc trasatlantach idir Éire agus Meiriceá. Tamaillín de bhlianta tar éis *An Gaodhal* agus *Irisleabhar na Gaedhilge* a theacht ar an bhfód, foilsíodh *Fáinne an Lae* in 1898 agus *An Claidheamh Soluis* i 1899 (Uí Chollatáin 2004: 15). Bhí cuspóirí faoi leith ag an dá pháipéar: ‘Páipéar iseadh ‘Fáinne an Lae’ i gcóir an tsluaigh i gConnradh na Gaedhilge, agus tá gádh mór le n-a leithéid. Páipéar ab eadh ‘Irisleabhar na Gaedhilge’ i gcóir na sgoilairí agus na ndaoine chuireann spéis i gcúrsaibh sgoiláireachta’. (*Fáinne an Lae* Eagarfhocal, ACS, 12.1.1918, 4). Rinneadh comhcheangal eatarthu i 1900 (Uí Chollatáin 2010: 285).

Bunaíodh nuachtán eile, *The Leader*, sa bhliain 1900 (Delaney 2003: 189). Bhunaigh iriseoir de bhunadh Phort Láirge, D.P. Moran (1864-1936), an nuachtán dátheangach seo a raibh mar aidhm aige sainiúlacht na hÉireann agus tábhacht na Gaeilge a chur chun cinn. Gníomhaí, teoiricí cultúrtha-polaitíochta ab ea D.P. Moran agus bhí clú agus cáil air mar dhuine a chuir náisiúnacht Ghaelach Chaitliceach na hÉireann chun cinn (Delaney 2003: 189). Chuir sé a smaointe chun cinn trí úsáid a bhaint as an nuachtán seo. Mar a léiríodh sa chéad chaibidil, Ardán dátheangach iad na nuachtáin Ghaeilge a raibh mar aidhm acu an Ghaeilge a chur ar aghaidh agus ábhar léitheoireachta a sholáthar do mhuintir na hÉireann le linn ré na hAthbheochana Gaeilge (Uí Fhaoláin 2014: 66). Cé go raibh iriseoireacht an Bhéarla i bhfad chun

tosaigh ar iriseoireacht na Gaeilge, deir Uí Chollatáin go raibh a seasamh féin aici roimh dheireadh an chéad cheathrú den fhichiú haois (2004: 17). Deir Legg (1999: 120) gur follus nach feiniméan úrnua ab ea na meáin Ghaeilge nuair a foilsíodh *An Claidheamh Soluis*: ‘The seeds planted in the decade after the Famine brought changes which influenced Ireland for the next forty years’ (luaite in Uí Chollatáin 2004: 31). ‘Gléasanna tarrthála’ a bhí sna hirisí agus sna nuachtáin ó lár an naoú haois déag ar aghaidh (Uí Chollatáin 2008: 5). Thuig Conradh na Gaeilge go raibh gá le huirlis chumarsáide dá chuid féin a bheith aige a bheadh mar shuaitheantas na gluaiseachta Gaeilge. Ní hamháin gur ghuth poiblí an Chonartha ó 1899 go 1932 é *An Claidheamh Soluis* ach cáipéis stairiúil, litríochta agus teanga do léitheoirí an lae inniu atá ann (Uí Chollatáin 2004: 27). Don chéad uair i stair na gluaiseachta Gaeilge b’ábhar dóchais é an stádas a thabharfaí do thuairimíocht, d’fhealsúnacht agus do pholasaithe na heagraíochta toisc na modhanna cumarsáide a bheith comhionann le heagraíochtaí eile na tíre, go háirithe na heagraíochtaí Béarla (Uí Chollatáin 2004: 27). Thuig lucht na hAthbheochana nach mairfeadh an Ghaeilge muna ndéanfaí iarracht í a fhí isteach i ngnáthshaol na ndaoine (2004: 27). Caitheann na nuachtáin solas ar thréithe de chuid ré na hAthbheochana. Léiríodh go leor gnéithe de shaol na hÉireann sna nuachtáin seo; cúrsaí teanga, cúrsaí litríochta agus cúrsaí oideachais. Tugann sé léiriú ar eachtraí staire agus ar imeachtaí teanga le linn ghluaiseacht na hAthbheochana agus léiríonn an fhianaise seo go raibh níos mó i gceist ná feidhm chumarsáide amháin (Uí Chollatáin 2004: 12). Bhí sé mar aidhm ag an nuachtán seo muintir na hÉireann a mhúscailt i leith a bhféiniúlachta Gaelaí agus tábhacht na teanga agus na litríochta Gaeilge a chur i gcuimhne dóibh.

2.5 Conclúid

Tosaíodh an chaibidil seo le léiriú ar staid na Gaeilge a bhí ag dul i léig sa naoú haois déag, toisc an lámh in uachtar a bheith ag an mBéarla. Pléadh teoiricí an náisiúnachais chultúrtha i gcomhthéacs Athbeochana na Gaeilge agus cuireadh béim ar an dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus náisiúntacht. I lár na caibidile seo, tugtar léiriú ar thionchar teoiricí an rómánsachais a spreag athbheochan teangacha a chuaigh i gcion ar Athbheochanóirí na hÉireann. Spreag sé seo na hathbheochanóirí chun tús a chur le heagraíochtaí cultúrtha agus teanga agus bhí Conradh na Gaeilge ar cheann de na cumainn ba ghníomhaí um an dtaca seo. A bhuí le réabhlóidithe agus bunaitheoirí an Chonartha cosúil leis an gCraoibhín, Pádraig Mac Piarais agus Eoin Mac Néill, rinneadh iarracht an Ghaeilge a fhí isteach sa chóras oideachais ionas go mbeadh an Ghaeilge ina teanga bheo, labhartha don chéad ghlúin eile. In 2.4, fiosraíodh ról na tréimhseachán agus na nuachtán Gaeilge i ndul chun cinn na Gaeilge san fhichiú haois. Críochnaíodh an chaibidil seo le plé ar an ról a ghlac Seán Ó Ciarghusa mar scríbhneoir i dtreo dheireadh an naoú haois déag agus luadh na mórthéamaí a bhí idir chaibidil aige. Is é aidhm na céad caibidile eile ná iniúchadh a dhéanamh ar an leas a bhain Ó Ciarghusa as na meáin chlóite chun na hábhair inní a bhí ina chroí istigh a nochtadh don saol mór agus conspóidí comhaimseartha na fichiú haoise a phlé.

Caibidil a Trí

Saothar iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa

3.0 Réamhrá

Baineann an chaibidil seo le saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa le linn deireadh an naoú haois déag agus le linn na fichiú haoise. Bhí daonra na hÉireann ag dul i léig ó aimsir an Ghorta. Ina theannta sin, bhí an ráta breithe ag titim agus bhí an ráta pósta an-íseal in Éirinn ag an am seo (Ó Conchubhair 2009: 6). Thuig gach tír san Eoraip go raibh orthu aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo ina bealach féin trí aghaidh a thabhairt ar réimsí mar chúrsaí oideachais, spóirt agus bhunú eagraíochtaí (Ó Conchubhair 2009:8). Níorbh ‘aon eisceacht í Éire agus is í Athbheochan na Gaeilge freagra na hÉireann ar an ngéarchéim Eorpach seo’ (Ó Conchubhair 2009: 8). Tá sé sin le tabhairt faoi deara le bunú na n-eagraíochtaí Gaelacha agus le bunú na n-irisí Gaeilge. D’imir an ghluaiseacht rómánsúil a bhí ar siúl san Eoraip i dtreo dheireadh an ochtú haois déag tionchar ar na smaointe a bhí ag Ó Ciarghusa, le linn dó a bheith ag scríobh san fhichiú haois. Téann an ghluaiseacht seo siar go 1784 agus cuireadh béim ar an tábhacht a bhain le caomhnú nósanna tíre, béaloideas agus cultúr na náisiún go léir. Is léir go ndeachaigh sé seo go mór i bhfeidhm ar Ó Ciarghusa toisc go raibh a ailt bunaithe ar an tábhacht a bhaineann le hidéil na hAthbheochana.

Le linn do Sheán Ó Ciarghusa feidhmiú mar oifigeach Custaim is Máil, ba ghnách leis ailt a scríobh i nuachtáin agus i dtréimhseacháin a bhí á bhfoilsiú ag an am. D’fhoilsigh sé a chéad alt i 1903 agus scríobh sé i réimse leathan nuachtán. Is iad seo a leanas ainmneacha na nuachtán agus na dtréimhseachán Gaeilge inar foilsíodh ailt le Ó Ciarghusa: *The Leader*, *An Claidheamh Soluis*, *Fáinne an Lae*, *Misneach*, *An Lóchrann*, *The Catholic Bulletin*, *An Sguab*, *Timthire Chroidhe Naomhtha Íosa* agus *Irisleabhar na Gaedhilge*. Tugtar léiriú ar líon na n-alt a foilsíodh le Ó Ciarghusa iontu le fáil in Aguisín 1 agus in Aguisín 2. D’fhoilsigh sé an chuid ba mhó dá scríbhinní in *The Leader* idir 1929 agus 1936. Baineadh

úsáid as catalóg de chuid Risteáird de Hae dar teideal *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge* mar phríomhfhoinsé eolais faoi shaothar iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa sa staidéar seo. Tá 404 alt dá chuid luaite de Hae ina chatalóg. Léiríonn sé gur fhoilsigh Seán Ó Ciarghusa 315 alt as an 404 alt seo in *The Leader*. Léiríonn foinsí eile go bhfuil níos mó alt foilsithe ag Seán Ó Ciarghusa. Tagraíonn Philip O’Leary do 4 alt a d’fhoilsigh sé in *The Leader* chomh maith, ina shaothar dar teideal *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922- 1939* (2004) agus tagraíonn sé d’alt amháin eile a d’fhoilsigh Ó Ciarghusa sa nuachtán seo i saothar eile dá chuid dar teideal *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881- 1921: Ideology and Innovation*, (1994). Níl na cúig alt seo luaite ag de Hae, mar sin, tá 320 alt foilsithe ag Sean Ó Ciarghusa in *The Leader* ina iomlán.

Bhí líon na n-alt dá chuid sna foinsí eile i bhfad níos ísle, bhí idir alt amháin agus seacht n-alt déag foilsithe aige i nuachtáin eile. Caitheadh súil ar fhoinsí eile sa staidéar seo ina bhfuil ailt Uí Chiarghusa luaite mar aon le foinse de Hae agus foinse Philip O’Leary mar atá luaite thuas. Tá 53 alt a d’fhoilsigh Seán Ó Ciarghusa luaite ag Regina Uí Chollatáin in *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*, sa chatalóg, *Innéacs dátheangach Gaeilge agus Béarla/ A bilingual Index in Irish and English*. Tá 29 alt luaite aici nach bhfuil luaite ag de Hae ná ag O’Leary. Maidir leis *An Chlaidheamh Soluis*, luann de Hae go bhfuil 19 alt foilsithe ag Seán Ó Ciarghusa sa nuachtán seo. Chomh maith leis sin, i saothar eile de chuid Philip O’Leary dar teideal *The Prose Literature of the Gaelic Revival 1881-1921: Ideology and Innovation*, (1994: 209) tagraíonn sé d’alt amháin a d’fhoilsigh Seán Ó Ciarghusa in *An Claidheamh Soluis*. Níl sé seo luaite ag de Hae ná ag Regina Uí Chollatáin. Anuas air seo, Luann de Hae go bhfuil 5 alt foilsithe ag Seán Ó Ciarghusa in *An Sguab* agus luann Philip O’Leary alt amháin eile dá chuid sa nuachtán seo ina shaothar dar teideal *Gaelic Prose in the Irish Free State 1922- 1939* (2004: 582) nach bhfuil luaite ag de Hae. Chomh maith leis sin, luann de Hae gur fhoilsigh Seán Ó Ciarghusa 2 alt in *Timthire Chroidhe Naomhtha Íosa*, alt

amháin in *Irisleabhar na Gaedhilge*, 40 alt in *The Catholic Bulletin*, 15 alt in *Fáinne an lae*, 6 alt in *Misneach* agus alt amháin in *An Lóchrann*. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 440 alt foilsithe ag Seán Ó Ciarghusa ina iomlán agus tá sé seo le feiceáil go soiléir i bhfoirm tábla in *Aguisín* 1 thíos.

‘*Marbhán*’, ‘*Cloch Labhrais*’ agus ‘*Leac Logha*’ na hainmneacha cleite ar bhain sé feidhm astu. Foilsíodh a chéad alt in *An Claidheamh Soluis* i 1903 agus bhí an nuachtán seo dírithe ar phobal ar leith – ar phobal mionteanga ach bhí feidhm leathan leis mar uirlis chumarsáide’ (Uí Chollatáin 2004: 24). Thug an ‘gléas bolscaireachta’ (Uí Chollatáin 2004: 24) nua seo eolas an bhealaigh do Ó Ciarghusa chun tús a chur lena aistear scríbhneoireachta. D’fhoilsigh sé go hócáidiúil sa nuachtán seo anonn go dtí 1924. Is fuinneog ar mheon Gaelach na linne é scríbhinní *An Claidheamh Soluis*, a nochtann tréithe de chuid ré na hAthbheochana, sa dóigh go méadaítear ar ár dtuiscint ar ré bhríomhar, fhuinniúil i stair na Gaeilge (Uí Chollatáin 2004: 23-24). Baineann sé seo le saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa chomh maith. I measc na mórthéamaí eile dá bhfuil aige, tá staid na Gaeilge sna Déise (neamhshuim na nDéiseach i leith na Gaeilge agus i leith obair an Chonartha, dar leis), an Ghaeilge sa chóras oideachais agus tionchar an Bhéarla atá mar phríomhthéamaí aige. Fiosrófar na cuntais a d’fhoilsigh sé ar bháis dhaoine aitheanta na Gaeilge chomh maith.

Is iomaí gné den Ghaeilge sa chóras oideachais atá faoi chaibidil aige, is é atá i gceist ná easpa inniúlachta na múinteoirí i leith mhúineadh na Gaeilge agus na modhanna teagaisc a bhí in úsáid acu (modh an aistriúcháin). Tá níos mó ná 40 alt foilsithe aige ar thionchar an Bhéarla in Éirinn, maidir leis an lámh in uachtar a bhí ag an mBéarla ó thaobh an chultúir agus ó thaobh na teanga de. Anuas air seo, baineann níos mó ná 45 alt le tuiscint Uí

Chiarghusa ar dhearcadh an aosa óig i leith na Gaeilge, dar leis. Is minic a phléann sé neamhshuim agus neamhaird na ndaoine óga mar chuid de théamaí eile chomh maith. Ina theannta sin, tá níos mó ná 25 alt foilsithe aige maidir le tábhacht na drámaíochta Gaeilge agus i dtaobh thábhacht na drámaíochta mar mhodh teagaisc na Gaeilge. D’fhoilsigh sé 40 alt ar bháis daoine aitheanta na Gaeilge. Baineann níos mó ná 100 alt le dearcadh na nÉireannach i leith na Gaeilge agus baineann thart ar 20 alt le múineadh na Gaeilge mar phríomhthéama ach is iomaí alt ina bpléitear múineadh na Gaeilge mar théama tánaisteach. I dteannta na bpríomhthéamaí seo, is iomaí téama agus téama tánaisteach eile atá ann: An tuath agus an chathair, léirmheasanna leabhar, aistriúcháin leabhar ó Bhéarla go Gaeilge, cúrsaí polaitíochta, óráidí Gaeilge agus ceird na hóráideachta.

Maidir le stíl scríbhneoireachta Uí Chiarghusa, chleacht sé stíl thuairisciúil agus stíl an chomhrá ina chuid scríbhinní. Is iomaí eiseamláir chomhaimseartha atá in úsáid aige ó thaobh ábhair agus stíle de. Luann sé Beirt Fhear, Conán Maol, Feargus Finnbhéil, Dubhghlas de hÍde, An Fear Mór, Liam Ó Rinn, an tAthair Ó Duinnín, agus an tAthair Ua Laoghaire, gan ach cuid díobh a lua. Léirítear gur cheap Ó Chiarghusa gur imir na gníomhaithe teanga seo tionchar nach beag air, sa mhéid go raibh ardmheas aige ar a smaointe agus ar an obair a bhí ar siúl acu. Tá Liam Ó Rinn agus Pádraig Ó Séaghdha a raibh ‘Conán Maol’ mar ainm cleite aige, roghnaithe chun anailís chomparáideach a dhéanamh idir a scríbhinní agus scríbhinní Uí Chiarghusa. Rugadh Liam Ó Rinn (1886-1943) i ‘mbóthar an Bhaile Bhoicht’, co. Bhaile Átha Cliath. ‘Bhí sé féin agus a dheartháireacha ag troid san Éirí Amach [1916]’. ‘*Mo Chara Stiofán* (1949) an saothar is aitheantúla dá chuid’ (Breathnach & Ní Mhurchú 1986: 99). Is eisean a rinne an leagan Gaeilge den Amhrán Náisiúnta ‘Amhrán na bhFiann’ (Breathnach & Ní Mhurchú 1986: 100). Is é Pádraig Ó Séaghdha (1855-1928) an dara duine lena ndéanfar comparáid. Rugadh é i gContae Chiarraí. Scríobh Pádraig Mac Piarais faoi in *An Claidheamh Soluis* ar 7 Deireadh Fómhair, 1905: ‘Conán Maol, the most deliberately literary of our writers, has produced the most finished and artistic short stories

that have been written in the Irish language.’ (Breathnach & Ní Mhurchú 1986: 103). Tá dlúthbhaint le tabhairt faoi deara idir ábhar agus smaointe alt na scríbhneoirí seo agus smaointe scríbhinní Uí Chiarghusa, maidir leis na hargóintí comhaimseartha atá faoi chaibidil acu.

Cuirfear anailís chomparáideach i láthair idir scríbhinní Liam Uí Rinn agus Uí Chiarghusa, ar dtús. Scríbhneoir ab ea Liam Ó Rinn a mhair ó 1886 go 1943 (Breathnach & Ní Mhurchú 1986: 99). Aistritheoir, iriseoir, ealaíontóir, criticeoir, craoltóir, scríbhneoir, comhairleoir, smaointeoir, Gaeilgeoir, caomhnóir, léirmheastóir, teangeolaí ab ea Liam Ó Rinn (Daltúin 2013: 16). Cosúil le Ó Chiarghusa, ba mhór an tsuim a bhí aige i gcúrsaí Gaeilge. Bhí modh an aistriúcháin mar ábhar díospóireachta ag an mbeirt acu. I dtús báire, is í aidhm na hoibre seo ná solas a chaitheamh ar na difríochtaí agus ar na cosúlachtaí idir an bheirt scríbhneoirí maidir le hábhar a gcuid alt agus maidir leis an stíl scríbhneoireachta a bhí acu. Ba argóint chomhaimseartha é inniúlacht an fhoghlaimeora Gaeilge i leith cheird an aistriúcháin i gcomparáid leis an gcainteoir dúchais (Daltúin 2013: 185). Dhírigh Ó Rinn isteach ar inniúlacht na scríbhneoirí Gaeilge i leith leabhar a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Ní raibh aon drogall air an milleán a chur ar scríbhneoirí agus ar aistritheoirí a linne. Phléigh sé ceird an aistriúcháin féin agus thagair sé d’obair na múinteoirí scoile ina leith, mar shampla, deir sé: ‘Lasmuigh den dream a aistríonn leabhair don Roinn Oideachais measaim gur beag duine atá inniúil ar aon sórt aistriú dhéanamh ó Ghaedhilg go Béarla. Isé cúis is mó atá leis sin, dar liom, an Ghaedhilg do bheith á múineadh le fada gan aon chongamh ón aistriúchán...nár mhór iarracht láidir chun aistriúcháin do chur á dhéanamh sna scoileanna’ (*United Ireland*, 25 Iúil 1936) (luaite in Daltúin 2013: 182).

Ba ghnách leis ábhar gearáin a chur i láthair a chuid léitheoirí agus chuir sé an milleán ar an gcóras oideachais toisc nach raibh na húdaráis sin ag déanamh dóthain iarrachta ealaín an aistriúcháin a chur i bhfeidhm sna scoileanna. Braitear an méid

feirge a bhí ar Ó Rinn toisc an neamhaird a tugadh ar an nGaeilge, teanga dhúchais na hÉireann, díreach mar a bhí fearg Uí Chiarghusa ag dul i méid le himeacht aimsire maidir leis an ábhar seo. Bhí easpa inniúlachta na múinteoirí i leith cheird an aistriúcháin a mhúineadh do na páistí scoile ar cheann de phríomhthéamaí Uí Chiarghusa chomh maith. Is sampla é seo den fhrustrachas a bhí air agus tuigtear práinne na ceiste sna ráitis seo: ‘Anois, ní mian liom bheith ag fágáil lochta, ach is dóigh liom gurab iad na múinteoirí idirmhéadhonacha na peacaigh is mó...’ (‘Aistriúcháin’ An Ghaedhilg seo chugainn. Seoda snasta’, *Misneach*, 7 Feabhra 1920). Tá roinnt difríochtaí eile idir scríbhinní na beirte ó thaobh na stíle de, mar a léireofar níos deireanaí sa réamhrá. Bhí ailt Uí Chiarghusa easnamhach go leor sa mhéid nár tugadh sonraí cruinne do dhaoine ná d’áiteanna agus tá sé sin le feiceáil in alt a d’fhoilsigh sé i 1931 dar teideal ‘A knowledge of Irish’. A mhalairt atá fíor maidir le scríbhinní Uí Rinn. Léiríonn fianaise ó thráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, go mbíonn baint ag ábhar a alt leis an teideal agus go gcloíonn sé leis ó thús go deireadh (Daltúin 2013: 188).

In ailt Uí Chiarghusa, bíonn sé de nós aige plé a dhéanamh ar níos mó ná téama amháin agus glacann sé tamall air croí na hargóinte a shroichint. Deir Daltúin go dtugann Ó Rinn a thuairimí ar ábhar éigin agus déanann sé léirmheas ar leabhar a raibh an téama céanna mar ábhar lárnach ann (2013: 175). Ina theannta sin, bíonn sé de nós ag Ó Rinn giota a scríobh ‘díreach amach as an leabhar mar léiriú ar na smaointe a bhí aige’ (2013: 175). Tá difríocht stíle agus éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa mhéid go raibh sé de nós ag Ó Rinn úsáid a bhaint as téarmaí agus nathanna cainte nua-aoiseacha ina scríbhinní i gcomparáid le Ó Chiarghusa agus is tréith choitianta í seo dá stíl scríbhneoireachta. Léiríonn sé seo gur tháinig éabhlóid ar na scríbhinní a bhí ar fáil do na léitheoirí le linn na fichiú haoise agus nach raibh an Ghaeilge iata don domhan mór sna tríochaidí agus sna daichidí. Chomh maith leis sin, is léir ón méid seo nárbh é Ó

Ciarghusa an t-aon duine a bhí ag plé na gconspóidí seo a bhaineann leis an nGaeilge le linn na fichiú haoise. Bhí roinnt difríochtaí maidir le gnéithe áirithe de scríbhinní na beirte agus léireofar cuid acu siúd anois. Cé go raibh cosúlachtaí idir ábhar dá gcuid alt sa mhéid gurbh é todhchaí agus staid na Gaeilge an phríomhchloch a bhí ar a bpaidrín acu ina gcuid scríbhinní, ba mhór an difríocht eatarthu maidir le gnéithe eile dá gcuid scríbhneoireachta.

Caithfear súil ar chosúlachtaí agus difríochtaí idir scríbhinní ‘Chonán Maol’ agus scríbhinní Uí Chiarghusa anois. Pléifear an réimse ábhar a bhí faoi chaibidil ag an mbeirt acu, ar dtús. Ba mhór an tsuim a bhí ag ‘Conán Maol’ i staid na Gaeilge ag tús an chéid agus bhí suim mhór aige i ndearcadh mhuintir na hÉireann ina leith, díreach cosúil le Seán Ó Ciarghusa. D’fhoilsigh Ó Ciarghusa ailt faoi neamhshuim lucht an Chonartha i leith na Gaeilge in *An Claidheamh Solais* ar Iúil 4 1903, in alt dar teideal ‘Methods of Teaching’ (rud a phléifear níos deireanaí sa chaibidil seo in 3.2). Pléann Conán Maol staid na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann ar 13 Lúnasa 1904 in *An Claidheamh Soluis* in alt dar teideal ‘Óráid an Oireachtais’: Staid na Gaeilge sna scoileanna’. Díríonn sé isteach ar an gconspóid a bhí ar siúl ag tús na fichiú haoise, maidir leis an neamhshuim a bhí ag údaráis na scoileanna stair na hÉireann a mhúineadh do na páistí. Cosúil le scríbhinní Uí Chiarghusa, cuireann ‘Conán Maol’ an milléan ar na múinteoirí agus ar na tuismitheoirí toisc gur chuma sa tsioc leo, dar leis, faoi thodhchaí na Gaeilge. Is tréith choitianta í seo de stíl scríbhneoireachta na beirte: ‘Muna bhfuil Gaedhilg agus stair na tíre dá múineadh dár bpáisdíbh, muna bhfuil oideachas fíor-Ghaedhealach aca dá fhágáil is é an bainistéir nó an máighistir nó tuismitheoiridhe na leanbh féin atá cionntach ann’ (‘Óráid an Oireachtais’ Staid na Gaeilge sna scoileanna’, *An Claidheamh Soluis* 13 Lúnasa 1904).

Cosúil le Ó Ciarghusa, bhí ‘Conán Maol’ go mór ar an eolas maidir le dioscúrsa na linne. Maidir le cúrsaí stíle de, bíonn sé de nós aige ailt fhada a chur i láthair a léitheoirí i gcomparáid le hait Uí Chiarghusa, a mbíonn thart ar 600 focal iontu, den chuid is mó. Éiríonn le ‘Conán Maol’ smaointe níos doimhne, níos substaintiúla agus níos forbartha a chur i láthair a chuid léitheoirí i mblianta luatha a aistear scríbhneoireachta (ar chasadh an chéid) mar a léiríonn an t-alt thuas. Bíonn sé de nós aige úsáid a bhaint as stíl thráidisiúnta dhúchasach. Tá sé sin le feiceáil trí úsáid a bhaint as comhráite chun an téama a chur i láthair. Tá práinne agus frustrachas ‘Chonán Maol’ agus Sheáin Uí Chiarghusa maidir le todhchaí na Gaeilge go mór chun tosaigh, áfach. Is léir go raibh cíocras ar an mbeirt scríbhneoirí go mbeadh fonn ar mhuintir na hÉireann an Ghaeilge a spreagadh i measc na n-óg agus go mbeadh stádas níos fearr tugtha di ag údaráis na scoileanna. Tá sé sin le feiceáil in 3.2 faoin téama ‘An Ghaeilge sa chóras oideachais’, deir Ó Ciarghusa: ‘Tá súil agam, leis, go sgrúadóchar go maith iomaightheoirí na sgoileanna agus muna bhfuil an teanga dá múineadh dóibh ‘n-a teanga beó, labhartha, ná spárálfar na maighistrí’ (‘I ndúthaigh Dhéiseach’ *An Claidheamh Soluis*, 17 Deireadh Fómhair, 1903). Is léir ón méid seo nárbh é Ó Ciarghusa an t-aon duine a bhí ag plé na gconspóidí seo a bhaineann leis an nGaeilge le linn na fichiú haoise. Bhí cosúlachtaí idir Ó Ciarghusa agus na scríbhneoirí eile seo sa mhéid go raibh frustrachas agus práinne ag baint leis an méid a scríobh siad. Bhain an inní agus an bhuairt seo maidir leis an neamhshuim a bhí ag daoine i dtaobh na Gaeilge. Léiríonn an méid seo nárbh é Ó Ciarghusa an t-aon scríbhneoir amháin a bhí ag cur le taiscumar na smaointe laistigh den Chonradh.

Toisc gur mhór an tsuim a bhí ag Ó Ciarghusa i múineadh na Gaeilge, is minic a luann sé teoiricí Mahaffy, Atkinson, An Chraoibhín agus an Phiarsaigh. Tagraíonn sé

don chonspóid a bhaineann leis an nGaeilge a bheith mar ábhar éigeantach don mháithreánach in Ollscoil na hÉireann (Higgins 2018: 22; ‘I nDúthaigh Dhéiseach’ 5, 26 Meán Fómhair 1903). Cuireann sé béim ar thábhacht ghníomhaithe Gaeilge na Rinne chomh maith trí scéilíní agus óráidí na ndaoine seo a lua: An Fear Mór agus an Dochtúir Risteárd de Hindeberg, mar shampla, a thug óráidí chun muintir na nDéise a spreagadh agus a mhealladh i dtreo na Gaeilge. Ina theannta sin, baineann sé úsáid as scéalta beaga agus comhráite lena lucht aitheantais chun léiriú a thabhairt ar théama faoi leith, mar shampla, comhrá idir é féin agus Seán Ó Catháin faoin gcaoi is fearr chun teanga a fhoghlaim agus maidir le hobair na múinteoirí (‘Methods of Teaching’, *An Claidheamh Solais*, Iúil 4 1903). Níl drogall air úsáid a bhaint as cuimhní cinn ach go háirithe chun ailt a scríobh i gcuimhne ar dhaoine aitheanta na Gaeilge: D.P. Moran, Dubhghlas de hÍde agus Pádraig Mac Piarais, mar shampla. Anuas air seo, is minic a chaitheann Ó Ciarghusa solas ar shaothair thábhachtacha na Gaeilge sna cuimhní cinn seo; An Foclóir Nua leis an Athair Ó Duinnín, mar shampla.

Tabharfar léiriú ar thréithe coitianta alt Sheáin Uí Chiarghusa sa staidéar seo. I mo chuid staidéir orthu, ba léir lochtanna áirithe orthu ar uairibh, go háirithe sna hailt luatha, ní bhíonn réamhrá, lár ná críoch a alt iomlán soiléir. Ní bhíonn struchtúr soiléir iontu, dá bharr. Is minic go bpléann sé níos mó ná téama amháin in aon alt amháin. Is minic nach mbíonn cuid dá chuid alt loighciúil agus bheadh deacracht ag an léitheoir smaointe substaintiúla a aimsiú iontu chomh maith. Baineann doiléireacht le cuid mhaith acu sa mhéid nach dtugann sé ainmneacha daoine ná áiteanna (mar a luadh thuas). Tá sé sin le feiceáil in alt a scríobh sé dar teideal ‘A knowledge of Irish’ ar 29 Lúnasa 1931, in *The Leader*, labhraíonn sé faoi easpa Gaeilge na mbanaltraí agus na ndochtúirí in ospidéal éigin i mBaile Átha Cliath. Anuas air seo, ní thagraíonn sé do thuarascálacha an Stáit chun tacú leis an eolas a thugann sé maidir le heaspa Gaeilge in

Éirinn ag tús na dtríochaidí. Is nós coitianta é seo dá stíl scríbhneoireachta sa mhéid nach dtagraíonn sé do thuarascálacha an Stáit chun tacú lena thuairimí. Is léir óna scríbhinní gur fhoghlaimeoir Gaeilge ab é agus gur beag de chúlra Gaeilge a bhí ag a mhuintir, mar atá ráite in 1.4 sa tráchtas seo, ba i Sasana a d'fhoghlaim sé scríobh na Gaeilge den chéad uair: 'I Lonndain a fuair sé eolas ar an teangain den chéad uair ach thagadh sé ar ais ar a laethe saoire go dtí a chonndae dúchais chun go gcuirfeadh sé slacht ar an eolas' ('An Mhuintir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch Labhraís)', 1955).

Is é seo a leanas sampla d'alt Uí Chiarghusa:

Cad a chialluigheann "a knowledge of Irish?" Is ansa. Tá a knowledge of Irish agam-sa; dóthain chum bheith sásta liom mar Féadhmánach Stáit. Deintear Féadhmánach Stáit díom agus, i gcionn roinnt aimsire cuirtear go dtí an Ghaedhealtacht mé. Labhrann na daoine annsúd Beurla, sórt Beurla, liom, ar dtúis acht nuair labhraím – Gaedhilg leó, sórt Gaedhilge, féachaid orm agus annsin ar a chéile. Tosnuighid ar an nGaedhilg annsin agus b'fhéarr liom ná bacfainn-se léi mar Ghaedhilg.

Acht ní dheunfadh sé an gnó stríocadh, agus deinim mo dhícheall. Is é sin, deinim mo dhícheall an shaidh (a fhaid(h)) ná bíonn aon ghnó tábhachtach; gnó a mbeadh airgead ag baint leis, d'a dheunamh. Má bhíonn airgead sa sceul, ní muinghíneach liom mo Ghaedhilg chuige agus iompuighim ar an mBeurla. Agus iompuighid sin air, leis; iompuighid go fonnmhar agus deintear an gnó.

Tugaim "sort" Beurla ar a gcuid Beurla sin, mar is léir dam ná tuigid cad deirid. Má deinid acht focail Beurla agus gan iad go ró-chruinn ortha sin féin, - do leagadh anuas ar an nGaedhilg atá aca. Mar sin, ná fuighidís bheith sásta go gcuirid iad féin i dtuiscint dam-sa gceart ná ná bhfuilim-se ag deunamh eugcóra ortha b'fhéidir. Acht, tá siad chómh fada sin i dtaithe oibre de'n sórt ná deinid aon iongna de, ní airim chur i n-a coinne. Táid sásta a gcúis do phléidhe i dteangain ná tuigid ar éigean, Beurla, acht ní 'lim-se sásta an chúis do phléidhe leó i dteangain, Gaedhilg, a bhfuil a knowledge dí agam, dóthain chum an riaghaltas do shásamh! Táid sásta, adeirim. Táid, mar caithid bheith. Ní'l ag an Riaghaltas chum cur ag pléidhe cúise leó acht mo leithéidí-se.

Ní'l annsin acht taobh de'n sceul. Tá a knowledge of Irish ag na daoibhibh a bhfuilim ag tagairt dóibh. Gheóbhfaidhe a rádh ná go bhfuil a knowledge of English aca leis; - tá níos mó English aca na mar tá de Ghaedhilg agam-sa. Tá go maith. An ndéunfadh feadhmánach Stáit d'aoine aca mar atáid? An ndéunfadh Gárda Síothchána d'aoine aca? Ní dóigh liom go ndéunfadh.

Cá dtáim ris? I láthair na huaire, tá garsún cúig bliadhna deug d'aois i n-ospideul i mBaile Átha Cliath gan ar a chumas é féin do chur i dtuiscint acht amháin tré chómharthaibh mar ná fuil aige acht Gaedhilg agus ní'l Gaedhilg ag aoine de'n lucht freastail. Tá sé annsú agus go mbadh thruagh leat i slighe é, é ag feadghail go bog dó féin gan aon ghearán d'a dheunamh aige, ní áirínim aon chuimhneamh aige ar fearr do chur i leith aoine, Sasanach ná eile. Acht, i slighe eile, badh í badh thruagh leat acht an tír a bhfuil sé le n-aithris mar

gheall urithi an taca so ló gurab ionann ná eachtrannach i n-a príomh-chathair istigh garsúin bocht a bhfuil sé de mhí-ádh air a knowledge of Irish agus gan aon knowledge of English a bheith aige ('A knowledge of Irish', *The Leader*, 29 Lúnasa 1931).

Léiríonn an fhianaise seo go bhfuil Gaeilge na Mumhan, Gaeilge nádúrtha, caint na ngnáthdhaoine in úsáid aige agus tá samplaí de chanúint na Rinne le tabhairt faoi deara. I ndiaidh súil a chaitheamh ar an leabhar 'Ar bóthar dom' leis an nDéiseach agus leis an mbailitheoir Béaloideas Nicolás Breatnach (1912 – 2002). Tugadh faoi deara go mbaineann sé úsáid as struchtúr abairte na Rinne agus na Mumhan ina chuid scríbhinní: 'Ag gabháil tré Bhaile Átha Cliath duit-se...' (Ag gabháil tré Bhaile Átha Cliath', *The Leader* 6 Lúnasa 1932). Bíonn an nós seo in úsáid ag Peadar Ua Laoghaire 'Ag machtnamh dom...' (1915: 215). Ina theannta sin, cuireann Ó Ciarghusa 'do' mar réimír roimh an mbriathar 'do mholas...' ('An Galar Gallda', *The Leader* 19 Bealtaine 1934). Anuas air seo, úsáideann sé frásaí faoi leith a bhaineann leis an gcanúint seo 'cá dtáim ris?' ('A Knowledge of Irish' *The Leader*, 29 Lúnasa 1931); 'Cá dtáimm ris? Tá aghaidh dream óig na Rinne ar Aimerice' ('An Rinn', *The Leader*, Aibreán 13 1929). Ina theannta sin, úsáideann Ó Ciarghusa an nós litrithe 'eu' in ionad 'ea', mar shampla, 'Beurla a bheith aca...' ('An Rinn', *The Leader*, Aibreán 13 1929).

Léadh na hailt a scríobh Seán Ó Ciarghusa agus scrúdaíodh go mion iad. I ndiaidh na hoibre seo, socraíodh ar phríomhsmaointe na n-alt a chur i láthair agus ansin iad a rangú de réir na dtéamaí ba choitianta. Pléifear mórthéamaí scríbhinní Uí Chiarghusa thíos. Roghnaíodh na téamaí seo bunaithe ar na foinsí a bhí ar fáil. Is iad na príomhthéamaí a ndírófar orthu sa chaibidil seo ná: Staid na Gaeilge sna Déise agus tionchar an Bhéarla, an Ghaeilge sa chóras oideachais mar aon le dearcadh an aosa óig i leith na Gaeilge. Tabharfar léiriú ar na cuntais a scríobh Ó Ciarghusa ar dhaoine aitheanta na Gaeilge tar éis bháis dóibh.

Tugann na téamaí seo tuiscint shoiléir ar na nithe a mhúnlaigh agus a spreag Seán Ó Ciarghusa chun dul i mbun pinn. Anuas air seo, is léiriú iad air mar dhíograiseoir Gaeilge.

3.1 Plé Uí Chiarghusa ar Staid na Gaeilge sna Déise agus tionchar an Bhéarla

Ní haon ionadh go raibh staid na Gaeilge sna Déise agus tionchar an Bhéarla ina mhórhéama ag Ó Ciarghusa ina shaothar iriseoireachta. Díograiseoir agus gníomhaí Gaeilge ab ea Seán Ó Ciarghusa ón uair a d'fhág sé a áit dhúchais in 1893. Ba mhór an tsuim a bhí aige i staid na Gaeilge agus i dtionchar an Bhéarla pé áit a raibh sé. Dhírigh sé a aird ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge ina áit dhúchais agus ar an mBéarla a bhí mórthimpeall orthu. Ba fhinné é ar gach a raibh ar siúl i dtosach an chéid ina cheantar dúchais, toisc gur ghnách leis filleadh ar cheantar na nDéise ó 1903 ar aghaidh. Toisc gur iomaí tuairim, gearán agus moladh a bhí ag Ó Ciarghusa i dtaobh staid na Gaeilge, ba mhodh é seo gach a raibh ina chroí istigh faoi dhearcadh mhuintir na nDéise i leith na teanga a nochtadh don saol mór. Ní do na Déisigh amháin a thagair sé, le linn dó léiriú a thabhairt ar an téama seo sa mhéid gur chuir sé in iúl gur mhór an tionchar a bhí ag an mBéarla ar a chosmhuintir féin agus ar mhuintir na hÉireann, araon. Roghnófar an téama seo toisc go bhfuil staid agus todhchaí na Gaeilge fite fuaite i bpearsantacht agus i múnúlú an scríbhneora seo agus ní bheadh plé ceart indéanta air muna mbeadh staid na Gaeilge ina phríomhthéama sa tráchtas seo. Is suntasach go raibh staid na Gaeilge ar cheann de na hailt is túisce dár scríobh sé ag tús an chéid. Taispeánann sé seo gur cuireadh síol na Gaeilge go luath ina shaol iriseoireachta agus gur cothaíodh é lena linn.

Toisc go raibh sé ag scríobh sa ré chorraitheach seo, ré ina raibh tábhacht an náisiúnachais agus na féiniúlachta tíre go mór chun tosaigh, ní raibh todhchaí gheal i ndán don Ghaeilge. Cé nár ghníomhaí Gaeilge aitheanta é Ó Ciarghusa, léireoidh na hailt seo an faitíos a bhí air i dtaobh na Gaeilge agus tá sé seo le brath ina chuid scríbhinní. Tugann sé léiriú ar dhearcadh agus ar úsáid na Gaeilge, i measc na n-óg agus na sean sa Rinn ó 1903 go 1931. I dtús báire, féachaimís ar an léargas a thugann sé ar staid na Gaeilge ina áit dhúchais i rith na bliana 1903. Baineann sé úsáid as sraith alt chun é seo a léiriú. Mhair an tsraith seo ón 18 Iúil go dtí an 31 Deireadh Fómhair 1903. ‘I ndúthaigh Dhéiseach’ an teideal a tugadh orthu. Díritear isteach ar alt atá mar chuid den shraith seo. Caitear solas ar an bhfrustrachas a bhí air, faoi mheathlú na Gaeilge ina cheantar dúchais, le linn an ama seo. Feictear sa sliocht thíos go luann Ó Ciarghusa go mb’fhéidir nach raibh dóthain ullmhúcháin déanta sular bhunaigh Ó Concheanainn, timire as Inis Meáin (Breathnach & Ní Mhurchú 1990: 84) an chraobh i gCill Rosanta agus gurbh é sin an fáth nár éirigh go rómhaith leis. Feictear gobhfuil brón ar an ngníomhaí Gaeilge seo toisc nach raibh ag éirí chomh maith sin le cúis na teanga, deich mbliana tar éis bhunú an Chonartha. Ba chúis inní é seo, dó. Níl dóchas caillte aige nach dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí go fóill, áfach.

I nDúthaigh Phaorach, ‘sé sin idir shléibhtibh an Chumaraigh agus an tSiúir, tá an Ghaedhilg dá meathadh go mór le dachad bliadhain, agus is ag dul i ndiaidh lámha tá cúis na teangan fós, tá eagla orm. Chuir Tomás Ó Concheanainn craobh ar bun i gCill Rosantaigh nuair a bhí sé ann, acht toisg gan an ithir a bheith ullamh, is dócha, siúd agus gur thosnuigh “smóilín uasal” soin “Riobárd” (Bheldon) ar labhairt fé’n duilleabhar, níor tháinig mórán bhátha amach. B’fhéidir nach bhfuil an chraobh sin i n-éug amach is amach fós. Ní fheadar!

Creidim go bhfuil craobh ag obair i Rath gCormaic leis, - sin í an áit ‘n-ar thug an Piersach cuairt tá tamall ó shoin. Sin dá chraoibh agus iad soin i gCathair PhortLáirge, go bhfuil Dúthaigh Phaorach i dúrtaibh leó. Is fearr iad ná bheith ‘n-a n-éagmais, acht is beag é, an fothram is féidir leó a dhéanamh seochas an gleo agus an chalaireacht atá ag lucht an Bhéarla ar fuaid an cheanntair. Ní raibh uain ag Pádraig Ó Cadhlaigh teacht ó’n taobh eile de’n tSléibh fós, acht tá súil go dtiocfaidh sul i bhfad (‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *The Leader*, 18 Iúil 1903).

Tugann a chuid scríbhinní léargas ar cheist níos leithne; is é sin, meathlú na Gaeilge in Éirinn ag tús an chéid. Deir Ó Ciarghusa nár tháinig feabhas ar úsáid na Gaeilge i gCoill Mhic Thomáisín le daichead bliain anuas. Tagraíonn sé d'aimsir i ndiaidh an Ghorta Mhóir in Éirinn. Míníonn Uí Chollatáin gur bhuail an Gorta Mór buille trom ar líon na gcainteoirí Gaeilge agus go raibh aird na nÉireannach dírithe ar an Rialtas Dúchais agus ar chearta talún seachas aon rud eile (2004: 25). Dá bhrí sin, tá nasc idir cúrsaí teanga agus cúrsaí eacnamaíochta. Braitear go bhfuil Ó Ciarghusa dóchasach go dtiocfaidh feabhas ar áit na Gaeilge ina bhaile dúchais. Tugann an fhianaise seo le fios go raibh Ó Ciarghusa i dtiúin go mór le heachtraí a linne nuair a thagraíonn sé don chuairt a thug Pádraig Mac Piarais ar an Rinn. Bhí áthas ar an bPiarsach faoin obair a bhí ar siúl sa Rinn chun an Ghaeilge a tharrtháil. Déanann sé forbairt ar an gcuntas a thugann sé ar mheathlú na Gaeilge nuair a léiríonn sé go raibh níos mó suime ag na Déisigh i gceist na Talún ná mar a bhí acu i gcúis na teanga i 1903.

I nDúthaigh Dhéiseach tá an t-aon rud mór amháin ag teacht idir na daoineibh agus gach aon rud eile – sé sin bille na Talmhan. Ní mar sin do Dhúthaigh Phaorach. Tá úrmhór na bhfeirmeoirí anois, fé mar thuigim, agus tá ceannuighthe amach aca cheana, agus ó tá, níl a n-aigeannta chomh trí n-a chéile agus do bhíodh, agus níor mhór leo a mbeadh aca d'obair nó de cheist, mar í seo na Gaedhilge, a dhéanfadh caitheamh aimsire dhóibh ('I nDúthaigh Dhéiseach', *The Leader*, 18 Iúil 1903).

Léiríonn sé seo gur ghoill cúinsí eacnamaíochta ar na hÉireannaigh níos mó ná a ghoill cúrsaí teanga orthu ag tús an chéid agus ní haon ionadh é seo. Deir Uí Chollatáin go raibh tionchar mór ag Cogadh na Talún ar mhuintir na hÉireann. 'Ba rud tábhachtach í an Ghaeilge i bhforbairt an náisiúin ach chaithfí an tír féin a fhorbairt ar dtús sula gcuirfí béim ar chúrsaí teanga' (2004: 83). Scríobh Ó Ciarghusa alt eile níos deireanaí sa bhliain 1903 agus cuireann sé fearg air nach raibh na Déisigh toilteanach an Ghaeilge a labhairt sa cheantar seo. Níl an Rinn ach fiche míle ó Chill Mhic Thomáisín, mar sin, ba chóir go mbeadh suim acu inti. Cuireann sé in iúl go raibh an lámh in uachtar ag an mBéarla agus ní mó ná sásta a bhí sé, dá bharr.

Taisbeánann so cionnus mar tá meanma agus spiorad nua ag corruighe ar fuaid na dúithche, acht mar adubhart, ní hé seo iomlán an sgéil. B'fhéidir gurab é eagsamhaileacht na hoibre atá idir lámhaibh againn fé ndear sinn bheith mí-fhoidhneach – mar ní raibh éinne againn riamh roimhe seo ag casadh le teangain d'aithbheóchaint – acht is deacair bheith foidhneach le daoineibh go bhfuil Gaedhilg aca agus ná déinid siad úsáid di. D'fhéadfadh muinntir Dúithche Dhéiseach déanamh gan an Béarla ar fad dá mba mhaith leó é, tá sé ag teacht chuige sin leó amuich fé'n dúthaigh, acht ag teacht isteach dóibh go dtí na sráideanna, tá siad chomh mínighthe mácanta ag lucht an Bhéarla ná bíonn sé de fhearamhlacht ionnta anois an Ghaedhilg bhocht do thabhairt leó, istigh ins na siopaibh go háirithe, siúd agus go bhfuil Gaedhilg ag úrmhór lucht friothálta na siopaí céadna is fíor-annamh d'aireóghfá acht Béarla ('I nDúthaigh Dhéiseach', *The Leader*, 18 Iúil 1903).

Braitear díomá Uí Chiarghusa nach raibh fonn ar na Déisigh an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin. Ghoill sé go mór air go raibh neart Gaeilge acu agus fós nach ndearna siad iarracht í a úsáid. Tuigtear cé chomh buartha is a bhí sé faoin neamhshuim a bhí acu inti. Is léir go bhfuil príomhthéama eile ann, is é sin: dearcadh an aosa óig i leith na Gaeilge i scríbhinní Sheáin Uí Chiarghusa le tabhairt faoi deara ina ailt ó 1903 go 1933. San alt áirithe seo thíos, goilleann neamhshuim dhaoine óga Choill Mhic Thomáisín go mór air. Deir sé go raibh sé de nós acu dul ó áit go háit i gCoill Mhic Thomáisín, agus dráma Béarla a chur i láthair. Léiríonn sé nach bhfuil suim ag na daoine óga drámaí Gaeilge a léiriú agus braitear frustrachas an athbheochanóra san alt seo. Bíonn sé de nós ag Ó Ciarghusa moltaí a thabhairt chun feabhas a chur ar an scéal. Is tréith choitianta í seo dá stíl scríbhneoireachta. Molann sé do na Déisigh na daoine óga a athmhúscailt i dtreo na Gaeilge. Ba phort leanúnach é seo ina scríbhinní. Sampla den chur chuige seo is ea an méid a deir sé sa sliocht thíos faoi chúrsaí drámaíochta i gceantar Choill Mhic Thomáisín agus mar a mholann sé go n-athosclófaí halla sa cheantar.

Cuir i gcás Cill Mhic Thomáisín, i n-éagmais aon rud eile le déanamh, tá fir óga na sráide sin ag gabháil timcheall na dúithche, ó shéipéal go séipéal, le dráma Gallda, agus bíonn na daoine ag baint na slighe dá chéile ag ruith 'n-a ndiaidh. D'fhiafruigheas-sa do cheann aca, dé chúis nár thugadar fé dhráma Gaedhelach. "An 'sure, dar ndóich," ar seisean, "isn't it Irish – 'Pike O'Callaghan?'" Nuair chuireas i dtuigsint dó cad a bhí uaim, dubhairt sé, dar

ndóich, go dtuigfeadh aoin'ne an Ghaedhilg – sin a raibh 'n-a coinnibh aige. Taisbeánann go bhfuil fonn ar na daoineibh bheith ag bogadh i dtreo éigin agus badh chóir nár dheacair iad do mhealladh chum na Gaedhilge. Níl aon náire ortha i dtaobh na teangan agus 'sé cúis ná cuirid aon tsuim innti, mar ná cuimhnighid siad – na daoine óga – uirthi i n-aon chor, beag ná mór. Rud eile, tá halla breagh fairsing i gCill Mhic Thomáisín, a tógadh le haghaidh lucht léighte na bpáipéar chun iad do choiméad ó'n ólachán acht tá sé dúnta le fada. Badh bheannuighthe an t-ath-osgailt air é, coisde cheanntair Dhúithce Phaorach seilbh do thógaint ann chum misnigh Banban do mhúsgailt san gcomharsanacht ('I nDúthaigh Dhéiseach', *The Leader*, 18 Iúil 1903).

Braitear faitíos Uí Chiarghusa nach bhfuil imeachtaí Gaelacha á gcur chun cinn in áit imeachtaí trí Bhéarla ina cheantar dúchais. Tuigtear ón méid a deir sé go raibh an lámh in uachtar ag cultúr an Bhéarla ag tús an chéid, agus nár cuireadh imeachtaí Gaelacha chun cinn dá bharr. Deir sé go bhfuil fuinneamh ag na daoine óga agus gur chóir iad a mhealladh i dtreo na Gaeilge. Is léiriú tábhachtach é seo ar dhearcadh an aosa óig i gCoill Mhic Thomáisín, san am sin. Cuireann sé an imní a bhí air i leith thodhchaí na Gaeilge in iúl anseo. Molann sé modh teagaisc an mháistir rince do mhuintir na nDéise mar bhealach chun an Ghaeilge a chur chun cinn i dtithe na nDéiseach. Is é atá i gceist leis an modh seo ná go dtéadh na máistrí rince ó theach go teach chun an damhsa a mhúineadh.

Cionnus a chuirfimid an Ghaedhilg ar siubhal ar na dteinntéain mar sin? 'Seadh, is cuimhin le n-a lán againn, b'fhéidir, cionnus mar thrialladh an máighistir rinne timcheall fad ó. Ar an nós céadna d'fhéadfadh maighistir Gaedhilge dul timcheall anois – sé sin amuigh fé'n dúthaigh – oidhche annso agus oidhche annsúd; ba chóir go bhféadfadh gach craobh máighistir do sholáthar d'á lín-tightheibh féin ('I nDúthaigh Dhéiseach' *An Claidheamh Soluis* 17 Deireadh Fómhair, 1903)

Cuireann sé in iúl go mbeadh ar na máistirí ardchaighdeán Gaeilge a bheith acu. Tá an t-athbheochanóir anseo agus tá sé an-mhíshásta nach bhfuil an Ghaeilge ina gnáththeanga labhartha i measc a chosmhuintire.

Acht chun go n-éireóchadh le na maighistrí sámhán do chur ar fhear a' tige, i slighe is ná imtheógaidh sé leis féin a chodladh uatha níor mhór Gaedhilge ar fheabhas a bheith aca le léigheamh do gach uile oidhche. Ní shásóchaidh aon Ghaedhilge acht an Ghaedhilg cheart, -caint bhríoghmhar na ndaoine leis, - an Gaedhilgeóir maith, agus dá bhfuigheadh "An

Gruagach” agus “Conán” agus “Beirt Fhear” agus “Cú Uladh” agus sgríobhnóirí mar iad, slighe d’fhágáil dóibh féin sa páipéaraibh agus an Ghaedhilg do sgaoileadh chugainn mar tá an tAthair Peadar ‘ghá sgaoileadh. Tá súil againn go mbeidh sgríbhneoirí na nDéise ag soláthar dóibh féin ‘n-a bpáipéirí féin sara fada. (*An Claidheamh Soluis* 17 Deireadh Fómhair, 1903).

Léiríonn an fhianaise seo cé chomh dáiríre is atá Ó Ciarghusa anseo. Tá sé den tuairim láidir gur chóir do na máistrí seo Gaeilge mhaith a bheith acu. Deir sé gur chóir go mbeadh sí ar chaighdeán na scríbhneoirí mór le rá na Gaeilge: Pádraig Ó Séaghdha (‘Conán Maol’) (mar atá luaite thuas i réamhrá na caibidile seo), Peadar Mac Fhionnlaoidh (‘Cú Uladh’) agus Colm Ó Gaora (‘An Gruagach Bán’) (Ní Mhurchú & Breathnach 2007: 209). Bhuail sé leo i Londain agus is léir go ndeachaigh siad go mór i bhfeidhm air. Deir sé chomh maith gur cheart do Ghaeilgeoirí na nDéise a bheith ag scríobh aistí sna páipéir mar atá á dhéanamh de réir na n-údar atá luaite cheana. Mar a dúradh sa chéad chaibidil in 1.3, d’fhillleadh Ó Ciarghusa ar a áit dhúchais le linn dó a bheith sa Ríocht Aontaithe. I 1906, bhí sé féin agus a chlann ina gcónaí i mBéal Feirste. Bhí sé go mór i dtiúin le staid reatha na Gaeilge i bPort Láirge ar feadh an ama. Ag teacht leis an nós a bhí aige moltaí chun feabhais a thabhairt, éiríonn leis moltaí a thabhairt chun feabhas a chur ar an scéal agus éiríonn leis a thuairimí a léiriú ar an gcaoi is fearr chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gceantar na nDéise. Thuig sé nárbh í an teanga amháin a bhí ‘...imithe le sruth’ (Máirtín: 2003: 207) ach seanscéalta na ndaoine chomh maith. Ceapann sé go mba chóir go n-éireodh níos fearr leis an nGaeilge i 1906 ina cheantar dúchais. Tá fonn air a chur in iúl go bhfuil na Déisigh dáiríre i leith dul chun cinn na Gaeilge. Thuig sé go mbeadh todhchaí na Gaeilge ag brath ar labhairt agus ar scríobh na teanga. Molann sé don aos óg dul i measc na seanDéiseach, chun seanchas na nDéise a léamh dóibh. Áitíonn sé gur cheart a gcuid scéalta a bhreacadh síos sula mbíonn sé ródhéanach, leis. Creideann sé go mbeadh scríbhneoirí cliste ag teastáil, chun na seanscéalta seo a bhreacadh síos, chun iad a chaomhnú.

‘Sé mo thuairim, ma’s áil linn teacht i gcabhair ar an nGaedhilg ‘sna Déisibh, nach mór dúinn: - 1. Curadh calma neamh-eaglach, curadh ná beadh bean aige ar aoinne, do scaoileadh, agus faobhar ar tarrac aige, fé’n tír ann gan stad, chum – An codhladh do bhainnt as a súilibh ag Gaedhilgeoiribh an bhuill.

- (a) a chur ar a súilibh do dhaoineibh creideamhnacha an bhuill GO BHFUIL MUINNIR NA GAEDHILGE I NDÁIRÍRIBH.
2. Annsoin, i n-áit a chéile:-
- (a) Cumann léightheoireachta na Gaedhilge, do chur ar bun ins gach paróiste Ghaedhealach. ‘sé sin, buachaillí do thoghadh a rachadh isteach sna tightheibh, - ar théidheadh na máighistrí rinne fad ó, - ag léigheamh na Gaedhilge do sna sean-daoineibh, chum iad do chur i dtaitheige í labhairt sa tigh, agus –
- (b)scríbhneoir cliste eolgasach do thoghadh agus do chur chum comhnaidhte san áit, duine ná beadh de chúram aige acht seanchus na háite do bhailiughadh agus do sgríobhadh chomh mear i nÉirinn agus do b’fhéidir leis é le haghaidh na léightheoirí tá luaidhte agam. Déarfadh duine – cad is gábhadh an curadh éachtach so? Nách bhfuil timire agaibh? A dhuine m’Árann, tá muinntir na tuaithe i dtaitheige na dtimthirí anois agus ní dheinid aon iongna dhíobh. Rud eile, tá na timirí “ag braith ar na comhursain” agus caithfidh siad na comhursain do thógaint réidh. Ní dhéanfadh sé an gnó ar aon chor do thimire “daoine creideamhnacha” do shuathadh.
- Déarfadh duine eile – nár b’fhearr na sean-daoine agus na Gaedhilgeoirí i gcoitcheann do chur ag léigheamh dóibh?
- Admhuighim go mb’fhearr, go mb’fhearr i bhfad, acht, má fhanfar go dtí go mbeidh na Gaedhilgeoirí i gcoitcheann atá anois ann ag léigheamh Gaedhilge, ná aon teanga eile – beidh sé ‘n-a lá – lá Philib a’ Chleite.
- Déarfadh an tríomhadh duine – cad é seo ort, a dhuine, adéarfadh sé go dteastuigheann uait scríbhneoir cliste eolgasach do chur ‘n-a shuidhe ar a shocaracht ‘sna Déisibh ag scríobhadh Gaedhilge díbh ann?
- Go réidh, a chara, Is mar seo atá an scéal. Tá i mbéalaibh na sean Ghaedhilgeoirí ins gach aon áit Ghaedhealaigh seanchus agus cainnt nóch mór a chur i bpratainn uatha gan ró-mhoill (‘Na Déise’, *An Claidheamh Solais*, 27 Deireadh Fómhair, 1906).

Is sampla eiseamláireach é an t-alt seo de chuid Uí Chiarghusa. Léiríonn an t-alt seo go raibh sé den tuairim láidir gurbh é an focal labhartha a bhí an-tábhachtach i sealbhú na Gaeilge.

Léiríonn Mac Aonghusa (1993: 88) gur thuig na hathbheochanóirí, an Craoibhín agus an Píarsach, go raibh an náisiúnachas, an grá tíre agus saoirse intleachtúil na tíre ina ngnéithe lárnacha i dtarrtháil na Gaeilge. Bhí an smaoineamh seo le feiceáil in ailt Uí Chiarghusa thuas. Tacaíonn Caoimhe Máirtín (2003: 202) leis an smaoineamh seo nuair a deir sí go raibh ‘an teanga ar cheann de na huirlisí troda a úsáideadh nuair a bhí cos ar bolg á imirt ag na

Gaill ar na Gaeil'. Cosúil leis na hathbheochanóirí seo, theastaigh ón gCiarghusach na seanscéalta seo a chaomhnú agus iad a chur chun cinn i dtithe na nDéise. Níor thrácht Ó Ciarghusa go díreach ar staid na Gaeilge ina áit dhúchais arís go dtí 1929. Ré iarchoilíneach ab ea é agus bhí tionchar an Bhéarla go forleathan, rud atá fíor-shoiléir i scríbhinní Uí Chiarghusa. Bhí sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath le linn an ama seo. Ba mhinic a thug sé cuairt ar an Rinn, nach raibh ach fiche míle óna áit dhúchais. Is finné luachmhar é ar na himeachtaí Gaelacha a bhí ann, um an dtaca seo. Caitheann sé solas ar na hathruithe a tháinig ar an nGaeilge ó thosach an chéid. San alt seo thíos, déanann sé cur síos ar scata páistí a tháinig chuig Coláiste na Rinne ó chian is ó chongair. Dúirt sé go raibh an Ghaeilge acu gan mhoill, tar éis tamaill. Ba chúis mhór áthais é seo dó. Ina theannta sin, chuir sé lúchair air go raibh Gaeilge ag lucht oibrithe an mhacha chomh maith. Léiríonn an t-alt seo go raibh idir bhród agus áthas air faoi dhul chun cinn na Gaeilge i gColáiste na Rinne.

Badh bhinn le h-aon Ghaedheal nuall scoile na Rinne fé láthair. Bhíos-sa annso sé mhí ó shoin agus badh thruagh leat an trí fichid leanbh do bhí tar éis teacht ó cheithre árdaihbh Éireann ann ag féachaint dóibh go scáthmhar ar an bhfógra san halla- “Ní áit do bhéarla é seo,” mar ná raibh cosc a ngábhaidh de Ghaedhilg aca. Táim ann anois arís agus tá an trí fichid leanbh sin, agus fiche eile a tháinig ó shoin i n-a dteannta, ag sugradh im' thimcheall agus iad uile ag stealladh Gaedhilge le gaoith. Tá rud eile ann. Tá meitheal fear ag tógaint tighe nua scoile sa mhacha agus iad, idir saoir agus eile, ag cainnt Gaedhilge le n-a chéile agus le gach aoinne. Is é adeirim liom féin ag féachaint dam orthu sin agus ar na tighthe atá tógtha, gur truagh nach raibh na coláistí eile ar fuaid Éireann ag breith a ngreamanna sa tslighe céadna le fiche bliadhain anuas. Dá mbeidís, is beag ná go bhfuighfidhe “Oiléan na n-Ollamh” do thabhairt ar an dtír arís (*An Rinn*, *The Leader*, 13 Aibreán 1929).

Déanann Ó Ciarghusa comparáid anois idir stádas reatha na Gaeilge sa mhacha i gColáiste na Rinne agus i mbunscoil na Rinne, Scoil na Leanbh. Dar le Nicolás Mac Craith (2005: 7) mhol duine de Choláiste na Rinne darbh ainm Séamus Ó hEodhasa nó ‘An Fear Mór’ ag cruinniú bainistíochta Choláiste na Rinne i 1919, go gcuirfí Scoil na Leanbh ar bun. Deir Ó Ciarghusa

nach raibh fonn ar thuismitheoirí ná ar dhaoine óga na Rinne an Ghaeilge a labhairt. Luaigh sé go raibh Meiriceá i ndán don aos óg agus nach mbeadh an Ghaeilge ag teastáil uathu.

Ach tá an dá taoibh ar an ré. Má tá an Ghaedhilg ag dul chum cinn go buacach i Scoil na leanbh sa Rinn, tá sí ag dul i ndiaidh a chúil sa Rinn féin. Ní labhrann aithreacha ná máithreacha na h-áite Gaedhilg le n-a gclainn, ná ní h-aon mhaith bheith a rádh leó í labhairt leó. Ní'l i ndán do sna leanbhaidh, dar leó, acht Aimerice, agus ní'l aon gnó de'n Ghaeilg annsúd. Beurla a bheith aca an chéad ghábhadh nuair rachaid anon, is dóigh leó, agus an chéad ghábhadh sin do chur as a scím i bhfus. Maidir le Coimisiún na Gaedhealtachta ná aon Choimisiúin eile ar mhaithe le h-Éirinn, ná trácht leó ortha. Ní léir dóibh dada d'á dhéanamh ar mhaithe leó féin de bharr molta aon Choimisiúin. Dá mbadh léir féin, ní fheadar an gcasfaidís ar an nGaedhilg do labhairt leis an ndream óg ar chomhairle Choimisiúin ná eile ('An Rinn', *The Leader*, 13 Aibreán 1929).

Athraíonn tón agus stíl ailt Sheáin Uí Chiarghusa anseo. Éiríonn sé níos corraithe toisc go bhfuil fonn ar an aos óg Béarla a bheith acu seachas an Ghaeilge. Is sliocht tábhachtach é seo a chaitheann solas ar cheist achrannach na fichiú haoise; ceist na himirce. Deir Caoimhe Máirtín (2003: 204) go raibh an pobal 'cíocrach chun Béarla a fhoghlaim, go háirithe i gceantair na 'fíor-Ghaeilge' – nós a mhair fós sa bhfichiú haois féin ainneoin iarrachtaí Chonradh na Gaeilge'. Cé go bpléann Ó Ciarghusa an imirce i gcomhthéacs na nDéiseach anois, tugtar faoi deara go mbaineann an ghéarchéim seo leis na hÉireannaigh, i gcoitinne. Is léir gur thuig Ó Ciarghusa go raibh tionchar an Bhéarla go mór chun tosaigh sa Rinn ag deireadh fichidí na fichiú haoise chomh maith, cé gur chaith muintir na nDéise a ndúthracht chun teacht i gcabhair ar an nGaeilge trí Choláiste Gaeilge a chur ar bun.

Cá dtáim ris? Tá aghaidh dream óig na Rinne ar Aimerice. An Béarla teanga na h-Aimerice sin. Briseadh Cinn tSáile briseadh na Gaedhilge, adeirtear. Ba eadh, is dócha, acht do chabhruigh briseadh Quebec leis. Dá mbadh í an Fhrainncis nó aon teanga eile acht an Béarla a bheadh i réim i n-Aimerice indiu, do bheadh solus éigin le fágáil ag an nGaedhilg sa mbaile i n-Éirinn. I n-a ionad sin, is amhlaidh atá scamall Béarla thoir agus thiar idir na daoine agus grian na saoirse aigeanta."

Leac logha ('An Rinn', *The Leader*, 13 Aibreán 1929).

Braitear frustrachas Uí Chiarghusa anseo maidir le todhchaí na Gaeilge, tuigeann sé go rí-mhaith nach mbeidh todhchaí gheal aici toisc nach mbeidh sí ag teastáil ó na daoine óga nuair a rachaidh siad ar imirce. Tá sé seo le tabhairt faoi deara sa mhéad a deir Uí Chollatáin maidir le heaspa tírghrá an aosa óig mar thoradh ar ghéarchéim na himirce (2004: 136). Cuireann Ó Ciarghusa a chuid feirge os ár gcomhair toisc go bhfuil sé go mór ar an eolas maidir leis an dochar a dhéanann an Béarla don Ghaeilge. Pléann Ó Ciarghusa stádas na Gaeilge sa Rinn arís in alt dar teideal ‘An Rinn Arís’ níos deireanaí ar 20 Aibreáin i 1929. Cuireann meascán den Ghaeilge agus den Bhéarla labhartha go mór isteach air. Tá fearg air go bhfuil an lámh in uachtar ag an mBéarla fós i 1929. In ainneoin dea-iarrachtaí an chóras oideachais, níor éirigh leis an nGaeilge a bheith ina teanga labhartha. Pléann Pádraig Ó Cadhla (timire na háite) go raibh Béarla á labhairt ag na Sasanaigh agus ag na hAlbanaigh a bhí ag obair i monarcha na n-éadaí i gCoill Mhic Thomáisín, ceantar dúchais Sheáin, ‘an áit loite le daoine ag caint Béarla’ (de hÍde 1937: 140).

Do thráchtas an tseachtmhain seo caithte ar Choláiste na Rinne agus ar na páistíbh a thagann ó’n nGalldacht ann a bheith ag stealladh Gaedhilge le gaoith i gcionn cúpla mí tar éis teacht dóibh. Ag an gceann eile de pháirc an Choláiste, an ceann a bhfuil scoil náisiúnta na h-áite ann, bíonn páistí na Rinne féin ag stealladh Béarla le gaoith chómh tiugh céadna. Cé go bhfuil taithighe agam-sa ar an áit, ar na daoine ann anois, mar sin féin, Ní’l lá d’á ngabhaim thar brághaid na Scoile Náisiúnta sin ná bíonn díomhbháidh buile orm. An chéad rud ritheann liom ná, a fhiafrúighe díom féin cia cionntach, an bhfuil aoinne nó aon dream daoine fé leith? An tara rud – an bhfuil aon leigheas ar an scéal agus má tá, cionnus tabhairt fé é chur ag obair? An tríomhadh ceist – an féidir go bhfuil an Ghaedhilg ó chion na Rinne agus i n-áiteannaibh mar é, agus ná fuil ionnam-sa agus in mo léithéidíbh eile atá ag cuimhneamh ar í tárrtháil acht “Fir na buile ar dóigh leo gurab iad féin fir na céille?” (‘An Rinn’, *The Leader*, 13 Aibreán 1929).

Goilleann labhairt an Bhéarla go mór ar Sheán Ó Ciarghusa. Mar ba ghnách leis, molann sé do na Déisigh machnamh a dhéanamh ar chúpla rud ionas go n-éireodh leo an Ghaeilge a shlánú. Tuigeann Ó Ciarghusa nach raibh na múinteoirí gan mhilleán i meathlú na Gaeilge.

Níl drogall air a mhéar a shíneadh orthu. Creideann sé go láidir nach bhfuil siad dáiríre faoi labhairt na Gaeilge leis an aos óg.

Ní'l freagra agam ar an gcéad cheist, acht badh dhóigh liom go bhféadfadh na múinteoirí na leanbhaí do chur ag labhairt na Gaedhilge acht bheith i ndáiríribh i n-a taoibh. Nuair is féidir do mhuinntir an Choláiste é déanamh le leanbhaibh ó'n nGalldacht, badh chóir go mb'fhéidir dóibh sin é déanamh le leanbhaibh na Gaedhealtachta. Is iongna liom nach léir dóibh féin é sin, leis, nó ná cuireann bainisteoir nó cigirí an aireachta ar a súilibh dóibh é. Cúis aithise do gach taoibh aca an scéal mar atá sé, dar liom-sa ('An Rinn Arís', *The Leader*, Aibreán 20 1929).

Caitheann Ó Ciarghusa solas ar cheist níos leithne. Ghoill neamhshuim na múinteoirí ar cheannairí an Chonartha um an dtaca seo. Léiríonn na scríbhinní seo go raibh Ó Ciarghusa i dtiúin le saincheisteanna móra na fichiú haoise. I ngeall ar an neamhaird seo, níor tugadh dóthain airde ar an nGaeilge sa Rinn.

An tríomhadh cheist – an bhfuil an Ghaeilge ó chion sa Rinn agus i n-áiteannaibh mar é. Is baoghalach é, mara dtagann athrughadh, agus sin gan ró-mhoill. Adeir Michéal Ó Cinnfaolaidh liom go mbeidh sí i n-eug sa Rinn cheana féin dá bhfuigheadh na daoine teacht ar an mBéarla, acht ná fuighidis mar ná raibh sí le fagáil acht amháin sa scoil, agus annsúd féin, ná raibh a fhios ag na múinteoiribh cionnus é mhúineadh. Tá a fhios anois aca, adeir sé – de bhárr obair mhuinntir na Gaedhilge ! – Agus tá a rian air, tá an Ghaedhilge ag imtheacht, agus, mara bhfuil sí ó chion ar fad, gan ann acht sin ('An Rinn Arís', *The Leader*, Aibreán 20 1929).

Pléitear ceist thábhachtach athuair san alt seo. Cuireann Ó Ciarghusa práinne na ceiste in iúl anseo maidir le cumas na múinteoirí i leith mhúineadh na Gaeilge. Bhí sé tugtha faoi deara ag na timirí nár mhúin na múinteoirí an Ghaeilge go héifeachtach do na páistí scoile. Baineann an chonstaic seo le deireadh na bhfichidí chomh maith. Taispeánann sleachta Sheáin Uí Chiarghusa nár tháinig feabhas ná forbairt ar theagasc na Gaeilge ó 1903 go 1929. Leanann Ó Ciarghusa ar aghaidh le léiriú a thabhairt ar staid na Gaeilge ag tús na dTríochaidí i gceantar na nDéise. Tráchtann sé ar stádas na Gaeilge sa Rinn i 1931. Dúirt sé gur labhair páistí a d'fhreastail ar Choláiste na Rinne Gaeilge. Chuir sé seo áthas air. Ba ábhar dóchais é seo dó.

Pléann sé óráid a thug ‘An Fear Mór’ agus dúirt Ó Ciarghusa gur mhol sé do na páistí, an Ghaeilge a labhairt lena dtuismitheoirí sa bhaile. Tá eagla ar ‘An bhFear Mór’ san alt go bhfuil drogall ar thuismitheoirí na Rinne an Ghaeilge a labhairt lena bpáistí. Ba argóint choitianta í ‘Galldú na scoileanna náisiúnta’, ag tús an chéid. Bhí Coolahan (1981: 25) den tuairim láidir gur chuir an córas oideachais náisiúnta le meathlú na Gaeilge sa naoú haois déag. Dúirt sé; ‘The politics adopted were in line with the cultural assimilation policies typically pursued by colonial power’. Goilleann sé seo go mór ar Ó Ciarghusa.

I gColáiste na Rinne dam ‘gá scríobhadh so dam. Na leanbhaí do bhí annso i rith an gheimhridh, d’imthigheadar abhaile ó chianaibh beag, iad ag stealladh cainte agus ag amhrán agus ‘gá theaspáint do’ n saoghal mór go raibh lán a gcinn de Ghaedhilg aca, agus a gcroidhe lán dí chomh maith. Aréir, tar éis na bpaidreacha, do labhair an Fear Mór leo.

Tá sí agaibh anois agus níl le deunamh agaibh acht í chur ag obair. Nuair raghaidh sibh abhaile chuiridh ag obair í. Acht, b’fhéidir go bhfiafróchaibh sibh díom cionnus a chuirfidh sibh ag obair í nuair ná fuil sí ag bhúr mhuinntir chum sibh a thuigsint ná chum sibh a fhreagairt i nGaedhilg nuair labharfaidh sibh Gaedhilg leo? Is chuige sin atáim. Nuair a tháinig sibh féin annso tá ocht mí nó mar sin ó shoin ann, tá a fhios agaibh nach raibh aon fhocal Gaedhilge agaibh. Cad dheineamar-ne libh? Ar labhramar Béarla libh? Tá a fhios agaibh nár labhramar. Dá labhramís is fada a bheadh sibh gan Ghaedhilg agus bheadh sibh ag dul abhaile go dtí bhur muinntir mar thángabhar, bhúr mBeurlóiribh beaga i n-áit bheith mar atá sibh (‘Ceilbeabhradh’, *The Leader*, 20 Meitheamh 1931).

Tá anáil an Phiarsaigh agus an Chraoibhín le tabhairt faoi deara in óráid an Fhir Mhóir. Tá eagla ar Ó Ciarghusa nach amháin nach bhfuil an Ghaeilge labhartha go forleathan ach ní raibh sé sásta nach raibh spiorad Gaelach ag na hÉireannaigh ach an oiread. Braitear an faitíos a bhí ar Mhac Uí Chiarghusa:

Acht tá rud eile i n-eugmhais na Gaedhilge; is í sin spiorad Ghaedhealach. Gan aon náire bheith oraibh a theaspáint, pé áit i n-a mbeidh sibh, nó pé daoine a mbeidh sibh ag caint leó, gur Gaedhil sibh agus nach seóiníní Gallda. Cuimhnigh nach aon thairbhe daoibh féin ná d’Éirinn Gaedhilg bheith agaibh má choiméadann sibh i bhfolach í. Gur mar a chéile sin agus airgead a bheith ag meilmhíneach a chuirfeadh i dtaisce i mbannc nó i ndíon an tighe é i n-áit é a chur ag obair an mhaithe leis an dtír. An dtuigeann sibh é sin? Tuigimid. (‘Ceilbeabhradh’, *The Leader*, 20 Meitheamh 1931).

Caitheann Ó Ciarghusa solas ar cheann de shaincheisteanna móra na fichiú haoise; is é sin easpa féiniúlachta na nÉireannach. Tá an chuma ar an alt go bhfuil sé bunaithe ar óráid a thug an Dr. Ó Síothcháin. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an alt seo toisc go gcuireann sé seanluachanna na nGael i gcuimhne dá léitheoirí. Is díol suntais é gur lean Ó Ciarghusa ag plé tábhacht na féiniúlachta agus an náisiúnachais. Níl amhras ar bith ach gur mhór an tsuim a bhí aige i stádas na Gaeilge sa Rinn ó 1903 go 1933. Éiríonn leis íomhá shoiléir a chur in iúl ar na dearcaidh éagsúla a bhí ag na Déisigh, idir óg agus sean. Ní haon ionadh é gur chuir dearcadh diúltach na nÉireannach go mór isteach ar athbheochanóirí na tíre le linn na fichiú haoise. Cuireann ailt Uí Chiarghusa tionchar an Bhéarla i láthair dá léitheoirí agus ba théama coitianta é seo ina scríbhinní chomh maith. Léiríonn sé íomhanna soiléire den chultúr seo i 1931. Ní haon ionadh ach go bhfuil mothúcháin bhrónacha air san alt seo. Feictear an t-athbheochanóir, sa ré iarchoilíneach seo, agus an Saorstát bainte amach ag an tír agus fós, tá an lámh in uachtar ag an mBéarla. In alt a scríobh Ó Ciarghusa ar 29 Lúnasa, 1931 dar teideal ‘A knowledge of Irish’, díríonn sé isteach ar na seirbhísí poiblí agus ar an timpeallacht Shasanach a bhí le brath le linn na haimsire seo. Ar an gcéad dul síos, bhí inní ar Ó Ciarghusa faoin easpa Gaeilge a bhí i seirbhísí poiblí na hÉireann ag tús na dTríochaidí. Tugtar léiriú ar bhuachaill óg as an nGaeltacht (‘A knowledge of Irish’, *The Leader*, 29 Lúnasa 1931). Tugtar léiriú ar bhuachaill óg a bhí in ospidéal éigin i mBaile Átha Cliath i 1931 agus ba as ceantar Gaeltachta éigin dó. Ní raibh sé in ann Béarla a labhairt ná ní raibh Gaeilge ag lucht oibrithe an ospidéil: na banaltraí ná na dochtúirí. Seo é Seán Ó Ciarghusa, an t-athbheochanóir, deich mbliana tar éis bhunú an tSaorstáit. Tá muintir na tíre seo in ainm a bheith saor agus neamhspléach agus níl Gaeilge ag éinne san ospidéal. Is scannalach an scéal é seo de réir thuairimí Uí Chiarghusa. Is ceist mhór í an cheist seo do dhuine ar bith atá ina

athbheochanóir nó a bhí ina mhúinteoir Gaeilge. Léiríonn an sliocht seo go bhfuil inní ar Ó Ciarghusa, dá bharr.

Cá dtáim ris? I láthair na huaire, tá garsún cúig bliadhain deug d'aois i n-ospideul i mBaile Átha Cliath gan ar a chumas é féin do chur i dtuiscint acht amháin tré chómharthaibh mar ná fuil aige acht Gaedhilg agus ní'l Gaedhilg ag aoinne de'n lucht freastail.

Tá sé annsú agus go mbadh thruagh leat i slighe é, é ag feadghail go bog dó féin gan aon ghearán d'á dheunamh aige, ní áirmhím aon chuimhneamh aige ar fheall do chur i leith aoinne, Sasanach ná eile. Acht, i slighe eile, badh í badh thruagh leat acht an tír a bhfuil sé le n-aithris mar gheall uirthi an taca so ló gurab ionann ná eachtrannach i n-a príomhchathair istigh garsúin bocht bhfuil sé de mhí-ádh air a knowledge of Irish agus gan aon knowledge of English a bheith aige.

Leac Logha ('A Knowledge of Irish', *The Leader*, 29 Lúnasa, 1931).

Feictear an déistin a bhí air i leith na faidhbe seo san alt thuas. Tá an buachaill cosúil le heachtrannach ina thír dhúchais toisc nach bhfuil éinne in ann teanga dhúchais na tíre a labhairt leis. Tugann a alt le fios go bhfuil Ó Ciarghusa i bhfad níos corraí anseo toisc nach bhfuil idéil na n-athbheochanóirí bainte amach ag an tír. Is scáthán é seo ar athruithe na tréimhse maidir le dul chun cinn an Bhéarla in Éirinn, i lár na bhfichidí agus ag tús na dtríochaidí. Braitear an phráinne iarchoilíneach san alt seo. Pléann Nic Eoin cultúr an Bhéarla a mhair in Éirinn sna fichidí nuair a dhéanann sí cur síos ar shaothar de chuid Shéamuis Mhic Ghrianna dar teideal *Mo Bhealach Féin*. Dúirt sí go raibh príomhcharachtar an tsaothair sin cosúil le coimhthíoch ina thír dhúchais (2005: 77). Tá cosúlacht idir an méid a deir Nic Eoin agus an méid a deir Ó Ciarghusa. Is léir go n-éiríonn leis forbairt a dhéanamh ar a chuid smaointe sa mhéid go gcuireann sé béim ar an lámh in uachtar a bhí ag an mBéarla in Éirinn, nuair a thagraíonn sé don Bhéarla a bhí le feiceáil ar na comharthaí sráideanna i gcathair Bhaile Átha Cliath ó thosach na dtríochaidí. Tugann Ó Ciarghusa cuntas ar an bhfaitíos iarchoilíneach a bhí mórthimpeall air. Trína stíl scríbhneoireachta, braitear an faitíos a bhí ar an

athbheochanóir seo, Seán Ó Ciarghusa, nach bhfuil toradh na hoibre (i ndiaidh neamhspléachas a bhaint amach) le feiceáil sa tír anois.

Ag gabháil tré Bhaile Átha Cliath duit-se, ní bhfuighinn a rádh, dar ndóigh, cad a bheithéa a chuimhneamh i d'aigne, acht, ag gabháil tríd dam féin, chídhim roinnt nídhte ná taithnigheann liom. An mheur-bhagartha úd “CROSS HERE” ag cuid de sna snadhmannaihb bóthar, cuir i gcás, ní fheadar a bhfuil a cómh-ghrána i n-aon chathair eile? Agus an Ghaedhilg bhocht “treasna” go mion, mín, macánta fé n-a bhun thíos mar aistriughadh air! Ní fuláir dar liom nó ba Ghall borb dána do cheap agus do chum agus is beag ná bím umhal d’á réir ‘gá léigheamh dam agus mé buidheach de Dhia nach é “Croppies Lie Down” atá air (‘Ag gabháil tré Bhaile Átha Cliath duit’, *The Leader*, 6 Lúnasa, 1932).

Goilleann na comharthaí Béarla seo go mór air. Tugann an sliocht seo le tuiscint go raibh an-díomá ar Ó Ciarghusa nach raibh níos mó comharthaí Gaeilge le feiceáil ar shráideanna na príomhchathrach i 1932. Cuireann sé idir fhearg agus fhaitíos air go raibh an Béarla seo go mór chun tosaigh i gceannlitreacha agus go raibh an Ghaeilge faoi bhun i litreacha beaga. Feictear, mar sin, nach raibh ag éirí chomh maith sin leis an nGaeilge, deich mbliana i ndiaidh bhunú an tSaorstáit. In ainneoin go raibh an Ghaeilge éigeantach sa chóras oideachais, ní raibh áit aici i ngnáthchúrsaí laethúla. Cuireann sé seo frustrachas ar Ó Ciarghusa agus is finné luachmhar é ar an lámh in uachtar a bhí ag an mBéarla i bpríomhchathair na hÉireann, sa chás seo. Cuireann sé déistin air go dtugtar ainmneacha Béarla ar chomharthaí sráideanna a cuireadh ar bun ar son ghaiscígh mhóra na tíre cosúil le Pádraig Mac Piarais. Braitear éadóchas Uí Chiarghusa mar tuigeann sé go rí-mhaith go bhfuil agus go mbeidh an lámh in uachtar ag an mBéarla i ngach gné den saol in Éirinn.

Rud eile ná taithnigheann liom, ná nár thaithnigh ó thúis, ainmneacha na Sráideanna a bheith i mBeurla agus i nGaedhilg go mór-mhór nuair is i gcuimhne leithéid Pádraig Mhic Phiarais do baisteadh – nó d’ath-baisteadh – an tsráid. Acht cad é an mhaith bheith ag cainnt nuair tá sráideanna nua d’á n-oscailt gach aon lá agus ainmneacha Gaedhealacha d’á chur ortha agus Beurla d’á chur ar an nGaedhilg sin. Nuair tháinig na Gaill go hÉirinn thosnuigheadar láithreach ar na hainmneacha Gaedhilge fuaireadar rompa do chur i n-oireamhaint dá gclusaibh agus dá dteangachaibh féin acht, chum a gceart do thabhairt dóibh, ní rabhadar chómh barbardha sin ar fad agus go n-aistreóchaidís an Ghaedhilg go Beurla (‘Ag gabháil tré Bhaile Átha Cliath duit’, *The Leader*, 6 Lúnasa 1932).

Cabhraíonn ailt Uí Chiarghusa leis an léitheoir íomhá shoiléir a chruthú ina aigne den chomhthéacs teanga seo, nuair a deir sé gurbh é an Béarla teanga an aosa óig. Deir sé gur chaith siad a gcuid ama ag canadh i mBéarla sna sráideanna. Tá brón air toisc go gceapann sé nach bhfuil na hÉireannaigh dáiríre faoin nGaeilge. Tá an phráinne iarchoilíneach le brath nuair a deir sé go bhfuil gá le cur chuige teagaisc níos fearr chun an Ghaeilge a chur i mbéil an aosa óig lasmuigh de na scoileanna.

Ní clos dam na leanbhaí féin a bheith ag canadh mórán Gaedhilge leasmuich de na scoileannaibh – bíodh go múintear amhráin Gaedhilge dóibh in san scoileannaibh anois, fé mar thuigim – acht badh chóir, acht cur chuige i n-am agus i n-ádiribh, a ndóthain iomann do mhúineadh dóibh sin agus sluagh díobh do chur ag siubhal na sráide lá éigin dóibh féin ‘ghá gcanadh (‘Ag gabháil tré Bhaile Átha Cliath duit’, *The Leader*, 6 Lúnasa 1932).

Léiríonn na sleachta seo mar sin go bhfuil Ó Ciarghusa ag filleadh ar na hargóintí céanna arís is arís eile ach léiríonn an sliocht go bhfuil dóchas áirithe aige go gcomhlíonfaí idéil na hathbheochana. Pléifear an Ghaeilge i gcóras oideachais na tíre níos déanaí sa chaibidil seo, in 3.2. Cé go raibh buncharraigeacha an chórais oideachais leagtha síos faoin mbliain 1868, léiríonn Máirtín (2003: 208) go raibh slánú na Gaeilge ag brath ar an gcóras oideachais ó thosach an chéid, ach córas Sasanach ab ea é. Chuir sí leis an smaoineamh seo nuair a dúirt sí; ‘níor cleachtuigheadh an Gaedhilg ins na scoileanna sin’ (Máirtín 2003: 208). Tugann ailt Uí Chiarghusa le fios áfach go raibh sé dúshlánach go leor an t-aos óg a spreagadh i leith na Gaeilge fad is a bhí timpeallacht Shasanach mórtimpeall orthu. Filleann sé ar staid na Gaeilge ina áit dhúchais féin i 1933, agus caitheann sé solas ar an bhforbairt a tháinig ar staid na Gaeilge ag tús na dtríochaidí. Arís eile, luann Ó Ciarghusa duine de bhunaitheoirí Cholaíste na Rinne, cuirim i gcás, an Dochtúir Micheál Ó Síochthcháin (1870-1945) as an Rinn, Co. Phort Láirge. Tagraíonn sé do réamhrá dá leabhar dar teideal *Seanchaint na nDéise* a foilsíodh i 1906. Déanann sé cur síos ar fhairsing na Gaeilge lasmuigh de Cholaíste na

Rinne le linn tús na fichiú haoise. Léiríonn an méid seo chomh maith go bhfuil Ó Ciarghusa bródúil as an méid Gaeilge a bhí sa Rinn ag casadh an chéid (tagraíonn sé don tréimhse inar bunaíodh Coláiste na Rinne i 1905). Anuas air seo, tráchtann sé ar staid na Gaeilge sa Rinn arís i 1933. Cuireann sé in iúl gur iomaí páiste a tháinig chuig Coláiste na Rinne chun an Ghaeilge a fhoghlaim i 1929 agus arís i 1933.

Im shuidhe ar chliathán cnuic os cionn Coláiste na Rinne dam 'ghá scríobhadh so. Lá scurtha an Choláiste é agus chím uaim thíos an tsochraid gluaisteán agus bus ag bogadh chum siubhail as an bhfaithche ag breith na mac agus na n-inghean léighinn go cúig áirdibh na hÉireann abhaile. Bhíodar annso, gairid do cheithre ceud duine aca mná riaghalta ceud agus seisear deug díobh, ar feadh na míosa so caithte, agus mara bhfuil foghmhar de Ghaedhilg agus de bheuloideas na h-áite bainte agus ceangailte agus curtha chucha i n-a gceann agus n-a gcuid leabhar meamraim aca, táim-se ag dul amudha.

Seadh' is mór idir indé agus indiu maidir le cúrsaí an Choláiste sa Rinn acht, an fhaid do bhí an coláiste ag cur faoi agus ag fás, do bhí an Ghaedhilg leasmuich de'n Choláiste ag tréigint agus ag fagháil báis go dtí le déidheannaighe. Dubhairt an Dochtúir Ó Síothcháin is san réamhrádh do scríobh sé le "Seanchainnt na nDéise" gurbh í an Ghaedhilg teanga na n-iascairí ar an bhfairrige san áit, teanga na bhfeirmeoirí ar a dtuaith, teanga na bpáisdí ag súgradh dóibh ar fhaithche tighe na scoile ('In san Rinn dam', *The Leader*, 12 Lúnasa, 1933).

Cé go raibh tóir ar Choláiste na Rinne ag an am sin, is léir gur mhór an difríocht idir staid na Gaeilge sna tríochaidí ann agus an méid Gaeilge a bhí ann sna blianta roimhe sin. Cuireann Ó Ciarghusa duine de bhunaitheoirí Choláiste na Rinne i láthair san alt seo. Mhúineadh an Dochtúir Micheál Ó Síothcháin (1871–1945) Gramadach agus foghraíocht Gaeilge na Rinne sa choláiste. 'Thugadh sé ceachtanna ar luibheolas chomh maith'. Scríobh sé roinnt leabhar Gaeilge ar nós *Gabha na coille*, 1915, ach 'an leabhar is iomráití óna pheann, *Seanachaint na nDéise*, foilsíodh é i 1906' (Breathnach & Ní Mhurchú 1992: 137). 'Bhíodh *Sheehan's Apologetics* á úsáid mar théacsleabhar creidimh sna meánscoileanna Caitliceacha ar feadh i bhfad.' (Breathnach & Ní Mhurchú 1992: 137). Cuimhníonn an Dr. Ó Síothcháin siar ar na seanlaethanta nuair a bhí an Ghaeilge ina gnáththeanga labhartha ag muintir na Rinne agus baint aici le beagnach gach gné dá saol, ach a mhalairt atá i gceist anois. Is cúis onóir do Sheán Ó Ciarghusa gurbh í an Ghaeilge teanga na nDéiseach sna tríochaidí, dar le duine de bhunaitheoirí Choláiste na Rinne, an Dochtúir Ó Síothcháin.

San alt céanna, tugann Ó Ciarghusa léiriú chomh maith ar thionchar an Bhéarla a bhí go forleathan i dtimpeallacht an Choláiste cúpla bliain roimhe sin, toisc gur tháinig scata páistí ó cheantair Ghalltacha agus Béarla ar a dtoil acu. Cuireann sé seo déistin air, dá bharr. Ach léiríonn sé gur a mhalairt atá i gceist i 1933, toisc go bhfuil an Ghaeilge á labhairt ag páistí na Rinne.

D'imthigh sin agus dheineas féin gearán in san Leader cúpla bliadhain ó shoin gurbh' Bheurla d'airigh mé ar siubhal ag na páisdibh scoile agus gur ghreannmhar agus gur ghránna an sceul é, adubhairt mé, agus páistí ag cannlughadh, ó'n Ghalldacht go dtí an Coláiste ag foghlaim na Gaedhilge. Buidheachas le Dia, d'imthigh sin leis, agus anois, is í an Ghaedhilg aireóchthá ag leanbhaidh na scoile arís. Dála gach aon áite d'á saghas, bhí an roth ag casadh tuathal ann go mall, agus níor theastuigh uaidh acht meur do leagaint chum é stopadh agus é chur ag casadh deiseal ('In san Rinn dam', *The Leader*, 12 Lúnasa, 1933).

Tugann Ó Ciarghusa léargas ar an gclaochlú mór atá tar éis teacht ar an nGaeilge ó thosach an chéid sa Rinn. Cuireann sé ríméad air go bhfuil an Ghaeilge ar bharr teangacha na bpáistí sa Rinn. Tá Ó Ciarghusa dóchasach faoi thodhchaí na Gaeilge sa Rinn. Is fianaise luachmhar í seo ar úsáid na Gaeilge sna tríochaidí sa Rinn. Ar thaobh amháin, is rud suntasach é go bhfuil ar chumas na bpáistí an Ghaeilge a labhairt ach ní mó ná sásta atá Ó Ciarghusa nach bhfuil sí á cur chun cinn mar is ceart. Is cúis imní dó chomh maith go bhfuil spiorad Gaelach, dar leis, in easnamh i measc na nDéiseach. Creideann sé nár chóir go mbeadh náire orthu ina taobh. Níl drogall ar Ó Ciarghusa léiriú a thabhairt ar thionchar an Bhéarla a bhí go mór chun tosaigh in Éirinn i 1934. Éiríonn leis an téama seo a chur i láthair trí léiriú a thabhairt ar Bhéarla an aosa óig agus iad ar an bpáirc imeartha. Arís eile, díríonn sé ar na daoine óga a bhfuil an Béarla ar bharr a dteangacha acu. Deir sé gur labhair na himreoirí camógaíochta Gaeilge ach gurbh é an Béarla príomhtheanga na bpáistí a bhí ina suí ar an gclaí le linn an chluiche. Braitear an phráinne iarchoilíneach a mhair sa tréimhse seo. Tugann sé seo le tuiscint go raibh an Ghaeilge agus an Béarla in úsáid taobh le taobh. Cuireann sé a chuid feirge in iúl mar bhí Béarla i mbéal na n-imreoirí ag an gcluiche Gaelach seo. Chreid sé go

láidir go ndéanann an Béarla dochar don Ghaeilge. Ba phort leanúnach é seo aige. San alt seo thíos, léiríonn Ó Ciarghusa an déistin a bhí air toisc gur thuig sé go rí-mhaith go raibh Gaeilge ar chumas na n-imreoirí óga seo ach gur shocraigh siad ar an mBéarla a labhairt. Cuireann sé idir inní agus fhearg air nach raibh fonn orthu leaganacha Gaeilge dá n-ainmneacha a thabhairt ar na himreoirí.

Do mholas an Chamóguidheacht agus na cailíní imreann í tá tamall ó shoin ann. Pé mar atáthar ag éin-nídh eile i nÉirínnn, tá an cluiche sin ag dul chun cinn, agus guidhimíd go léir fad saoghal chum Sheáin Uí Dhubhthaigh agus a chomh-stiúrthóirí. Níl acht aon ghearán amháin agam-sa le deunamh i dtaoibh an chluiche – an iomad dúil a bheith ag na hiománuidhthibh ar an gclaidhe in san mBeurla.

Na hiománuidhthe ar an gclaidhe, adeirim, mar is iad agus ní hiad na iománuidhthe ar an bpáirc a bhíonn ag cainnt agus ag liúghraigh i mBeurla. Chum a gceart do thabhairt do na hiománuidhthibh ar an bpáirc, d'áireóchthá Gaedhilg uatha go minic, agus is dócha go bhfuil Gaedhilg uatha go minic, agus is dócha go bhfuil Gaedhilg ag a lucht leanamhna leis. Ní fuláir nó is amhlaidh dearmhadaid siúd í nuair bhídh corruighthe agus ar bior, acht ní haon dioghbháil a ndualgas do chur i gcuimhne dóibh. Ní beag de'n donas orainn lucht leanamhna na bhfear i bPáirc Cróc agus eile a bheith ag coilleadh geas i dtaoibh na teangan gan na cailíní do leanamhaint a luirg.

Cé ná molaim an t-uan do mhúineadh méighlighe d'á mháthair, iomdha slighe i n-a bhfuigheadh na cailíní a ndualgas Gaedheal do mhúineadh do na fearaibh i gcúrsaí spóirt. Éin-nídh amháin; gheobhaidís a n-ainmneacha do chlárughadh i nGaedhilg agus claidhe leis na hainmneachaibh sin. Seadh, agus clampar do dheunamh le lucht na nuadhachtán agus a chur d'fhiachaibh orth na hainmneacha do chur i gcló i nGaedhilg.

Ní beag de náire (nó, an cúis gáire é, ní fheadar?) – fóirne a baisteadh i nGaedhilg agus gurab í an Ghaedhilg a ngnáth-theanga ag imirt dóibh agus i ngach aon áit, a n-ainmneacha siúd bheith i mBeurla, Miss é seo agus Miss í siúd, in sna nuadhachtáin, agus gan focal Gaedhilge mar gheall ortha féin ná a gcluiche.

Nídh eile, tá nós ar na cailíníbh – agus is deas an nós é – an fhuireann a chailleann do ghlaodhach “three cheers!” do'n fhuireann a ghabhann. Cad chuige ná dheintear an glaodhach as Gaedhilg? Is cuimhn le cuid againn ag an Oireachtas fadó an spionnadh do chuireadh ‘An Craoibhín’ ionainn go léir le n-a “Trí gártha ar chnoc!” Dar liom-sa, badh chuibhe do na cailíníbh camóguidheachta aithris do dheunamh ar an “gCraoibhín” anois. Caithidís uatha na “three cheers!” pé sceul é (‘An Galar Gallda’, *The Leader*, 19 Bealtaine 1934).

Is léiriú é scríbhinní Uí Chiarghusa ar cheist níos leithne a bhí i mbéal an phobail san fhichiú haois. Níor tagraíodh ach d'fhorlámhas an Bhearla ina dhiaidh sin. De dheasca ar an neamhaird a tugadh ar an nGaeilge ó thosach an chéid, rugadh agus tógadh an t-aos óg le Béarla agus bhí tionchar an Bhéarla mórthimpeall orthu. Cothaíodh agus saothraíodh an

Béarla seo le himeacht aimsire, toisc gur éirigh sé ina ghnáththeanga labhartha in Éirinn. Tá díomá le brath i scríbhinní Sheáin Uí Chiarghusa. Tugann an t-alt thuasluaite léiriú ar an dochar a rinne an Béarla don teanga agus don chultúr Gaelach. Is fuinneog é an sliocht seo thuas ar mheon an aosa óig a bhí chomh mór sin faoi thionchar an Bhéarla. Is seodra luachmhara iad scríbhinní Uí Chiarghusa ar staid na Gaeilge i gceantar na nDéise. Tuigtear ón méid seo thuas go bhfuil dlúthbhaint idir staid na Gaeilge sna Déise agus tionchar an Bhéarla a bhí mórthimpeall ar na Déisigh agus ar na hÉireannaigh um an dtaca seo. Chloígh Ó Ciarghusa leis na conspóidí comhaimseartha seo a bhí mar phríomhthéamaí aige ina scríbhinní ó thosach na fichiú haoise go dtí na tríochaidí. Léiríonn a shaothar iriseoireachta go raibh dearcadh diúltach ag an gcuid is mó acu, agus go raibh an neamhshuim seo ina chnámh spairne agus ag dó na geirbe ag Ó Ciarghusa. Tháinig snas ar struchtúr na n-alt a d'fhoilsigh Ó Ciarghusa ar staid na Gaeilge sna Déise agus ar thionchar an Bhéarla in *An Claidheamh Soluis* i 1903 agus ar na cinn a d'fhoilsigh sé in *The Leader* i 1934. Ní raibh sé ach ag cur tús lena shaol mar iriseoir i 1903 agus é lonnaithe i Londain. Ní raibh mórán taithí aige ar cheird na scríbhneoireachta fad is a bhí sé ansin. Bhí cónaí air i mBaile Átha Cliath le linn na bhfichidí agus na dtríochaidí agus d'fhoilsigh sé cuid mhaith alt ag an bpointe seo. Ní haon ionadh ach go raibh difríochtaí idir an stíl scríbhneoireachta a bhí aige sna blianta luatha seo i gcomparáid leis na blianta deireanacha (1920 agus 1930) má chuirtear an t-eolas seo san áireamh.

Níor bhain sé úsáid leanúnach as paragraif sna hailt luatha dá chuid a foilsíodh chun idirdhealú a dhéanamh idir na codanna difriúla. D'éirigh leis paragraif a úsáid sna hailt a d'fhoilsigh sé níos deireanaí sna fichidí agus sna tríochaidí, agus bhí cuma níos soiléire orthu agus bhí siad níos soléite, dá bharr. Ina theannta sin, níor thagair sé do thuarascálacha nó d'fhigiúirí cruinne maidir le líon na gcainteoirí Gaeilge nó i dtaobh líon na bpáistí a d'fhreastail ar Choláiste na Rinne. Bhí smaointe níos forbartha aige maidir leis an téama seo sna hailt a d'fhoilsigh sé in *The Leader* ná mar a bhí aige ina ailt luatha in *An Claidheamh*

Soluis sa sraith ailt a d'fhoilsigh sé dar teideal 'I nDúthaigh Dhéiseach'. Mar a luadh i rannóg 3.1, bhain Ó Ciarghusa úsáid as ainmneacha cleite faoi leith agus ní léir go raibh baint ag na hainmneacha seo le hábhar faoi leith ach amháin gur úsáid sé 'Marbhán' agus 'Cloch Labhrais' ina ailt luatha (*An Claidheamh Soluis*) agus 'Leac Logha' ina ailt níos deireanaí (baineann siad siúd leis an nuachtán *The Leader*). Níl fianaise domhain áfach a léiríonn go raibh patrún faoi leith aige maidir le húsáid na n-ainmneacha cleite seo.

3.2. An Ghaeilge i gcóras oideachais na hÉireann agus dearcadh an aosa óig i leith stair chultúrtha na tíre agus i leith na teanga, de réir Uí Chiarghusa.

Is téama fíor-thábhachtach é an Ghaeilge i gcóras oideachais na hÉireann mar aon leis an dearcadh a bhí ag an aos óg ina leith i saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa toisc go dtugann sé léiriú ar Sheán Ó Ciarghusa mar fhoghlaimeoir Gaeilge, mar oideachasóir, mar ghníomhaí teanga, agus mar bhall gníomhach den Chonradh. Is scáthán maith é an téama seo air chomh maith, toisc gur mhór an tsuim a bhí aige i gcúrsaí oideachais. Fiú ina ailt a bhaineann le staid na Gaeilge sna Déise, tá tagairtí déanta aige do ghnéithe de mhúineadh na Gaeilge mar chuid den phlé. Is féidir a rá mar sin, gur téama lárnach é an Ghaeilge sa chóras oideachais i saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa. Is léir gur fhás agus gur cothaíodh an tsuim a bhí aige i gcúrsaí múinteoireachta ó thosach an chéid toisc an bhaint a bhí aige i gcrúinnithe ar chúrsaí múinteoireachta i 1901 i dteannta leis an athbheochanóir mór le rá, Seán Ó Catháin. Anuas air seo, léiríonn fianaise atá bailithe ag Breathnach agus Ní Mhurchú (1990) gur mhúinteoir Gaeilge ab ea é i gColáiste Chomhghaill: 'bhí Seán ar dhuine de na Muimhnigh úd a bhíodh ag teagasc na Gaeilge i gColáiste Chomhghaill ann' (1990: 79). Léireofar an tuiscint fhairsing agus an tsuim a bhí ag Ó Ciarghusa i dtuairimí gníomhaithe Gaeilge aitheanta cosúil le

Dubhghlas de hÍde, le Pádraig Mac Piaras agus Seán Ó Catháin, i leith fhoghlaím agus theagasc na Gaeilge. Tabharfar léiriú anseo ar dhearcadh agus ar thuairimí Uí Chiarghusa i leith inniúlacht agus obair na múinteoirí maidir le mhúineadh na Gaeilge. Ina theannta sin, ní raibh drogall ar bith air réitigh agus moltaí a thabhairt chun constaicí a shárú, díreach mar atá déanta aige sa téama atá thuasluaite.

Tuigtear cé chomh dáiríre is a bhí Ó Ciarghusa i leith na Gaeilge toisc gur tugadh ‘Methods of Teaching’ ar an dara halt a d’fhoilsigh sé. Sula bpléann sé modhanna teagaisc na Gaeilge go mion, cuireann sé a thuairimí maidir le foghlaim na Gaeilge i láthair, áit a gcuireann sé an t-athbheochanóir cáiliúil, Seán Ó Catháin (1873 – 1937), in aithne dá léitheoirí. Tugann sé léiriú maidir leis an gcaoi ar fhoghlaím an t-athbheochanóir mór le rá seo an Ghaeilge. Cosúil le Seán Ó Ciarghusa féin, d’éirigh leis an gCathánach a bheith ina Oifigeach Custaim is Máil in 1892 i Londain. D’fhoghlaím sé scríobh na Gaeilge ann, mar a rinne Ó Ciarghusa (rud atá pléite thuas in 1.4, d’fhoghlaím Ó Ciarghusa scríobh na Gaeilge i Londain ag deireadh an naoú haois déag. Tá sé sin luaite i scéala báis Sheáin, cé nach bhfuil an fhianaise rí-shoiléir). Bhí Ó Catháin ina rúnaí ar chraobh na Fáschoille, Londain. D’aistrigh sé go Béal Feirste ina dhiaidh sin. Bhunaigh sé Coláiste Chomhghaill ann sa bhliain 1905 (Breathnach & Ní Mhurchú 1990: 77). Mar a léiríodh, is minic a bhíonn scéilíní agus comhráite lena lucht aitheantais, in úsáid ag Ó Ciarghusa agus tá sé seo le tabhairt faoi deara san alt seo, maidir leis an bplé ar fhoghlaím agus ar mhúineadh na Gaeilge. Bhí imní air mar cheap sé nach raibh muintir an Chonartha ar fud fad na hÉireann dáiríre faoi theagasc na Gaeilge. Chreid sé dá mbeidís dáiríre agus buartha faoi mhúineadh na Gaeilge, go mbeadh modh teagaisc ar bith oiriúnach chun an Ghaeilge a mhúineadh go héifeachtach. Léiríonn an fhianaise seo go raibh sé go mór i dtiúin le díospóireachtaí

tábhachtacha na fichiú haoise maidir le múineadh na Gaeilge, agus cé nach luann sé na modhanna teagaisc san alt seo, thuig sé gur ceistachrannach í lena linn.

Nuair do léigheas an chéad aiste dár sgríobh Seaghán Ó Catháin ar an gceist seo, is é adubhart liom féin ná fuláir nó tá Seaghán 'n-a mhúinteóir maith fé'n am so, mar deirtear liom gur fhoghlaím sé féin Gaedhilg leastigh do'n aon bhliadhain amháin tá sé éigin bliadhna ó shoin, agus tá's agam go bhfuil sé 'ghá múineadh gach uile oidhche ó shoin beagnach. Níl a fhios agam cathain, nó cionnus a phioc "Cú Uladh," suas a chuid Gaedhilge; acht, do réir deallraimh, tá sí aige le fada de bhliadhantaibh, agus badh dhóigh leat gur chóir go mbeadh comhairle fóghanta aige-sean le tabhairt do dhuine leis. Ní fheadar féin. B'fhéidir go bhfuil cuid de'n cheart ag gach taobh díobh. Tá eagla orm, ámhthach, go bhfuil an ceart ag Seaghán nuair dheireann sé nach bhfuil aon tsuim cheart d'á cur ag an gConnradh ar fad 'san gceist. Níl, agus go dtí go bhfuil, beidh daoine macánta mar Ed. A. Twohey cráidhte ó bheith ar thóir na Gaedhilge agus an Ghaedhilg ag teicheadh uatha.

Anois, ní deirim-se ná go bhfuil an Coisde Gnótha ag cur suime 'san gceist. Is iad muinntir an Chonnartha ar fud na tíre is dóigh liom-sa is mó is cionntach. B'fhéidir ná tuigean siad deacracht na hoibre- agus dar ndóigh, is é an chéad uair riamh aca é 'ghá chur rómpa obair de'n tsórt de dhéanamh – acht, pé cúis atá leis, nílíd, tá eagla orm, ag cur chum na hoibre i gceart ná i ndáiríribh. Agus ní hé "modh" is mó a theasduigheann uatha. Dá mbadh go rabhadar go léir i ndáiríribh, pé "modh" a bheadh againn, is é mo thuairim-se gur ghearr an mhoill orainn an teanga d'fhoghlaim. Agus 'n-a choinne sin thall, dá fheabhas an "modh", 'dé mhaith é?, faid is ná fuilimid i ndáiríbh? ('Methods of Teaching', *An Claidheamh Solais*, 4 Iúil 1903).

Chuir an Bord Náisiúnta acht nua oideachais i bhfeidhm i 1900 ach níor tugadh aitheantas don Ghaeilge: 'Thug an clár so príomh- áit do'n Ghearmáinis, os cionn na Fraincise, agus fíor-dhroch-áit do'n Ghaedhilg, óir do rinne sé teangacha 'Éiginteacha' de'n Laidin, de'n Ghréigis, de'n Ghearmáinis agus de'n Fhraincise. ...agus do fágadh an Ghaedhilg amach ar fad, acht go mb'éidir le dalta í do bheith aige mar fó-ádhbhar eile - dá mbadh mhaith leis é; acht ní raibh sé riachtanach, mar bhí na teangacha eile (de hÍde 1937: 110). Bhí fearg ar chonraitheoirí mar gheall air seo. Braitear an teannas agus an naimhdeas eatarthu. Caitheann Ó Ciarghusa solas ar an tréimhse theannasach a mhair ó thosach an chéid maidir le ceist na Gaeilge agus leis an gceist náisiúnta. Is léir ón méid seo go raibh sé féin ar son mianta an Chonnartha, is é sin, an Ghaeilge a fhí isteach i

ngnáthshaol na scoile. Déanann sé forbairt ar a thuairimí maidir le modhanna teagaisc na Gaeilge san alt céanna. Creideann sé go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a labhairt sa bhaile nuair atá fonn ar dhuine í a fhoghlaim. Goilleann sé go mór air nach ligeann na Déisigh dá bpáistí dul i measc mhuintir na háite chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Deir sé go dtuigeann siad go rí-mhaith an tábhacht a bhaineann leis an nós seo, ach nach ngéilleann siad dó. Tá macallaí smaointe de chuid Eoin Mhic Néill le tabhairt faoi deara san alt seo. Díospóireacht mhór ab ea modhanna teagaisc maidir le múineadh na Gaeilge, rinne smaointe Mhic Néill macalla ar phríomhaidhmeanna an Chonartha, is é sin, tábhacht na Gaeilge labhartha agus bhí áit lárnach aige-sean, i múineadh na teanga chomh maith, dar le Mac Néill. Ba léir mar sin, gur cháin Mac Néill modhanna teagaisc na Gaeilge a rinne neamhaird ar an nGaeilge labhartha (Mac Mathúna & Mac Gabhann 1981: 29) a fhí isteach sa rang Gaeilge. Bhí sé seo ar cheann de na saincheistean móra le linn an ama seo agus ba phort leanúnach é i scríbhinní Uí Chiarghusa ó thosach an chéid. Baineann na smaointe seo leis an modh díreach, modh teagaisc oifigiúil an Chonartha.

Is fada cruaidh an obair é an Ghaedhilg (nó aon teanga nua) d'fhoghlaim agus ní dhéanfaidh uair nó dhó 'sa' tseachtmhain an gnó d'aoinne. Dá gcoimeádaí leanbh i bhfolach fé chiseán agus ná leigí amach é acht, abair an Domhnach i gcomhnaidhe, chum na daoine chloisint ag caint, dé a fhaid, ní fheadar go dtí go mbeadh caint aige! Acht measann a lán daoine 'san gConnradh – an chuid is mó aca, tá eagla orm an Ghaedhilg d'fhoghlaim ar an slighe sin. Ní dhéanfaidh siad agus nílid 'ghá dhéanamh, agus pé "modh" a cheaptar dóibh, caithfear é bheith oireamhnach chum go bhféadfaid siad úsáid do dhéanamh de 'sa' mbaile ar an dteinteán, mar 'sa' mbaile is eadh déantar an obair, má dhéantar i n-aon chor é ('Methods of Teaching', *An Claidheamh Solais*, 4 Iúil 1903).

Mar a dúradh, chreid Mac Néill go raibh sé an-tábhachtach an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn agus bhí sé seo ar cheann de phríomhaidhmeanna an Chonartha. Léiríonn an t-alt seo go raibh Ó Ciarghusa go mór i dtiúin le smaointe lucht na hAthbheochana. Ní raibh eagla air modhanna teagaisc na Gaeilge a cháineadh cosúil

leis na hathbheochanóirí, as ucht na neamhairde a rinneadh ar an nGaeilge labhartha. Tá Ó Ciarghusa den tuairim láidir gur chóir don Ghaeilge a bheith á labhairt sa bhaile má tá an páiste chun í a fhoghlaim agus chun dul i dtaithí uirthi. Deir Máirtín (2003: 201) ‘mar theanga labhartha seachas mar theanga scríofa a d’fhás tuiscint agus meas na nGael ar an nGaeilge’. Cuireann sé déistin ar Ó Ciarghusa nach ndéanann na Déisigh iarracht an Ghaeilge a labhairt sa bhaile agus deir sé nach ndéanadh modh teagaisc aon difríocht dá bharr. Scríobh sé an t-alt seo ar 18 Lúnasa 1903. Cáineann sé an sórt Gaeilge a mhúintear ar scoil. Goilleann Gaeilge lochtach na scoileanna go mór air. Is finné luachmhar é a thugann léiriú ar dhearcadh na nDéiseach maidir le Gaeilge na scoileanna i dtosach an chéid. Tugann sé an t-eolas seo ó dhearcadh tuismitheora i gceantar na nDéise.

Bhíos ag caint le máthair chloinne i nDomhn’ Gharbháin i mbliadhna – bean go bhfuil an Ghaedhilg thar barr agus gan acht fíor-bheagán Béarla, aici féin – agus nuair d’fhiafruigheas di an raibh Gaedhilg ag a hingeanuibh dubhairt sí ná raibh, acht go rabhadar ‘ghá foghlaim san scoil. “Agus a’ labhrann tú leo í?” arsa mise. D’fhéach sí orm. “Dé! A mhic ó, !” ar sise, “Dé mhaith dom? Dar ndóigh, ní thuigfidís mé”. Sin é é. Labharfaidh sí Gaedhilg leo chomh luath i nÉirinn agus beidh an teanga foglumtha aca san scoil. Féach air sin! Nách mór an truagh nár dheineadh amhlaidh leis an mBéarla bliadhanta ó shoin! (‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *An Claidheamh Soluis*, 18 Lúnasa 1903).

Is sliocht cumasach é an sliocht seo a léiríonn an neamhaird a tugadh ar mhúineadh na Gaeilge le linn an ama seo. Cuireann sé seo go mór isteach ar Ó Ciarghusa nach féidir le tuismitheoir an Ghaeilge a labhairt lena pháiste. Deir an tuismitheoir linn nach múintear Gaeilge nádúrtha, caint na ndaoine ar scoil. Braitear an díomá a bhí air é seo a chloisteáil. Ní rachadh sé seo i dtairbhe don Ghaeilge ná ní spreagfadh sé an t-aos óg dul i dtreo na Gaeilge labhartha ach an oiread. Níor thug na cigirí féin mórán airde ar an nGaeilge nuair a thugaidís cuairt ar na scoileanna náisiúnta (Hyland & Milne 1987: 115). Ní mó ná sásta a bhí Ó

Ciarghusa agus é ag tabhairt léiriú ar dhearcadh diúltach na gcigirí i leith na Gaeilge i scoil éigin sa Rinn sa bhliain 1903.

Níl cigirí an bhúird – an chuid is mó aca – acht ag magadh féin obair – (bhí sé de mhisneach nó de dhánaidheacht ag na sgoiláiríbh i sgoil áirithe i nDúthaigh Dhéiseach an lá eile cromadh ar gairídhe fé'n gcigire féin nuair airigheadar an saghas Gaedhilge a bhí aige, agus é ag ceistniughadh na máighistreás), agus is deacair aon tsuim a bheith ag na sgoiláiríbh san Ghaedhilge faid agus “Fágfamaoid siúd mar atá sé” (‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *An Claidheamh Soluis*, 8 Lúnasa 1903).

Caitheann smaointe Uí Chiarghusa solas ar smaointe Mháirtín (2003) thuas maidir leis an dímheas a bhí ag na cigirí agus ag údaráis na scoileanna ar na múinteoirí. Ba bheag an meas a bhí ag na páistí scoile orthu ach an oiread, dá bharr. Ba thruamhéileach an scéal é agus ba phort leanúnach é seo. Léiríonn Ó Ciarghusa nár caitheadh go maith leo agus ghoill sé seo go mór air. Luann sé an téama seo athuair níos deireanaí sa bhliain seo ar 26 Meán Fómhair, 1903. Tá an t-alt seo mar chuid den tsraith alt seo faoin teideal ‘I nDúthaigh Dhéiseach’. Mar a cuireadh in iúl go dtí seo, pléann sé múineadh na Gaeilge sna cinn seo seachas staid na Gaeilge ina áit dhúchais. Is í tábhacht na Gaeilge labhartha atá ag dó na geirbe ag Ó Ciarghusa anseo. Braitear práinne na ceiste seo toisc go bhfuil súil aige go nglacfaidh na Déisigh le cuspóirí an Chonartha agus go ndéanfaidh siad iarracht iad a chur chun cinn. Tá an méid a deir Máirtín ag teacht leis an smaoineamh seo (2003: 207) nuair a deir sí; ‘Rinneadh an-iarrachtaí deireadh a chur leis an nGaeilge agus b’iomaí tuismitheoir a raibh sí ar a dtoil acu féin ach nár labhair ach Béarla lena gclann’. Ní bhíonn ar chumas an aosa óig an Ghaeilge a labhairt, dá bharr.

Aduhairs Pádraig Ó Cadhla ós comhair na hÁrd-Fheise i mbliadhna. ‘Tá an Ghaedhilg go beó blasta ag urmhór muinntir na háite seo (lag na nDéise) fós’. Seadh, agus “tá urmhór na ndaoine ós cionn dá ficead bliadhain d’aois san gceanntar i n-umhail chum Gaedhilge do labhairt”. Dála a gcomhráda na n-áiteannaibh eile ámhthach, ní labhraid Gaedhilgeoirí na nDéise an Ghaedhilg le na bpáisdíbh agus ar an ádhbhar sin, tá cuid mhaith díobh-sa atá fé bhun fice bliadhain d’aois gan an Ghaedhilg (‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *An Claidheamh Soluis*, 8 Lúnasa 1903).

Sé an obair mar sin, na sean-daoine do chur ag labhairt na Gaedhilge arís leis an aos óg – mar ní haon mhaith, dom ‘dhóigh –sa, bheith d’iarraidh do chun ‘ghá labhairt le daoinibh fásta nach bhfuil sí aca; Is deacair go leór do mhúinteoir sin do dhéanamh. Ní rachadh na sean-daoine go dtí na scoileanna acht an oiread, agus b’fhéidir gur mhaith an rud é sin; b’fhearr liom féin go háirithe na scoileanna oidhche bheith ar an dteinteán sa bhaile (‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *An Claidheamh Soluis*, 8 Lúnasa 1903).

Cosúil leis an alt eile dar teideal ‘I nDúthaigh Dhéiseach’, *An Claidheamh Soluis*, 8 Lúnasa 1903, aithníonn Ó Ciarghusa go bhfuil Gaeilge ag tuismitheoirí na Rinne ach sa chás seo níl fonn orthu í a labhairt lena bpáistí. Díríonn sé ar sheandaoine na Rinne san alt seo. Creideann sé gur chóir do na Déisigh na seandaoine a chur ag labhairt as Gaeilge le daoine óga na nDéise. Molann sé dóibh máistir Gaeilge a chur i dtithe an cheantair chun an Ghaeilge a chur chun cinn sna tithe. Deir sé go gcaithfidh Gaeilge mhaith a bheith ag na máistrí seo agus cuireann sé scríbhneoirí móra na fichiú haoise in aithne dá léitheoirí: ‘Conán Maol’ agus ‘beirt Fhear’, mar shampla. Bhain an státseirbhíseach agus an scríbhneoir Séamus Ó Dubhghaill (1855-1929) úsáid as ainm cleite dar teideal ‘Beirt Fhear’ (Breathnach & Ní Mhurchú: 1990: 104). D’oibrigh Ó Ciarghusa leo in oifigigh Chustaim is Máil i Londain sa dara leath den naoú haois déag. Ba phort leanúnach é tábhacht na Gaeilge labhartha i gcomhthéacs an oideachais. Tá an smaoineamh seo le tabhairt faoi deara níos deireanaí sa bhliain ar 17 Deireadh Fómhair 1903. Tá faitíos air nach múintear an Ghaeilge mar theanga bheo faoi dheireadh na bliana 1903. Tuigeann sé go rí-mhaith nach bhfuil na scoileanna chomh dáiríre faoin nGaeilge is atá siad faoi na teangacha eile. Chun comhthéacs stairiúil na conspóide seo a chur san áireamh, tugann Ó Suilleabháin (1988) léiriú ar na hathruithe a tharla i dtreo deireadh an naoú haois déag maidir le múineadh na Gaeilge. In 1878, deich mbliana i ndiaidh na hagóide seo, tugadh cead do na múinteoirí an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar breise sna méanscoileanna. ‘Ceiltis’ an t-ainm a tugadh air. ‘Ceadaíodh Gaeilge a mhúineadh mar ábhar breise taobh amuigh de ghnátham scoile, 1879, agus bheadh

táillí le fáil ar aon chéim leis na táillí a bhí ar fáil as Laidin agus Fraincis a mhúineadh. Déanfaí breithiúnas ar obair an mhúinteora de réir fhreagraí na ndaltaí ar cheisteanna an chigire. Scéim na dTorthaí a tugadh air. Níor múineadh an Ghaeilge i mórán scoileanna mar ní raibh dóthain múinteoirí cáilithe ar fáil ná ‘leabhair oiriúnacha teagaisc’ (Ó Suilleabháin 1988: 2). Ba dhúshlán mór é seo agus lean sé aghaidh i rith na fichiú haoise, mar a léiríonn Ó Ciarghusa ina ailt. Goilleann sé seo go mór air.

Lasmuich de’n gConnradh i gCathair PhortLáirge, tá an Ghaedhilg dá múineadh i gcuid des na sgoileannaibh, acht níl aon chúntas cruinn agam ‘n-a dtaobh. Beidh caoi aca ag an bhfeis (ar Deireadh Fóghmhair a 20) ar a thaisbeánt cad atá aca dá dhéanamh, agus tá súil agam go ndéanfaidh muinntir an Chonnartha iarracht ar iad do tharraing isteach san obair. Tá súil agam, leis, go sgrúadóchar go maith iomaightheoirí na sgoileanna agus muna bhfuil an teanga dá múineadh dóibh ‘n-a teanga beó, labhartha, ná spárálfar na maighistrí. Tá a lán des na sgoileannaibh agus táid ag leigint ortha an Ghaedhilg a mhúineadh. Tá an Fhrainncis, leis, dá múineadh ionnta, Frainncis nár labhradh riamh agus ná labharfar choidhche. Badh mhithid, aon lá feasda, an solus do sgoileadh tré mhuinteachas de’n tsórt ann (‘I ndúthaigh Dhéiseach’ *An Claidheamh Soluis*, 17 Deireadh Fómhair 1903).

Cuireann sé idir fhearg agus eagla ar Ó Ciarghusa nach bhfuil ag éirí leis na scoileanna chomh maith is atá ag éirí le craobhacha an Chonnartha, obair ar son na Gaeilge i gceantair na nDéise. Ceapann sé go bhfuil gá le ceannairí na scoile a chur faoi scrúdú maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu an Ghaeilge a fhí isteach sna ranganna. Creideann sé nach bhfuil sé cóir ná cothrom go bhfuil an lámh in uachtar ag an bhFraincis i gcorás oideachais na scoile mar shampla, agus nach bhfuil áit ag an nGaeilge ann. Ceapann sé nár chóir go bhfuil an sórt múinteoireachta seo inghlactha. Níor thagair Ó Ciarghusa do mhúineadh na Gaeilge arís go dtí na fichidí, nuair a phléann sé modh an Aistriúcháin i gcomhthéacs mhúineadh na Gaeilge amháin. Ba chonstaic mhór í neamhshuim an Bhoird Náisiúnta. Léiríonn Coolahan go raibh sé mar aidhm ag an mbord náisiúnta an cultúr Gaelach a chur faoi chois. Léiríonn Coolahan (1981: 21) nár tugadh aitheantas don Ghaeilge mar ábhar teagaisc sna scoileanna

náisiúnta, fiú in áiteanna a raibh sí ina teanga labhartha. Bhain tábhacht nach beag le dul chun cinn an chultúir Shasanaigh, thar aon ní eile. Tagraíonn Ó Ciarghusa do theagasc na Gaeilge arís i sraith alt a scríobh sé i 1920 dar teideal ‘Aistriúcháin’. Cuireann sé ceist agus fadhb níos leithne os comhair an léitheora anseo. Is é sin modh an aistriúcháin a bhí in úsáid sna scoileanna ag na múinteoirí chun an Ghaeilge a mhúineadh. Is é atá i gceist leis an modh seo ná aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Arís eile, aithníonn sé an fhaillí a rinne an Bord Náisiúnta i leith mhúineadh na Gaeilge a théann siar go 1900.

San alt áirithe seo, díríonn sé isteach ar inniúlacht na múinteoirí méanscoile i leith cheird an aistriúcháin. Bhí ganntanas inniúlachta acu agus thuig gach éinne a raibh baint aige nó aici leis an gcóras oideachais go mbeadh gá dul i ngleic leis an ngéarchéim seo. Tá sé sin le tabhairt faoi deara i dtuarascáil an Chonartha (30 Meán Fómhair 1897). Tugann sé seo le fios gur thiontaigh an Bord ar mhianta an Chonartha, i ndiaidh na bliana 1897, maidir leis an gclár dátheangachais a chur i bhfeidhm mar mheán teagaisc: ‘If there are Irish-speaking pupils in a school, the teacher, if acquainted with the Irish language, should... employ the vernacular as an aid to the elucidation and acquisition of the English language’ (Tuarascáil an Chonartha, 30 Meán Fómhair 1897). Ba í an chonstaic is mó maidir le cur i bhfeidhm an chláir dátheangaigh ná caighdeán teagaisc na n-oidí scoile. Is díol spéise é nach raibh Gaeilge éigeantach mar chailíocht iontrála sna coláistí oiliúna ag an am seo. Ba scáthán é an chonstaic seo ar na deacrachtaí a bhain le teacht ar mhodh teagaisc éifeachtach chun an Ghaeilge a mhúineadh. Bhí sé soiléir go raibh na múinteoirí ag brath ar mhodh neamhéifeachtach teagaisc, modh an aistriúcháin ‘The utter lack of training amongst the teachers, the utter unfitness of so many of the present teaching staff in Irish-speaking districts to

undertake the workings of anything so complicated as a bilingual system (*An Claidheamh Soluis*, 30, Aibreán, 1904, 6).

Baineann an chonspóid seo le scríbhinní Uí Chiarghusa. Creideann sé nach raibh an foghlaimeoir oiriúnach d’obair an aistriúcháin. Cuireann sé a chuid feirge in iúl i leith an mhodha teagaisc seo. Ní mó ná sásta atá sé nuair a chreideann sé go mbíonn aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge faoi anáil an Bhéarla. Cuireann sé seandhíospóireacht in iúl, is é sin easpa oiliúna foirmeálta na n-ábhar oidí i leith múineadh na Gaeilge. Creideann Ó Ciarghusa gur bhain múinteoirí idirmhéanacha úsáid as modh an aistriúcháin chun an Ghaeilge a mhúineadh, dá bharr. Ní dheachaigh sé seo i dtairbhe don Ghaeilge, mar a phléann Ó Ciarghusa anseo. Déanann sé forbairt ar a smaointe sna fichidí le húsáid a bhaint as fotheidil san alt seo chun a thuairimí a sholáthar.

An Ghaedhilg seo chugainn. Seoda snasta. ‘b’fhéidir gan an ceart do bheith agam ach tá sé buailte isteach i m’aighe go bhfuil scríobhadh na Gaedhilge ag dul in olcas de réir a chéile agus gurab é is cúis leis ná gan sinn oilte go ceart ar ealadhain an aistriúcháin. Mar, ár bhfurmór, nuair abhímid ag scríobhadh Gaedhilge, is i mBéarla chaithimid bheith ag smaoiniú, agus, ó nach bhfuilimid ábalta ar an mBéarla sin d’aistriú go Gaedhilg, bíonn blas agus cuma agus crot Béarla ar ár gcuid Gaedhilge’ (‘Aistriúcháin’ *An Ghaedhilg* seo chugainn. Seoda snasta’. *Misneach*, 7 Feabhra 1920).

Tá idir náire agus fhearg air nach raibh ar chumas na múinteoirí seo ceird an aistriúcháin a mhúineadh i gceart do na páistí scoile. Chreid Ó Mathúna (1974: 30) ‘Níor fheil an modh ar aon chor do bhunleaganacha cainte nach bhfaighfí iad a aistriú go cruinn focal ar fhocal’. Ba léir nach raibh muinín ar bith ag an gConradh i rith an ama seo i dtaobh múineadh na Gaeilge agus is fianaise é scríbhinní Uí Chiarghusa ar an díomá seo. Scríobh sé an t-alt seo dhá bhliain sular cuireadh an Saorstát ar bun. Ní raibh an Ghaeilge ina ábhar éigeantach ag an bpointe seo. Tugann sé seo le tuiscint nach raibh mórán measa uirthi i scoileanna na tíre agus gur ghéill na múinteoirí don mhodh seo chun an teanga a mhúineadh. Ní dheachaigh sé seo i

dtairbhe na Gaeilge, mar a léiríonn an t-alt seo. Bhí Séamus Ó Grianna, scríbhneoir, státseirbhíseach agus múinteoir as Rann na Feirste, co. Dhún na nGall a scríobh faoin ainmcleite ‘Máire’ ar aon aon tuairim leis sin. Chreid sé nach raibh an foghlaimeoir in ann tabhairt faoin aistriúcháin, a bheag nó a mhór (Daltúin 2013: 185). Bhí a mhalairt le rá ag an scríbhneoir Liam Ó Rinn: “Nilim anois ná ní rabhas riamh ar aon intinn leis an muintir adeir nach féidir do dhuine scríobh go maith ach sa teangain lenar tógadh é” (*The Freeman’s Journal*, 5 Lúnasa 1924, luaite in Daltúin 2013: 185). Chreid sé go raibh an foghlaimeoir in ann aistriúchán maith a dhéanamh agus go mbeadh sé níos cumasaí ná an Gaeilgeoir dúchais (Daltúin 2013: 181). Dúirt Mac Aonghusa (1993: 33) gur léirigh Séamus Ó Grianna go raibh an iomarca aistriúcháin i múineadh na Gaeilge. Tacaíonn sé seo le tuairimí de chuid Uí Chiarghusa. Bhí sé féin ar aon tuairim leis toisc gur ghoill sé air go gcuirfeadh an múinteoir ceist ar an dalta giota a aistriú ón mBéarla.

Anois, ní mian liom bheith ag fágáil lochta, ach is dóigh liom gurab iad na múnteoirí idirmhéadhonacha na peacaigh is mó ins an gceist seo. Níl le déanamh acu ó mhaidin go hoídhche ná ó Luan go Satharn ach aistriúchán ó’n mBéarla do mhúineadh d’á gcuid scoláirí, agus ba chóir dóibh náire a bheith orra ná deineann siad níos fearr é. Ní abróchthhá aon rud leo mara rabhadar ag fágáil gach aon ghríosuirthe, ach táid. Na leabhra is fearr ar an ndomhan mbraonach chum taithighe do thabhairt ar aistriúchán ón mBéarla, tá siad ins sna scoileannaibh idirmheadonacha. Go deimhin agus go dearbhtha féadfainn a rádh go dteasdóchadh Béarla maith do bheith agat chun brigh agus fuinneamh agus ciall-istigh an Bhéarla atá i gcuid acu do thuigsint tú féin (‘Aistriúcháin’ An Ghaedhilg seo chugainn. Seoda snasta’ *Misneach*, 7 Feabhra 1920).

Cuireann an sliocht seo in iúl go raibh Ó Chiarghusa go mór ar an eolas faoi na dúshláin seo. Níl eagla air a chuid feirge agus frustrachais i leith drochmhodhanna teagaisc na múinteoirí a léiriú. Ionsaíonn agus cuireann sé a mhéar ar na múinteoirí athuair, mar ceapann sé nach bhfuil ar a gcumas féin an cheird seo a thuiscint chun í a mhúineadh do na scoláirí méanscoile. Ba cheart súil a chaitheamh siar ar bhunú na gcoláistí Gaeilge ag tús an chéid.

Bunaíodh coláiste na Mumhan i 1904 (i mBéal Átha an Ghaorthaidh), Coláiste Uladh i 1906, Coláiste Chonnacht i 1907, Coláiste Chomhghaill (Béal Feirste) 1905. Ba iad na coláistí seo an chéad iarracht dáiríre a cuireadh i bhfeidhm chun oiliúint a chur ar oidi scoile i dteagasc na Gaeilge ó bhunú an chóras oideachais in 1831 (Hyland & Milne 1981: 5). Anuas air seo, san alt thuas ('Aistriúcháin' An Ghaedhilg seo chugainn. Seod snasta.' *Misneach*, 7 Feabhra 1920), ní hamháin go gcuireann sé a mhéar ar na múinteoirí de bharr an easpa inniúlachta a bhí acu sna scoileanna agus déanann sé forbairt ar an smaoineamh seo nuair a thráchtann sé ar sheanargóint na fichiú haoise maidir leis an tábhacht a bhaineann le Béarla maith a bheith ag an aistritheoir ionas go n-éireodh leis aistriúchán maith a dhéanamh. Filleann sé ar dhearcadh diúltach agus neamhshuim an aosa óig obair a dhéanamh ar son na teanga arís i 1929. Ba chúis ghearáin dó é aineolas na ndaoine óga a ndualgas i leith na Gaeilge a chomhlíonadh, ag deireadh na bhfichidí. Feictear sa sliocht seo go bhfuil sé den tuairim láidir go bhfuil na seandaoine i ndiaidh a ndícheall a dhéanamh ar son na tíre. Tuigeann sé go maith nach gcuimhneoidís ar imeachtaí 1916 ach gur chóir go mbeidís sásta dul i mbun troda dá dtír dhúchais. Is córas lochtach é an córas oideachais atá ag an tír, dar leis agus tá sé seo ag dó na geirbe aige san alt seo. Tuigeann sé go rí-mhaith go bhfuil oideachas Gaelach ag teastáil, córas a chuireann béim ar thábhacht fhigiúirí móra na hÉireann.

Is minic le déidheannaighe do mholas do mhuinntir na Gaedhilge agus d'á leithéididh eile, na sean-daoine díobh d'éirighe as an obair agus scaoileadh leis an ndream óig i n-a bun i n-a n-áit. Go bhfuilid cortha, cráidhte, marbh, meirbh; agus, ar aon tslighe, gur mithid dóibh sos suaimnis d'fhagháil agus leigint do'n óige gras do bhualadh agus a gcion do dhéanamh. Gur fearr dhéanfaidhe an obair amhlaidh, agus maran fearr féin, go gcaithfidhe é dhéanamh, amhlaidh luath nó mall, mar ná féadfadh na seandaoine mareachtain go deó.

Is baoghal liom go raibh dearmad orm. Tar éis a thuigtear gach beart, agus, an dream óg, atá ag éirighe anois, is beag fonn chum oibre ar son na teangan ná eile, braithim, ortha. Ní d'á gcáineadh i n-a thaoibh sin atáim. Táid ró-óg chum cuimhne a bheith aca ar bhliadhain a 1916, ní áirimhim ar ar tharla roimis sin, agus ní h-eól dóibh aon dualgas Gaedhael a bheith orthu mar do b'eól d'á n-aithreachaibh anuas é.

Go dtí go gcuirtear oideachas ceart fíor-Ghaodlach i n-ionad an oideachais bhréige atá ann fé láthair ní bheidh aon dul chun cinn againn; ní bheidh an tsean shibhialacht ceart

Gaodlach againn ní bheidh rath ná séan beannachta Dé orrainn ('Liostacht na macaoimh', *The Leader*, 2 Márta 1929).

Tá fearg air go bhfuil na daoine óga tar éis a gcúl a thabhairt ar a gcúraimí. Tuigtear nach mbeadh cuimhne acu ar imeachtaí an Éirí Amach de réir thuairimí Uí Chiarghusa, agus tá faitíos air nach bhfuil siad chun leanúint ar aghaidh le nósanna a sinsear. Creideann sé nach bhfuil córas oideachais ceart Gaelach ag Éire go fóill agus cuireann sé seo go mór isteach air. Ceapann na t-athbheochanóir seo nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ag an tír an t-aos óg a spreagadh a ndualgas i leith na Gaeilge a chomhlíonadh, fós sa bhliain 1929. Ba chúis imní seo dó. Arís eile, cuireann sé an milleán ar chóras oideachais na hÉireann.

Cúpla bliain ina dhiaidh seo, tráchtann sé ar aineolas na bpáistí óga ar stair na hÉireann athuair. Díospóireacht mhór ab ea í agus léiríonn Nic Eoin (2005: 291) gur bhlianta éadóchais agus lagmhisnigh na blianta i ndiaidh na bhfichidí 'd'iliomad scríbhneoirí Éireannacha'. Cuireann sé seo go mór isteach air i 1933 in Éirinn, sa ré iarchoilíneach seo, ní mó ná sásta a bhí Ó Ciarghusa nach bhfuil stair agus seanchas a dtíre ar eolas acu. Tá sé seo le tabhairt faoi deara nuair a deir Ó Ciarghusa nár chuala an t-aos óg trácht ar Phádraig Mac Piarais. Deir O'Leary (2004: 209) go raibh an tAthair Ó Duinnín míshásta leis an gcóras oideachais de bharr neamhaird na mbunscoileanna ar stair na hÉireann. Cuireann sé seo idir fhearg agus díomá ar Ó Ciarghusa san alt thíos nár chuala siad trácht ar James Stephens, poblachtach Éireannach agus Fíniúeach ab ea é (1825 – 1901). Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí na heagraíochta, Bráithreachas na Poblachta. 'The exiled veterans of the Irish Confederation in France and in the United States were crucial to the survival of an 'advanced' nationalism, and two in particular – James Stephens and John O'Mahony

– carried their enthusiasms and experience into Fenianism’ (Jackson 2010: 93) Ina

theannta sin, tá ionadh air nár chuala na daoine óga trácht ar Michael Davitt ach

oiread. Deir Ó Ciarghusa:

Agus má’s mar sin do lucht chómh-aimsire dhuine tar éis a bháis, nach lugha-de seans go gcuimhneochadh geineallach ná faca an duine riamh i n-a shaoghal air! A chómhartha gur lugha-de; teighir ag scrúdughadh buachaillí nó cailíní scoile an lae indiu i stair a dtíre agus fiafruigh díobh ciarbh é Pádraig Mac Piarais nó cad do rinne sé? Is ar éigean gheobhaidh siad a innsint duit, agus i gcúrsaí aoinne eile de sna laochraibh thug a n-anam ar son na hÉireann i bhfochair an Phiarsaigh, ní ró-airigheadar trácht riamh ortha. Ní chreideann tú mé? Creid, mhuisse! Bhíos i gcuideachtain shuairc an tseachtmhain seo caithte agus bhí beirt nó triúr mac léighinn ó’n Iolscoil náisiúnta i láthair. Cúrsaí Oideachais ó bhí d’á phléidhe aca súd mar is gnáthach, agus do bhí páipéirí scrúduighthe éigin ag duine aca ‘ghá dteaspáint do’n chuid eile.

“An páipeur so ar eolus Generálta,” ar seisean, “gheobhainn-se an chuid is mó de d’fhreagairt acht feuch an cheist so – ‘Ciarbh iad Micheal Davitt agus James Stephens?’ an bhfuil a fhios agaibh-se ciarbh’ iad? Níl a fhios agam-sa.”

“Níl a fhios” ar siad.

Leac Logha (‘Is buaine bladhdhá ná saoghal’, *The Leader*, 20 Eanáir 1933).

Cuireann sé déistin ar Ó Ciarghusa sa ré iarchoilíneach seo go raibh an t-aos óg aineolach ar fhigiúirí móra a sinsear. Scríobh sé an t-alt seo le linn an tSaorstáit agus bhí Eoin Mac Néill ina aire oideachais ag an uair seo (de hÍde 1937: 32). Bhí Gaeilge éigeantach ar cheann de na hathruithe móra a tháinig isteach faoina chúram. Caitheann an díomá agus an fearg a bhí air solas ar an mbuairt a bhí ar an bPiarsach maidir le haineolas na bpáistí scoile ar stair a dtíre mar a phléann Mac Gearailt & Kelly (1990: 89). Tugtar macallaí an Phiarsaigh faoi deara i smaointe Uí Chiarghusa, toisc gur chuir an Piarsach béim ar thábhacht na staire ar churaclam na scoile mar chuid d’fhéiniúlacht na tíre (Mac Gearailt & Kelly (1990: 89). ‘The aims of the Gaelic League resolve themselves in practice into an educational campaign...Ireland has a history: why should it be suppressed? Ireland has a language: why should it be destroyed?’ (Mac Gearailt & Kelly (1990: 89). Tá macalla smaointe an Athar Uí Duinnín agus macalla smaointe an

Chraoibhín maidir le díghalldú na hÉireann le tabhairt faoi deara i smaointe Uí Chiarghusa.

Ní raibh drogall ar an bPiarsach a thuairimí a nochtadh i dtaobh an chórais oideachais in *An Claidheamh Soluis* chun ‘an dearcadh a bhí aige ar an oideachas’ agus ‘an aisling a bhí aige de stát Gaelach’ a chur os comhair na nÉireannach (Mac Mathúna & Mac Gabhann 1981: 95). Bhí Ó Duinnín go mór ar son mhúineadh na staire sna bunscoileanna agus dúirt sé: ‘Her story is one to inspire the young with aspirations after nobility and virtue... Why then, I ask, has the history of Ireland been kept in a sealed book for many generations of Irish children...’ (Ó Duinnín 1905: 9-10, luaite ag O’Leary, *The prose Literature*, 2004: 167). Léiríonn scríbhinní Uí Chiarghusa gur tháinig éabhlóid ar a smaointe ar an díospóireacht seo maidir le neamhshuim na scoileanna i dtaobh na Gaeilge. Ní haon ionadh go nochtann a chuid scríbhinní forbairt tuisceana i dtaobh na conspóide maidir le heaspa foinn na múinteoirí i 1933. Tráchtann sé orthu arís agus is léir go measann sé nach bhfuil na múinteoirí dáiríre i leith cur chun cinn na Gaeilge agus i leith cúis na teanga. Is é an rud is mó a chuireann isteach air ná nach bhfuil fonn ar pháistí na tíre an Ghaeilge a labhairt ná í a chur chun cinn ina saol laethúil. Níl sé pioc sásta nach bhfuil ról gníomhach glactha acu i gcúis na teanga.

Áirimhim ar na daoine ná fuil i ndáiríribh i bpáirt na Gaedhilge a lán de sna múinteoirí atá ag obair go dúthrachtach, dar leo féin, ‘ghá múineadh. Dar liom-sa, dá mbeidís i ndáiríribh, thuigfidís nach fuláir nó tá rud éigin bun os cionn leis an múineadh ráidhte ná fuil na leanbhaí ag labhairt na teangan um an dtaca so. Is é atá bun os cionn, dar ndóigh, ná labhartar an Ghaedhilg leis na leanbhaibh i ngnáth-chúrsaibh an lae in sna scoileannaibh. Is léir damh-sa ná labhartar. Is dócha gurab iad scoth na nGaedheal óg bhíonn ag iomáint i bPáirce an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath gach Dairdoin, acht ní aireóchthá focal Gaedhilge uatha (‘Múineadh Mearbhaill’, *The Leader*, 6 Bealtaine, 1933).

Measann Ó Ciarghusa go rí-mhaith nach bhfuil fonn ar na múinteoirí an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na n-óg agus is cúis imní í seo dó. Méadaíonn a chuid feirge nuair a thugann sé faoi deara nach raibh dúil ag an rialtas tabhairt faoi chúis na teanga, ach an oiread. Tuigeann sé go bhfuil an rialtas nua faoi stiúir De Valera i 1933 agus creideann sé go bhfuil sé d'iallach air iarracht a dhéanamh teacht i gcabhair ar chonspóidí na tíre. Ní mó na sásta atá Ó Ciarghusa nach bhfuil ag éirí leis an tír idéil na hAthbheochana a chur i gcrích, deich mbliana i ndiaidh neamhspléachas a bhaint amach.

Do bhí díospóireacht sa Dáil an lá a bhfuilim ag tagairt dó i dtaoibh na sean-cheiste úd, an ciallmhar an chómhairle í bheith ag múineadh ádhbhar eile tré Ghaedhilg go páistibh ná fuil acht ag foghlaim na Gaedhilge féin? Fé mar thuigim ó na páipéiribh, is é tuairim Mhic Uí Dhiolúin nach ciallmhar. B'áil leis sin gach níd do mhúineadh tré Ghaedhilg in san nGaedhealtacht agus tré Beurla in san nGalldacht. Tá go maith, acht cá shoin thosnóchadh sé ar rud éigin do mhúineadh tré Ghaedhilg in san nGalldacht. Nuair bheadh an Ghaedhilg ar a dtail ag na leanbhaidh, an eadh? Is baoghal liom-sa ná beadh sí ar a dtail go bráth aca mara mbainfidhe obair i n-am aisti 'gha múineadh ('Múineadh Mearbhaill', *The Leader*, 6 Bealtaine 1933).

Tuigtear ón méid seo go bhfuil Ó Ciarghusa ar an eolas gur sheanchonspóid í seo agus nach bhfuil fonn ar phobal uile na tíre an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga teagaisc sna ceantair Ghallda. Goilleann sé air go bhfuil baill an lucht polaitíochta den tuairim nach fiú ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge toisc nach bhfuil an teanga ag an aos óg. Aithníonn sé nach rithfeadh sé le ciall dá bhfanfaí go dtí go bhfuil an teanga ar chumas an aosa óig chun í a chur chun cinn i gceantair Ghallda. Is ábhar gearáin dó nach bhfuil múineadh trí Ghaeilge ar phríomhchúram na n-údarás polaitíochta agus agus na n-údarás scoile, ná nach bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn i gceantar a bhfuil an Béarla ina ghnáththeanga labhartha. Filleann sé ar an téama maidir le haineolas na ndaoine óga i leith eachtraí tábhachtach a dtíre ar 13 Bealtaine, 1933. Ba chúis imní dó nach raibh sé de nós ag múinteoirí na tíre na scéalta

béaloideas a léamh leis na páistí. Cuireann sé isteach air nach n-iarrann na múinteoirí orthu na scéalta seo a fhoghlaim ach an oiread. Braitear go bhfuil náire ar Ó Ciarghusa nach léitear na seanscéalta seo leo. Arís eile, tagann frustrachas agus fearg Uí Chiarghusa go mór chun tosaigh agus is tréith fíor-choitianta í seo dá scríbhinní.

Dá mbeinn-se im' fhile i gcuideachtaí groidhe sa tuaith, Ag cruinniúghadh Beuloidis ar mise 's 'ghá scríobhadh go suairc. Do bhrisfinn chum scigthe nó do thuillfeadh im' chroidhe an chuma, Mar go bhfios nach beuloideas a thuilleadh aon scríbhinn buan.

Is dócha gurab é brígh atá leis an rann sin ná nach ceart "beuloideas" do thabhairt ar éin-níbh scríobhtha nó i gcló. Go gcaithfidh sé teacht as beul beó an duine nó nach beó dó féin, agus gur uaigneach an obair, mar sin, d'fhile, nó d'eagnaidhe d'aon saghas, bheith ag bailiúghadh beuloidis ó sheandaoineibh tosic a fhios a bheith aige go mbeidh na seandaoine in san uaigh agus oidí agus mic-léighinn ag léigheamh a gcod' sceulta agus gan aon iarracht d'á dheunamh aca ar na sceulta d'fhoghlaim de ghlan mheabhair, ná d'aithris. Seadh, ná aon fhagháil aca ar é dheunamh dá ndeunfaidís féin. Beuloideas do scríobhadh síos agus do mhíniúghadh, gurab ionann sin agus a admháil go bhfuil deireadh le beuloideas. Agus is fíor é, leis, is baoghalach.

Cuireann sé léigheamh smaointe eile im' cheann, leis. Bíodh go bhfuil' ré na sean-sceulta d'aithris imthighthe adeirim liom féin, an bhfágann sin go bhfuil' ré na sean-sceulta do léigheamh imthighthe chómh maith? Badh chóir, dar leat, nach gábhadh go bhfágadh ('Beuloideas', *The Leader*, 13 Bealtaine 1933).

Is cúis inní dó go bhfuil ré an Bhéaloidis thart, dar leis. Mar a dúradh go dtí seo, bíonn de nós aige moltaí a thabhairt chun comhairle agus treoir a thabhairt don léitheoir maidir le conas feabhas a chur ar an bhfadhb. Tugann sé moltaí dó a chabhródh le páistí taitneamh a bhaint as na scéalta seo a léamh. Tuigtear an phráinne iarchoilíneach anseo toisc gur tír neamhspléach í an tír anois le haon bhliain déag anuas agus fós nach léitear seanscéalta na tíre leis an aos óg.

Badh chóir go bhfuigheadh dream óg na h-aimsire seo blas ar na sceultaibh chómh maith gheibheadh aon dream óg d'imthigh rompa- mar gurab í an óige i gcómhnuidhe, go mór-mhór ó ghéibhid taitneamh in sna pictiúiribh agus in sna Pantóimímibh agus rudaibh de'n saghas.

Ní dócha go léigheadh aoinne fiú an dreama óig, na sceulta Fiannaidheachta aon uair, bíodh go n-éistidís leo, seadh agus an dream fásta, chómh maith leo, le fonn. Ní móide go léighfidh aon dream iad, ná go n-éistfidh leo acht an oiread, go bráth arís. Tá eagnaidhthe

agus eoluidhthe ag taighdeadh agus ag díospóireacht ó thosach an domhain i dtaoibh na h-anna agus sna colna agus an bhaint atá aca lena chéile, nó an ceangal atá eatortha.

Dar liom-sa, is í an fhilidheacht, agus litridheacht a bhfuil nádúir an prós cainnt na colna, agus is baoghal liom, an dream ná deineann taitneamh de sna sean-sceultaibh, gurab é atá bun os cionn leo acht gur treise an cholann ná an anam ionnta ('Beuloideas', *The Leader*, 13 Bealtaine 1933).

Braitear an frustrachas a bhí air i 1933 go bhfuil an t-aos óg tar éis dearmad a dhéanamh ar na scéalta béaloideas agus nach dtugann siad aird orthu. Léiríonn sé gur cuid d'fhéiniúlacht na tíre iad ag deireadh an tsleachta nuair a deir sé nach mbíonn na daoine óga ag smaoineamh ar na scéalta seo mar chuid d'anam na tíre. Cuireann sé go mór isteach air nuair a thuigeann sé nach bhfuil áit thábhachtach ag litríocht, filíocht ná na scéalta béaloideas seo i saol an aosa óig. Is iad foghlaimeoirí Gaeilge atá faoi chaibidil aige arís níos deireanaí sa bhliain chéanna. Díríonn sé isteach ar na hábhair oidí san alt áirithe seo. Goilleann sé air nach bhfuil páisean ná grá ag na hábhair oidí don Ghaeilge nuair a fhreastalaíonn siad ar an nGaeltacht ach go dtuigeann siad go bhfuil sé de dhualgas orthu dul ann toisc gur cheann de riachtanais na gcoláistí oiliúna múinteoireachta é. Braitear faitíos Uí Chiarghusa de bharr easpa cumais na scoláirí seo dul i dtaithí ar an nGaeilge nó ar litríocht na teanga.

Do chraolas cómhairle do sna h-oidídh in sna Coláistibh Samhraidh an tseachtmhain seo caithte. Craolaim cómhairle do sna macaibh léighinn an tseachtmhain seo. Tá mic léighinn agus mic léighinn ann. A lán de sna daoineibh théigheann go dtí an nGaedhealtacht gach samhradh anois, ní le grádh do'n Ghaedhilg é acht toisc gurab í an mhúinteoireacht a slighe bheatha agus go bhfuil Gaedhilg, a bheag nó a mhór dí, riachtanach sa chéird sin. Tá cuid eile aca agus, bíodh go bhfuil grádh aca do'n Ghaedhilg, níl buaidh foghluma teangan aca ná féith na litridheachta ionnta agus ní théideann teagasc dá fheabhas ná cómhairle dá chiallmhaire i bhfeidhm ortha ('cómhairle conghantach', *The Leader*, 3 Meitheamh 1933).

Tá frustrachas air toisc nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leis an tír an hábhair oidí a spreagadh i dtreo na Gaeilge. Léiríonn a scríbhinní go mbraitheann sé go bhfuil sé de dhualgas air moltaí a thabhairt dóibh. Is nós fíor-choitianta í seo atá mar chuid dá stíl scríbhneoireachta. Is léir go bhfuil stíl níos sofaisticiúla glactha aige ina scríbhinní ag tús na

dtíochaidí toisc go bhfuil taithí aige ar a bheith ag scríobh agus tá sé breá ábalta tabhairt faoin nganntanas seo. Molann sé do na hábhair oidí nach n-éireoidh leo an Ghaeilge a fhoghlaim muna ndéanann siad iarracht dul i gcomhluadar mhuintir na Gaeltachta. Is ann a bhfaighidh siad blas agus taithí ar an teanga, i gceart, dar leis.

An blas an chuid is tábhachtaighe de'n teangain agus tá sé le fágáil in san nGaedhealtacht agus ní fhuil sé le fagháil ar foghnamh leasmuich dí. Tuigeann na mic léighinn an méid sin is dócha, acht ní fheadar an dtuigid go léir nach mór gabháil imeasc na ndaoine leasmuich de sna Coláistibh chum teacht ar an mblas. Ní mór, is dóigh liom-sa. Bíodh gur daoine de'n áit [sic] na h-oidí múinte agus an blas aca, mar sin féin, ní h-é blas aon duine amháin a théigheann i bhfeidhm ar do chluais aon lá acht blas an tsluaigh bhíonn ag cainnt id' thimcheall agus blas an Bheurla is eadh bhíonn ag an sluagh mac léighinn bhíonn id' thimcheall in sna Coláistibh. Líomhthacht agus leagaint ceart cainte an dara níd is tábhachtaighe agus is deacair í d'fhagáil acht in san áit i n-a bhfuil sí, is é sin, imeasc na ndaoine leasmuich de sna Coláistibh. Dála an bhlais, bíonn an líomhthacht cainte ag na h-oididh[sic] acht, le neart taithighe, bídh[sic] siúd ag géilleadh choidhche do bhacaigheacht na mic-léighinn agus 'ghá gcur féin agus a gcod' cainte i n-oireamhaint dóibh ('cómhairle conghantach', *The Leader*, 3 Meitheamh 1933).

Tugtar faoi deara go bhfuil a thuairimí maidir le tábhacht na cluaise i bhfoghlaim na dteangacha, faoi thionchar an oideachasóra fhrainicise Balfour. Tá sé sin luaite aige in alt a d'fhoilsigh sé i 1903 dar teideal 'Methods of Teaching' (*An Claidheamh Soluis*, Iúil 4 1903). Is léir go dtuigeann sé an tábhacht a bhaineann le teangacha a mhúineadh mar theanga bheo, labhartha. Sa chéad chuid eile, molann sé dóibh misneach a bheith acu le linn dóibh an Ghaeilge a labhairt le muintir na Gaeltachta. Cáineann sé an sórt Gaeilge a mhúintear ar scoil, arís eile agus léiríonn sé nach n-oireann sí do chaint an fhir tuaithe. Braitear práinne na faidhbe seo nuair a chuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith in ann comhrá a bheith ag an bhfoghlaimoir teanga le muintir na Gaeltachta chun a chinntiú gur éirigh leo an Ghaeilge a fhoghlaim. Is scannalach agus náireach an scéal é nach bhfuil sé seo ag tarlú, dar leis. Ní éiríonn leis an bhfoghlaimoir an sprioc seo a bhaint amach, dar leis. I ndiaidh a bheith ag scríobh agus ag léamh go mion ar an ábhar seo ar feadh na mblianta, is léir go bhfuil ar chumas Uí Chiarghusa argóintí agus ráitis níos sofaisticiúla a chumadh ag an

bpointe seo, i 1933. Tá athrú le tabhairt faoi deara ar chaighdeán a chuid Gaeilge agus ar chaighdeán a cheird scríbhneoireachta ag an uair seo.

Misneach an tríomhadh níd atá le fagháil imeasc na ndaoine. Aon rud, teanga ná eile, fhoghlumigheann tú i scoil, rud ná baineann acht le scoil is eadh é, dar leat, agus ní chuimhnigheann tú ar úsáid do dheunamh de i ngnáth-chúrsaibh an tsaoghail. Is iomdha duine, cuir i gcás, thugann bliadhanta ag foghlum Fraincise ar scoil, a mbainfí geit asta dá n-aireóchaidís franncach ag labhairt na teangan san, agus is mar an gceudna d'aos foghluma na Gaedhilge in sna bailtibh móra nuair théighid do'n cheud uair go dtí an nGaedhealtacht. Rud eile, na hábhair cainte bhíonn ag oidibh i rangannaibh, ádhbhair bhaineann le scoil iad de ghnáth ná tráchtfaí choidhche ortha leasmuich de scoil ná ná tuigfeadh an fear tuaithe thú dá dtráchtfaí leis ortha. Mar sin, nuair a théigheann tú ag caint leis an bhfear tuaithe is nuair a labhrann tú leis, caithfidh tú ádhbhair cainte bhaineann leis an dtuaithe do tharraing chugat, agus, má thuigeann sé thú agus tú é, cuirtear i n-iul duit ar an bpointe sin, gur teanga bheó í an Ghaedhilg agus go bhfuil sí go beó ceart agat féin ('cómhairle conghantach', *The Leader*, 3 Meitheamh 1933).

Ní haon ionadh ach gur tháinig forbairt ar a chuid scríbhinní maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais. Bhí an-difríocht idir na hait a scríobh sé ag tús an chéid ar an ábhar seo agus na cinn a scríobh sé níos deireanaí sna fichidí agus sna tríochaidí. Mar a dúradh léiríonn fianaise theoranta gur mhúinteoir é Ó Ciarghusa i gColáiste Chomhghaill, Béal Feirste a bunaíodh i 1905 (Ó Coigligh 2013: 182). Léiríonn a chuid scríbhinní gur imir an taithí seo tionchar ar na smaointe a bhí aige faoi mhúineadh na Gaeilge agus faoi na modhanna teagaisc a bhí in úsáid ag na hábhair oidí is na múinteoirí. Ina theannta sin, is léir go ndearna sé cuid mhaith léitheoireachta agus gur bhall gníomhach leanúnach é den Chonradh thar na blianta (Uí Chochláin 1968: 17). Níor thrácht sé ar mhúineadh na Gaeilge arís go dtí 1920 agus ba léir go raibh cur chuige níos fearr aige maidir le láimhseáil a chuid smaointe. Bhí ar a chumas díriú ar mhodh teagaisc faoi leith agus d'éirigh leis díospóireachtaí maidir le modh an aistriúcháin a chur i láthair. Éiríonn le Seán Ó Ciarghusa tábhacht na drámaíochta a fhí isteach le múineadh na Gaeilge ón mbliain 1925 in *An Squab* ('Dráma Gaedheal', *An Squab*, Eanáir 1925) agus sa bhliain 1928 in *The Catholic Bulletin* i sraith alt dar teideal 'Dráma Gaedheal IV'. Níor pléadh an ghné seo sa tráchtas seo áfach, de bharr laincisí spáis. Cé nár oileadh mar

mhúinteoir é, ba léir go raibh tuiscint mhaith aige ar na constaicí a bhíonn ag múinteoirí maidir le múineadh na Gaeilge. Is díol suntais a lua go mbaineadh sé úsáid as an ainm cleite ‘Cloch Labhrais’ le linn dó a bheith ag scríobh sna fichidí faoin ábhar seo. Ón méid taighde atá déanta go dtí seo, is cosúil go n-úsáideann sé ‘Marbhán’ mar ainm cleite sna blianta luatha agus ‘Cloch Labhrais’ nuair a bhaineann a ailt le tábhacht na Gaeilge nó le múineadh na Gaeilge. Léiríonn a chuid scríbhinní go mbaineann na hainmneacha cleite sin leis *An Claidheamh Soluis* agus leis *An Squab* amháin.

Mar a dúradh thuas, tháinig forbairt agus éabhlóid ar a scríbhinní ar an ábhar seo sna tríochaidí toisc go raibh sofaisciúlacht faoi leith ag baint leo. Tá sé sin le tabhairt faoi deara sa mhéid go bhfuil struchtúr níos soiléire ag a ailt sna tríochaidí. Ní hamháin sin, ach léiríonn siad go bhfuil tuiscint níos fearr ag Ó Ciarghusa ar an gconspóid seo i 1933, ceithre bliana sular éirigh sé as a bheith ina Oifigeach Custaim is Máil. Anuas air seo, tháinig feabhas ar an gcumas a bhí aige na hailt a láimhseáil sa mhéid gur chloígh sé le hábhar faoi leith i ngach alt, rud nach ndearna sé go rí-mhinic go dtí seo. Chomh maith leis sin, is fiú a lua gur bhain sé úsáid as ‘Leac Logha’ mar ainm cleite le linn dó a bheith ag foilsiú in *The Leader* sna tríochaidí. Is léir ón méid thuas gur tugadh léiriú ar mhóorthéamaí scríbhinní Uí Chiarghusa: Staid na Gaeilge sna Déise mar aon le tionchar an Bhéarla in Éirinn agus An Ghaeilge sa chóras oideachais agus dearcadh Uí Chiarghusa maidir le neamhshuim aosa óig ina. Is féidir a rá, gur fhoilsigh sé sna nuachtáin seo go sonrach chun na téamaí seo a phlé. Ní raibh sé ach ag tús a shaoil scríbhneoireachta i 1903 mar sin, bhí claonadh aige go leor tuairimi a phlé laistigh d’aon alt amháin. Chomh maith leis sin, ba mhinic nach raibh idirdhealú déanta aige idir a chuid smaointe. Baineann na gnéithe dá stíl scríbhneoireachta leis na téamaí seo atá pléite. Nuair a lean sé ar aghaidh agus na téamaí seo a bplé aige sna fichidí, bhí feabhas tagtha orthu toisc go raibh taithí aige a bheith ag scríobh.

3.3 Ailt Uí Chiarghusa ar bháis dhaoine aitheanta na Gaeilge

Ba nós ag Ó Ciarghusa cuntas a scríobh ar dhaoine aitheanta na Gaeilge tar éis bháis dóibh. Is léiriú iad ar na daoine aitheanta is mó a chuaigh i bhfeidhm air. Is caoineadh é an t-alt seo thíos ar bhás D.P. Moran (1869-1936) a cailleadh i 1936. ‘I gcathair Phort Láirge a rugadh é’ sa bhliain 1869 (Breathnach & Ní Mhurchú 1994: 78). Bhunaigh sé *The Leader* sa bhliain 1900 agus bhí sé ina eagarthóir air go dtí bliain a bháis. ‘Tá léiriú ar a aigne le fáil sna haistí a scríobh sé faoin teideal “The Philosophy of Irish Ireland” in *New Ireland Review* in 1899-1900.’ ‘Scríobh Seán Ó Ciarghusa (‘Marbhán’) [B2]: “I gcionn tamaillín eile bhí an *Leader* againn agus b’fheas dúinn láithreach go raibh an fraoch trí thine sa mbaile in Éirinn.” (Breathnach & Ní Mhurchú 1994: 78). Tá Ó Ciarghusa buíoch de as ucht a ndearna sé ar son na Gaeilge. In alt dar teideal ‘D.P. Moran’ cuireann sé bunaitheoir an nuachtáin *The Leader* i láthair dá léitheoirí. Cuireadh tús leis an nuachtán i 1900 (Breathnach & Ní Mhurchú 1994: 78). Deir sé go mbeadh brón ar Ghaeil ag smaoineamh ar *The Leader* agus gur thosaigh sé féin ag scríobh don nuachtán cúig bliana is tríocha ó shin. Ar cheann de na spriocanna a bhí ag an nuachtán seo ná meon mhuintir na hÉireann a athghaelú (Maume 1995: 14).

Is iomdha Gaedheal do chaoineas ar an “Leader” le cúig bliadhna deug agus fiche acht is beag cuimhneamh do bhí agam go mbeurfadh an lá orm n-a mbeinn ag caoineadh an eagarthóra féin. Foiríor geur! Rug. I Lonndain ba eadh do casadh ar a chéile an cheud uair sinn. Bhíodh buidhean Gaedheal ag léigheamh ‘Thar lear’ “Conáin Mhaoil” (go ndeinidh Dia trócaire air), san halla Atenaeum oidhche sa tseachtmhain agus Micheul Ó Súilleabháin (go ndeinidh Dia trócaire air) ‘ghá múineadh. Bhínn ann agus ba thaitneamhach liom blas breágh bog, blas Dhéisigh, an ógánaigh bhíodh le m’ais ar an suidheachán. Ní chuireadh Gaedhil óga Lonndain aon cheist ar a chéile an uair sin ciar’díobh iad ná cá dtángadar; Éireannaigh sinn go léir, agus ba leór san. Níor chuireas-sa aon cheist i dtaoibh an ógánaigh, agus ní raibh fios dada agam mar gheall air.

Níorbh’ fhada amhlaidh mé ná aoinne eile de’n bhuidhin. Do tosnuigheadh ar na h-aistibh úd ar deineadh “The Philosophy of Irish Ireland” i n-a dhiaidh sin díobh in san “New Ireland Review” agus an ainm “D. P. Moran” leó, agus “do ghluais an cogar timcheall” cia bhí ‘ghá scríobhadh (‘DP [Moran]’, *The Leader*, 8 Feabhra 1936).

Cuimhníonn Ó Ciarghusa siar ar na laethanta a chaith sé i Londain agus D.P. Moran in éineacht leis. Luann sé gníomhaithe eile na Gaeilge mar shampla, an colúnaí agus scríbhneoir Pádraig Ó Séaghdha nó ‘Conán Maol’. Léiríonn scríbhinní Uí Chiarghusa go raibh ranganna ar siúl i gcraobh an Chonartha i Londain mar a phléadh sa chéad chaibidil in 1.3 ‘Ón Rinn go Sasana’. Cuireann sé áthas air a rá gur fhigiúr mór le rá de bhunadh Phort Láirge é D.P. Moran. Cuireann Ó Ciarghusa in iúl gur mhór an tsuim a bhí ag D.P. i gcuspóirí an Chonartha a chur chun cinn tríd na haistí a scríobh sé. Tugann Ó Ciarghusa léiriú ar rudaí a rinne sé le linn dó féin agus do D.P. Moran a bheith i Londain. Cuireann sé pearsantacht D.P. Moran in iúl nuair a léiríonn sé go raibh sé de nós ag D.P. gan a bheith dian orthu as freastal ar rincí.

B’ait linn ar dtúis mar sceul é eagnaidheacht agus doimhin-smaointe de’n saghas a bheith ag duine chómh óg chómh mór sult, chómh Gaedhealach leis acht amháin, do réir mar bhí sé ag treabhadh leis – mar níor treabhadh go dtí é i m’bán garbh ‘na Gaedhealtachta – bhí scáth ag teacht orainn roimis agus bhímís ag feuchaint cliathánach air ar eagla go mbeadh sé ‘ghár dtabhairt féin fé ndear agus rinncí Gallda agus mar sin ar siubhal againn. Gan dabht bhíodh, leis, acht níor cháin sé riamh sinn. Do cheadóchadh sé a lán dúinn i dtaoibh bheith ag gabháil do’n Ghaedhilg, agus, ní chuireadh scamh air acht na Gall-Ghaedhil pé’ cu i n-Éirinn nó i Sasana dóibh (‘DP [Moran]’, *The Leader*, 8 Feabhra 1936).

Ina theannta sin, caitheann sé solas ar an ardmheas a bhí ag Gaeilgeoirí eile an Chonartha ar D.P. nuair a bhí faitíos orthu go mbeadh a fhios ag D.P. go rachaidís chuig na rincí seo. Is alt luachmhar é seo a thugann léiriú ar bhunaitheoir an nuachtáin cháiliúil seo *The Leader*. San alt seo a leanas, d’fhoilsigh Seán Ó Ciarghusa alt do Ghaeilgeoir mór le rá eile dar teideal ‘An tAthair Pádraig (Ua Dhuinnín)’ ar 23 Feabhra 1929. Ciarraíoch ab ea é. Sagart, scríbhneoir Gaeilge agus foclóirí cáiliúil ab ea é chomh maith (Breathnach & Ní Mhurchú 1990: 90). Bhí an Duinníneach fós ina bheatha nuair a d’fhoilsigh Ó Ciarghusa an t-alt seo agus ceapadh go mbeadh sé oiriúnach an t-alt seo a phlé ar dtús. Pléifear alt eile a d’fhoilsigh Ó Ciarghusa tar éis bháis an Duinnínigh i 1934. Tugann Seán Ó Ciarghusa ardmholadh dó san alt seo thíos. Foilsíodh foclóir Uí Dhuinnín (foclóir Gaeilge – Béarla), an saothar is mó dá chuid a chuaigh i bhfeidhm ar phobal na Gaeilge i 1904 (Ó

Conluain 1958: 14). D'fhoilsigh 'The Irish Texts Society' an foclóir seo agus d'fhoilsigh an comhlacht céanna eagrán méadaithe sa bhliain 1927. Ba mhór an meas a bhí ag Ó Ciarghusa ar an Duinníneach, as ucht a ndearna sé chun an Ghaeilge a chaomhnú ó thosach an chéid. Ba dhuine d'fhathaigh mhóra na Gaeilge é an tAthair Pádraig Ó Duinnín (Breathnach & Ní Mhurchú 1992: 96). Léiríonn Ó Ciarghusa gur dhrámadóir é chomh maith agus go raibh súil ag an Duinníneach go dtiocfadh deireadh le drámaí Béarla a bhíodh ar siúl in Éirinn. Is léir go raibh tuairimí na beirte ag teacht lena chéile ar an ábhar san alt thíos.

Ní cuimhin linn anois, cad é an fhaid atá an tAthair Pádraig ag scríobhadh do'n Leader. Pé faid aimsire é, is sia ná sinn ag scríobhadh ar son na hÉireann agus na Gaedhilge é. Deich mbliadhna agus fiche ó shoin do bhí dráma d'a chuid d'á léiriúghadh ag an Oireachtas, agus ag labhairt leis an sluagh 'san amharchlann an oidhche sin dó, dubhairt sé go raibh súil aige go bhfeicfeadh sé an lá i n-a mbeadh drámaí Gallda chómh gann, chómh fada ó n-a oidhche le cuardibh Ríogh i mBaile Átha Cliath. Níor bhreac an lá sin go fóill, ach marar bhreac, ní de chionntaibh an Athair Phádraig é. Dhein seisean a chion – agus b'ionann sin agus cion fiche duine eile – chum idir dráma agus gach saghas litridheachta na nGaedheal.

Agus, thar gach níd eile, thug sé an foclóir dúinn. Nuair bhíodhas ag roinneadh na nduaiseanna anuraidh le linn Aonaigh Tailteann, do moladh an tAthair Pádraig imeasc lucht saothruighthe an Bhéarla – nó i n - éinfeacht leó, ar aon chuma [sic]. Ba shearbhasach mise de'n obair sin an uair sin. Dar liom, níor cheart aoinne eile do chur ar aon mheas leis an Athair Pádraig mar gurab árd ós cionn gach aoinne eile é ('An tAthair Pádraig (Ua Dhuinnín)', *The Leader*, 23 Feabhra 1929).

Is cúis mhór áthais do Sheán Ó Ciarghusa as ucht gach a ndearna an Duinníneach ar son na Gaeilge, sa mhéid gur scríobh sé i nuachtáin Ghaeilge agus sa mhéid gur scríobh sé drámaí Gaelacha. Léiríonn Ó Ciarghusa ní hamháin go ndearna an tAthair Ó Duinnín a dhúthracht ar son na Gaeilge ach go raibh fonn air deireadh a chur le cultúr an Bhéarla a bhí go mór chun tosaigh in Éirinn san fhichiú haois. Cuireann Ó Ciarghusa an díomá a bhí air os comhair an léitheora nuair a cuireadh an tAthair Ó Duinnín i gcomparáid le figiúirí móra an Bhéarla. Ba mhasla é seo i súile Uí Chiarghusa toisc go raibh Ó Duinnín ar chaighdeán níos fearr, dar leis. D'fhoilsigh Ó Ciarghusa i gcuimhne ar an Athair Ó Duinnín. Leanann Ó Ciarghusa ar aghaidh le halt eile a fhoilsiú mar gheall air i mbliain a bháis i 1934. 'An tAthair Pádraig' a bhí mar

theideal air. Cuimhníonn Ó Ciarghusa siar ar an mbliain 1901, tráth dá raibh sé ina chónaí i gCorcaigh. Tugtar léiriú ar lá a chaith sé ag léamh leabhair de chuid an Duinnínigh.

Go ndeindeadh Dia trócaire air, cé nár labhras focal riamh leis, do bhí aithne pearsan agam air le breis agus tríocha bliadhain agus is dóigh liom gur léigheas gach aon rud dár scríobh sé ó thosnuigh sé ar obair na Gaedhilge. Ba bheag cuimhneamh do bhí agam nuair cheannuigh mé “Dánta Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin” agus shuidheas ar shuidheachán san Marínó i gCorcaigh tráthnóna Samhraidh i mbliadhain 1901 ‘ghá léigheamh, - nó d’iarraidh é léigheamh; mar b’éigean dam dul ar choimirche an fhoclóra gach ‘re focal, - ba bheag cuimhneamh do bhí agam go mbreacfaidh an lá orm n-a mbeinn im ‘thánaisce don eagarthóir in san “Leader.” Muna mbeadh é féin agus a chuid leabhar, is baoghalach ná beinn.

De dheascaibh tionóisce do tharla mé a bheith. Is cuimhin le léightheoiribh an pháipéir an t-Athair Pádraig do shleamhnughadh ag teacht anuas staighre na Leabharlainne Náisiúnta dó roinnt bliadhain ó shoin agus d’á ghortughadh féin. Rith sé liom-sa nuair airigheas é ná beadh sé i n-iúl ar scríobhadh mar ba ghnáth leis in san áit seo de’n “Leader” an tseachtmhain do bhí n-ár gcionn agus, ar eagla ná beadh, - agus, ar aon tslighe, chum chómh-bhróin lucht léighte an pháipéir do chur i n-iúl dó, - do shuidheas agus do scríobhas aiste thar a chionn. Mo leun! Ba iomdha seachtmhain go raibh sé i n-iúl ar scríobhadh arís, agus nuair do bhí féin, d’fhág sé fúm-sa mar obair é. Táim ag scríobhadh san pháipeur ó shin (‘An tAthair Pádraig’ *The Leader*, 13 Deireadh Fómhair 1934).

Tugann Ó Ciarghusa le fios dá léitheoirí gur tharla dó a bheith ag scríobh sa *Leader*, toisc gur thit an Duinníneach síos an staighre sa Leabharlann Náisiúnta. Ní raibh ar a chumas leanúint ar aghaidh ag scríobh agus tháinig Ó Ciarghusa ina chomharba. Ba léir go raibh sé fíor-bhuíoch as ucht an deis a fháil dul i mbun pinn don nuachtán dátheangach seo. Ba mhór an meas a bhí ag Ó Ciarghusa ar dhaoine aitheanta eile. Is comóradh é an t-alt seo thíos dar theideal *Tadhg Mac an Bhaird*. Státseirbhíseach mór le rá ab ea Tadhg Mac an Bhaird (1856 – 1931). Foilsíodh alt le Ó Ciarghusa tar éis a bháis i 1931 in ómós dó toisc go bhfuair sé bás sa bhliain seo. Trí bliana is tríocha a bhí slánaithe ag Ó Ciarghusa nuair a chuir an bheirt acu aithne ar a chéile den chéad uair. Níl fianaise eile againn a chuireann solas ar an dlúthchairdeas a bhí eatarthu.

Bheadh sé sin breis agus cúig bliadhna fichead ó shoin, is dóigh liom. Do chuireas aithne ar Thadhg tamall i n-a dhiaidh sin agus do castaoi ar a chéile go minic sinn, mar ba bheag

seachtmhain ná bíodh cruinniughaidh de mhuinntir na Gaedhilge i n-áit éigin sa chathair agus ba gheas d'aon Ghaedheal gan bheith ag gach cruinniughadh ('Tadhg Mac an Bhaird', *The Leader*, 28 Feabhra 1931).

Deir sé gur bhuail sé le Tadhg ag ceann de chruinnithe an Chonartha i mBéal Feirste. Luann sé go raibh sé de nós ag na Gaeil agus go leor Gael cáiliúl ina measc a bheith ag na cruinnithe seo sa chathair. Luann sé beirt a fuair bás, Pádraig Ó Séaghdha ('Conán Maol') agus Séamus Ó Dubhghaill ('Beirt Fhear'). Státseirbhíseach agus scríbhneoir Gaeilge ab ea Pádraig Ó Séaghdha (1855 – 1928). Státseirbhíseach agus scríbhneoir eile ab ea Séamus Ó Dubhghaill (1855 – 1929).

Dála an scéil, nach iomdha sin Gaedhael a bhfuil cáil anois air do bhíodh ag na cruinnighthibh i mBeulfeirsde – “Conán Maol” agus “Beirt Fhear” go ndeindh Dia trócaire ortha; agus “Cú Uladh” agus “Feargus Finnbhéil” agus “Cos Obann” agus Seán Ó Catháin, gura fada mairfid, gan trácht ar aoinne acht ar lucht an fheadhmannais Stáit amháin ('Tadhg Mac an Bhaird', *The Leader*, 28 Feabhra 1931).

Is fianaise luachmhar é seo ar imeachtaí an Chonartha i mBéal Feirste. Insíonn Ó Ciarghusa dá léitheoirí go raibh sé de nós aige a bheith i gcomhluadar na bhfigiúirí móra seo. Taispeánann sé seo cé chomh díograiseach is a bhí sé maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn in Éirinn agus i Londain. Mar a léiríodh in 1.4 ('Ó Shasana go Béal Feirste'), bhuail Ó Ciarghusa leis na daoine seo i Londain ag casadh an chéid agus chas siad ar a chéile arís ag cruinnithe an Chonartha i mBéal Feirste chomh maith. Léiríonn an méid thíos gur mhór an meas a bhí ag Ó Ciarghusa air as ucht a ndearna sé do léann na Gaeilge. Ba iomaí scéal is scéilín a d'fhoilsigh Tadhg Mac a' Bhaird (1856 – 1931) (Breathnach & Ní Mhurchú 1992: 47). Tugann alt Uí Chiarghusa le tuiscint gur ábhar inspioráide dó é Tadhg Mac an Bhaird. Is sampla é an sliocht thíos, a léiríonn an dlúthchaidreamh a bhí ag Ó Ciarghusa le daoine aitheanta na Gaeilge. Is léir go bhfuil sé bródúil as aithne a bheith aige ar

an scoláire Gaeilge iomráiteach seo. Scríobh Ó Ciarghusa alt ina ómós nuair a fuair se bás i 1929.

Timcheall mí ó shoin bhíos i mBaile Átha Cliath agus d'airigheas go raibh sé breoidhte san osbuidéal. Chuadhas d'á fhéachaint agus do b'fíor é; bhí sé breoidhte agus go lag. Acht, ní leigfeadh mo chroidhe dam géilleadh go bhféadfadh an bás a bheith aige. Ar Bheirt Fear agus ar an Athair Peadar is mó bódh a buíochas má tá gaol ag Gaeilge na leabhar le Gaeilge na ndaoine a labhras an Ghaeilge ('Beirt Fhear', *The Leader*, 15 Meitheamh 1929).

Léiríonn an méid atá thíos go raibh sé de nós ag na státseirbhísigh seo fanacht i gcomhlúadar a chéile toisc an grá agus an paisean a bhí acu d'idéil na hAthbheochana a chur i gcrích (tá sé seo pléite sa chéad chaibidil in 1.4). Caitheann Ó Ciarghusa solas ar na hiarrachtaí a rinne athbheochanóirí cosúil le Dubhghlas de hÍde oibriú ar son cúis na teanga. Cuirtear in iúl gur ghlac Ó Ciarghusa agus 'Beirt Fhear' páirt gníomhach mar bhaill den Chonradh agus tá cuimhní áille ag Ó Ciarghusa den uair seo ina shaol. Tugann an slíocht seo léiriú ar an meas a bhí ag de hÍde ar 'Bheirt Fhear' nuair a thagair sé dó i léacht a thug sé. Is cúis mhór áthais do Sheán Ó Ciarghusa toisc go léiríonn sé an t-armheas a bhí ag daoine air.

Seadh, is dócha gurab é anuraidh, ag léigheacht san Iolscoil do chuala "An Craoibhín" ag aithris i dtaoibh an chatha do bhí dachad éigin bliadhain ó shion ag gasra beag Gaedheal d'iarraidh an teanga do thárrtháil i n-a aimhdheóin neamshuimlachta lucht poilitidheachta agus namhadais Gall. D'ainmnigh sé "Beart Fhear" (do bhí i láthair) ar an ngrasra mbeag sin, agus is dóigh liom gur ghuidh sé faid saoghail dó ('Beirt Fhear', *The Leader*, 15 Meitheamh 1929).

Cuireann bás an fhir seo brón ar Ó Ciarghusa agus is léir go ngabhann sé buíochas leis.

Tugann sé le fios gur scríbhneoir luachmhar é don nuachtán dátheangach *The Leader* agus go mbeadh brón ar an lucht léitheoireachta mar thoradh air seo.

A thuagh nár ceadúigheadh an fhaidh saoghail sin dó, agus go bhfuil sé ar lár indiu! Go dtugaidh Dia a luach-shaothair dó; guidhim-se, é i bpáirt lucht léigte "An Leader" ar

mhinic a thug sé taithneamh dóibh ag scríobhadh i n-a gcómhair ar an bpáipeur ('Beirt Fhear', *The Leader*, 15 Meitheamh 1929).

Tuigtear cion Uí Chiarghusa ar athbheochanóirí na nDéiseach chomh maith nuair a scríobh sé alt i gcuimhne ar Phádraig Ó Dálaigh (1873-1932). D'éirigh leis an nDéiseach seo a bheith ina rúnaí ar chraobh Chonradh Dhún Garbhán, cúig mhíle dhéag ó áit dhúchais Sheán Uí Chiarghusa.

Ó ba Dhéiseach é, aireóchaid Déisigh Bhaile Átha Cliath uatha go geur é agus mise, b'fhéidir, níos géire ná aoinne eile aca mar bhíomar go mór muinnteartha le n-a chéile agus, aon cheist bhíodh le réidhteach dam i dtaoibh na sean-duthaighe, bhí a fhios agam eisean a bheith ann chum í réidhteach dam.

Adeireadh sé i gcómhuidhe, leis, ná beadh sé i mBaile Átha Cliath ar aon chor, meireach mise. i dtaoibh mé 'gá chómhairliughadh dó fadó dul fé dhéin bheith i n-a Rúnaidhe ar Chonradh na Gaedhilge adeireadh sé é sin acht, dar ndóigh, gheobhadh sé post éigin eile mara bhfuigheadh sé é féin i n-iúl i n-obair na Gaedhilge a fheabhas do bhí an teanga aige agus a éirleamhla do bhí sé i gcúrsaí gnótha de gach saghas ('Pádraig Ó Dálaigh', *The Leader*, 11 Meitheamh 1932).

Léiríonn Ó Ciarghusa go bhfuil sé bródúil as Pádraig Ó Dálaigh as ucht a ndearna sé ar son na Gaeilge. Cuireann sé in iúl gur chabhraigh sé féin leis post mar rúnaí an Chonartha a fháil i mBaile Átha Cliath. Deir sé nach raibh air ach scríobh chuige nuair a bhí eolas uaidh agus thabharfadh sé dó é. Cuireann sé in iúl gur bhain sé taitneamh as bualadh leis an nGael seo a scríobhadh seanchas na tíre i nGaeilge in ionad an Bhéarla. Tugann sé sásamh do Sheán Ó Ciarghusa nach ndeachaigh a shaothair i léig. Ina theannta sin, scríobh Ó Ciarghusa alt i gcuimhne ar Dhéiseach eile. 'Micil Ó Muirgheasa' an t-ainm a bhí air. Fuair sé bás i 1932 agus scéalaí ab ea é. Ba as ceantar na nDéise dó (Breathnach & Ní Mhurchú 1997: 208). Bhí sé de nós aige cuairt a thabhairt ar mhuintir na Rinne agus dul i mbun scéalaíochta leo.

Nuair do-chuala é bheith tar éis bháis níor fhan aon mhaith ionam agus is uaigneach liom fós cuimhneach ar Choláiste na Rinne i n-a eughmuis; gan é ar fuaid an mhacha sa ló ann agus i n-a shuidhe i n-a chúinne féin sa chistin istoidhche ag sceuldaidheacht agus ag

seanchas. Cad dheunfaimíd ar aon chor feasta? Sin é adeurfaidh gach aoine do thaithigheadh an áit le cúig bliadhna fichead – agus is iomdha Gaedheal do thaithigheadh é ('Micil Ó Muirgheasa', *The Leader*, 18 Meitheamh, 1932).

Tá faitíos ar Ó Ciarghusa nuair a smaoiníonn sé ar thodhchaí an Choláiste gan é. Deir sé go raibh aithne ag go leor Gael ar Mhicil le cúig bliana is fiche anuas. Léiríonn Mac Craith (2005: 7) gur cuireadh Coláiste na Rinne ar bun i 1905 agus gur bunaíodh an mhéanscoil i 1909 chun 'fearaistí' a chur 'ar fáil do scoláirí comhnaithe' (2005: 8). Deir Ó Ciarghusa gur chuir sé aithne air den chéad uair sa bhliain 1909. Cuireann alt Uí Chiarghusa in iúl gur chaith sé cúpla seachtain sa Rinn gach samhradh.

Is dóigh liom go raibh aithne agam féin ar Mhicil ó cuireadh an Coláiste ar bun, is é sin ó'n mbliadhain 1909, agus ní fheadar mé ar leigeas bliadhain tharm ó shoin gan cúpla seachtmhain nó trí do chaitheamh sa Rinn. Do chaithinn tamall de gach aon oidhche, geall leis, de gach seachtmhain díobh sin ag éisteacht leis, agus, go dtí an uair dheireannach d'á bhfaca é, um Cháisc i mbliadhna, níor scaras riamh leis gan sceul nó cainnt nó amhrán éigin nár airigh mé cheana agam le cur im' leabhar nó le coimeád im'cheann. Tuigtear mar sin go n-aireochad uaim é. Aireochad. Muna mbeadh é, ní dócha go mbeinn ag scríobhadh Gaedhilge in san Leader ná in aon pháipeur eile (Micil Muirgheasa', *The Leader*, 18 Meitheamh, 1932).

Cuireann sé in iúl gur chaith sé beagnach gach oíche le linn a thréimhsí sa Rinn ag éisteacht lena scéalta agus gur scríobh sé síos na scéalta seo nó nathanna cainte uaidh. Is léir, mar sin, go mbraitheann sé é go mór uaidh agus gur aithin sé gur mhór an chabhair dó na scéalta agus na nathanna cainte seo de chuid Mhicil agus é i mbun pinn. Deir Ó Ciarghusa go gcáintear seanGhaeilgeoirí go minic toisc nach labhraíonn siad Gaeilge leis na daoine óga, ach a mhalairt a bhí i gceist le Micil. Molann sé Micil toisc go raibh an Ghaeilge chomh maith sin aige.

Is iomda rud atá ráidhte i dtaoibh na seanGhaedhilgeoirí, 'ghá moladh ná 'ghá gcáineadh – 'ghá moladh a fheabhas do bhí an Ghaedhilg aca agus 'ghá gcáineadh i dtaoibh ná labhraidís de ghnáth leis an aosoig í. Do bhí Micil le moladh i dtaoibh a fheabhas do bhí an teanga aige; aoine nár airigh míle uair 'ghá cainnt é, níl a fhios aige a fheabhas do bhí

sí aige – agus ní raibh sé riamh le cáineadh i dtaoibh í a cheilt ar aosaig ná eile (‘Micil Muirgheasa’, *The Leader*, 18 Meitheamh 1932).

Deir Ó Ciarghusa gur labhair sé Gaeilge leis na daoine óga go rí-mhinic. Cuireann sé in iúl nach gcuirfeadh Micil faoi cheilt í orthu ná ar éinne eile. Molann sé Micil toisc gur labhair sé Gaeilge ar feadh a shaoil lena lucht éisteachta.

Do chaith sé a shaoghal ar fad – acht amháin an tamaillín de’n oidhche thugadh sé i n-a chodladh – ‘ghá cainnt agus ‘ghá cur abhaile ar a mbíodh i raon éisteachta. Agus ba mhaith an mhaise ag Cómhaltaibh Coláiste na Rinne, leis, é, níl sé le casadh leo sin gur leigeadar i bhfaillighe buaidh cainnte a sceulaidhe. Ní fheadar mé – do ghnó féin déin, a dhuine, ná bac mo ghnó-sa ná mise – acht is minic mé ag a chuimhneamh nach fuláir nó is iomdha Micil sa nGaedhealtacht a bhfuighfidhe feidhm do bhaint as i gcoláistibh de shaghas Choláiste na Rinne dá mbeadh na coláistí ann.

Ba mhór an cion a bhí ag muintir Choláiste na Rinne air. Deir Ó Ciarghusa nach bhféadfaí a rá go ndearna siad dearmad ar a chumas scéalaíochta. Léiríonn Ó Ciarghusa go raibh an t-ádh le muintir na Rinne duine mar Mhicil a bheith acu.

3.4 Conclúid

Tosaíodh an chaibidil seo le léiriú ar an gcaoi ar éirigh le Seán Ó Ciarghusa tús a chur lena shaol scríbhneoireachta. Pléadh na nithe a d’imir tionchar air agus rinneadh anailís chomparáideach idir stíl scríbhneoireachta beirt scríbhneoirí (Liam Ó Rinn agus ‘Conan Maol’) agus le scríbhinní Uí Chiarghusa ó thaobh ábhair agus stíle de. Caitheadh solas ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí eatarthu. Tar éis an anailís seo a dhéanamh, ba léir gur chuir na difríochtaí stíle seo le léann na Gaeilge agus gur tháinig éabhlóid ar dhoimhneacht a chuid smaointe. Míníodh an modh oibre a bhí in úsáid sa staidéar seo trí léiriú a thabhairt ar chatalóg de Hae a bhí mar bhunfhoinse cuardaigh do na hailt. Tugadh léiriú ar ainmneacha na nuachtán agus na dtréimhseachán a bhí in úsáid aige mar aon le líon na n-alt a d’fhoilsigh sé.

Fiosraíodh tréithe coitianta dá chuid scríbhinní agus cuireadh ailt Uí Chiarghusa i láthair trí mhórtéamaí dá chuid scríbhinní a chur i láthair. In 3.1, pléadh tuairimí Uí Chiarghusa maidir le staid na Gaeilge i gceantar na nDéise san fhichiú haois mar aon le tionchar an Bhéarla a bhí go mór chun tosaigh ag casadh an chéid. Scrúdaíodh tuairimí Uí Chiarghusa faoi dhearcadh mhuintir na nDéiseach i leith na Gaeilge ó 1903 ar aghaidh go 1933. Fiosraíodh an claochlú a tháinig ar an stíl scríbhneoireachta a bhí in úsáid aige le linn an ama sin. I ndiaidh léiriú a thabhairt ar na hathruithe a tháinig ar dhearcadh na nDéiseach i leith na Gaeilge le himeacht ama, bhí sé rí-shoiléir gur chloígh Seán Ó Ciarghusa go mór le hidéil na hAthbheochana ina scríbhinní. Níl amhras ar bith ach gur imir an taithí a fuair sé i Sasana, i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath agus i bPort Láirge tionchar nach beag ar an dearcadh agus ar na smaointe a bhí aige.

Ina theannta sin, in 3.2, pléadh an Ghaeilge sa chorás oideachais agus dearcadh an aosa óig ina leith. Fiosraíodh tuairimí Uí Chiarghusa i dtaobh modhanna teagaisc na Gaeilge agus maidir le dearcadh na múinteoirí ina taobh ó 1903 go 1933. Sa tríú cuid den chaibidil, pléadh na hailt a d'fhoilsigh Ó Ciarghusa ar son fhigiúirí aitheanta na Gaeilge agus léirigh siad siúd gur mhór an meas a bhí aige orthu as ucht gach a ndearna siad ar son na teanga. Anuas air seo, i ndiaidh súil a chaitheamh ar chuid mhaith dá théamaí i scríbhinní, níl dabht ar bith ach gur tháinig forbairt agus éabhlóid ar an stíl scríbhneoireachta a bhí aige ó 1903 go 1936. Is léir go ndeachaigh sé i dtaithí uirthi, le himeacht aimsire. D'éirigh leis léiriú níos soiléire is sothuigthe a chur ar fáil ar an ábhar seo ó thús na fichiú haoise go dtí na tríochaidí. Arís eile, bhí díomá Uí Chiarghusa le brath toisc nár éirigh leis an tír idéil na hAthbheochana a chur i gcrích. Tugadh faoi deara gur imir tuairimí agus briathra an Phiarsaigh, an Chraoibhín agus Eoin Mhic Néill tionchar nach beag ar na smaointe a bhí aige ina taobh, gan aon agó.

Cé nach bhféadfaí a áiteamh go raibh Ó Ciarghusa i measc mórsmaointeoirí na hAthbheochana, bhí ról gníomhach aige ag cur tuairimí na gluaiseachta in iúl do phobal léitheoireachta na nuachtán. Is léir gur mhór an meas a bhí aige orthu, rud atá soiléir óna chuid scríbhinní i 1903. Anuas air seo, tá tábhacht ag baint leis mar fhinné agus mar scéalaí pobail maidir le staid agus dearcadh mhuintir na hÉireann i leith na Gaeilge agus múineadh na Gaeilge. Is fuinneog é a chuid scríbhinní ar mheon Gaelach, ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí tíre na fichiú haoise. Baineann siad le tréithe de chuid thréimhse na hAthbheochana sa mhéid go gcuirtear na léitheoirí ar an eolas maidir le díospóireachtaí comhaimseartha i gceantar na nDéise agus níos faide i gcéin.

Conclúid an tráchtais

4.0 Conclúid an tráchtais

4.1 Spriocanna an tráchtais

Ba í aidhm an tráchtais seo ná léiriú a thabhairt ar bheatha agus ar shaothar iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa agus ar ábhar a chuid alt agus ar an gcur chuige a chleacht sé iontu. I dtús báire, sa chéad chaibidil ba í an sprioc ná léiriú a chur ar fáil ar chúla Sheáin Uí Chiarghusa is é sin: cúlra a mhuintire agus a áite dúchais, a óige agus a oideachas. Chun an aidhm seo a bhaint amach, bailíodh bunfhoinisí eolais maidir le clann Uí Chiarghusa ó chlann Sheáin. Léirigh na foinisí seo clann ghinealaigh Sheáin Uí Chiarghusa a chuaigh siar chuig an naoú haois déag agus an bhaint a bhí ag athair Sheáin, Micheál Ó Ciarghusa, le cúrsaí feirmeoireachta i gCoill Mhic Thomáisín. Ina theannta sin, léirigh na foinisí seo gur rugadh agus tógadh Seán Ó Ciarghusa i mhuileann a bhí mar chuid den fheirm agus thug na foinisí léiriú ar athrú úinéireachta an mhuilinn seo le linn an ochtú agus an naoú haois déag. Anuas air seo, tugadh cuairt ar mhuileann Uí Fhlaitheamháin i gCoill na Gráinsí agus bailíodh eolas faoin mbaint a bhí ag clann Sheáin leis an gcomhlacht, ach go háirithe. Baineadh úsáid as Luacháil Uí Ghríofa chun léiriú a fháil ar athrú úinéireachta an mhuilinn. Bailíodh eolas i gCartlann na Ríochta Aontaithe i gKew, Londain maidir le saol Uí Chiarghusa mar oifigeach Custaim is Máil. Ina theannta sin, bailíodh eolas maidir leis na rólanna éagsúla a bhí ag Seán Ó Ciarghusa le linn dó feidhmiú mar oifigeach Custaim is Máil in áiteanna éagsúla. I ndiaidh na hoibre seo, léiríodh an ról a bhí aige ag obair mar oifigeach i Sasana, i mBéal Feirste agus in Éirinn ó 1892 go 1896 in Hull, Yorkshire, ó 1997 go 1901 i gcraobh na Fáschoille i Londain, i 1901 i gCorcaigh, ó 1902 go 1904 i Learpholl, i 1904 go 1914 i mBéal Feirste, ó 1914 go 1936 i mBaile Átha Cliath. Aistríodh go Dún Laoghaire é i 1937 agus d'éirigh sé as a bheith ina oifigeach custaim is máil.

Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as dialann Chaitlín (iníon Sheáin Uí Chiarghusa) chun cur leis an méid eolais atá curtha i láthair ar shaol Sheáin Uí Chiarghusa sna háiteanna seo. Thug an fhoinse seo léiriú ar an sórt saoil a bhí ag Caitlín Uí Chochláin (Ní Chiarghusa), ón mbliain 1902 nuair a bhí cónaí ar an gclann i Learphoil. Rugadh ar 13 Deireadh Fómhair, 1902 í. Mar a léiríodh in 1.3 (Ón Rinn go Sasana) thosaigh sí ag scríobh na dialainne seo i 1968 agus chuir sí deireadh léi i 1977.

Anuas air seo, tugtar léiriú ar an gclann agus iad ag aistriú ó áit go háit le linn dóibh a bheith ina gcónaí i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath chomh maith. Caitheadh súil ar an mbaint a bhí ag Seán Ó Ciarghusa leis an gConradh sna háiteanna seo agus tugtar léiriú ar na himeachtaí Gaelacha a bhí ar siúl aige. Ina theannta sin, tuigtear cé chomh dáiríre is a bhí sé i leith aidhmeanna na hAthbheochana a bhaint amach. Ní raibh drogall ar bith air a chuid feirge a nochtadh don saol mór agus tá sé seo le tabhairt faoi deara sa chuntas seo agus ina scríbhinní chomh maith. Chabhraigh na foinsí seo go léir léiriú domhain a chur ar fáil ar na háiteanna inar chónaigh sé agus léiriú a sholáthar ar an bpáirt a bhí aige mar bhall gníomhach de Chonradh na Gaeilge sa ré chorraitheach seo. Cuireann Ó Ciarghusa timirí a áite dúchais i láthair ina ailt luatha. Is cúis mhór áthais dó é gur mhór an tsuim a bhí acu i leith na Gaeilge. Tugann an méid seo léiriú soiléir don léitheoir ar an dlúthchaidreamh a bhí aige le scríbhneoirí agus gníomhaithe Gaeilge aitheanta na fichiú haoise. Ina theannta sin, tá tuiscint níos fearr ag an léitheoir ar na nithe a chuaigh i bhfeidhm air, go luath ina aistear scríbhneoireachta. Chuir scríbhinní Sheáin Uí Chiarghusa le haidhmeanna an tráchtais maidir leis na nithe a mhúnlaigh agus a spreag é chun dul i mbun pinn.

Ba é sprioc na dara caibidile ná coincheap agus bunús na hAthbheochana a phlé i gcomhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge. Bhí sé de dhualgas ar an taighde seo gnéithe áirithe a thabhairt san áireamh maidir le cúlra na hAthbheochana sula ndíreofaí ar iriseoireacht na Gaeilge. Ar dtús in 2.1 pléadh staid na Gaeilge sa naoú haois déag agus neart an Bhéarla, in 2.2 tugadh léiriú ar thuairimí scoláirí ar nós Hutchinson, Cormier agus Uí Chonchubhair

maidir leis an tábhacht a bhaineann le náisiúnachas cultúrtha agus le féiniúlacht an náisiúin. Ceanglaíodh na tuairimí seo le tábhacht na teanga mar chuid den náisiún. I ndiaidh an chúlra a phlé, tugadh léiriú ar theoiricí an rómánsachais chun tuiscint shoiléir a chur ar fáil maidir le bunús na hAthbheochana in Éirinn. Tugadh aghaidh ar an sprioc seo trí fheidhm a bhaint as saothair faoi leith, go háirithe saothar Uí Chonchubhair, maidir leis an Athbheochan i gcomhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge. Ina theannta sin, ba í aidhm na hoibre ná bunú na n-eagraíochtaí Gaelacha a mhíniú agus baineadh an sprioc seo amach trí léiriú a thabhairt orthu in 2.3 dar teideal ‘Tús na gcumann athbheochana agus na bhfoilseachán Gaeilge a lean iad sa naoú haois déag’. Thug an chaibidil seo slí isteach don léiriú ar shaothar Uí Chiarghusa a thiocfadh níos déanaí.

Sa tríú caibidil, díríodh ar shaothar iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa. Tugadh léiriú ar líon na n-alt a a d’fhoilsigh sé i nuachtáin faoi leith. Ina theannta sin, pléadh scoláirí aitheanta agus tagraíodh do líon alt Uí Chiarghusa a bhí luaite acu ina saothar. Ba í an sprioc a bhí ann ná ailt Uí Chiarghusa a chur i gcomparáid le saothar scríbhneoirí eile Gaeilge san fhichiú haois. Roghnaíodh Liam Ó Rinn agus ‘Conán Maol’ (Pádraig Ó Séaghdha) agus pléadh stíl na scríbhneoirí seo ó thaobh smaointe, ábhair agus stíle de. Roghnaíodh an bheirt scríbhneoirí seo toisc gur scríobh an bheirt acu i nGaeilge in *An Claidheamh Soluis*, cosúil le Seán Ó Ciarghusa. Ina theannta sin, conraitheoirí ab ea iad díreach cosúil le Ó Ciarghusa. Bhí cosúlachtaí idir téamaí a n-alt agus téamaí alt Uí Chiarghusa. D’fhoilsigh Liam Ó Rinn ailt faoi easpa inniúlachta an fhoghlaimeora maidir le ceird an aistriúcháin, mar shampla. Bhí staid na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann mar ábhar pléite ag ‘Conán Maol’ chomh maith ag tús na fichiú haoise, ar nós Uí Chiarghusa. Ina theannta sin, léirigh ailt Uí Chiarghusa go raibh aithne aige ar ‘Chonán Maol’ nuair a bhí sé i Londain agus i mBéal Feirste (tá sé sin le feiceáil in alt dar teideal ‘I nDúthaigh Dhéiseach’ a d’fhoilsigh sé ar 17 Deireadh Fómhair, 1903 in 3.1 agus in alt dar teideal ‘Tadhg Mac an Bhaird’ a a d’fhoilsigh sé ar 28 Feabhra 1931 in 3.3). Díríodh ar théamaí faoi leith, i ndiaidh an méid seo a dhéanamh. Cíoradh agus fiosraíodh na hailt seo chun mórthéamaí a roghnú agus a phlé i

gcomhthéacs shaol Uí Chiarghusa agus i gcomhthéacs iriseoireacht na Gaeilge i gcoitinne. Bhí na hailt seo i gcroílár na hoibre sa mhéid gur nocht siad na hábhair inní ba mhó a bhí ag dó na geirbe aige i rith a shaoil. Scrúdaíodh agus scagadh tuairimí Uí Chiarghusa maidir le mórchonspóidí a linne. Mar atá léirithe in 3.1, 3.2 agus 3.3, scrúdaíodh ailt i nGaeilge a foilsíodh i nuachtáin. Bhain 3.1 le staid na Gaeilge i gceantar na nDéise agus le tionchar an Bhéarla, de réir Uí Chiarghusa agus bhain 3.2 leis an nGaeilge i gcóras oideachais na hÉireann agus le neamhshuim an aosa óig ina leith, dar leis. Díríodh ar na cuntais a d'fhoilsigh Ó Ciarghusa ar dhaoine aitheanta na Gaeilge tar éis bháis dóibh in 3.3. Is léargas iad ar na figiúirí aitheanta is mó a chuaigh i bhfeidhm air agus bhí sé buíoch díobh as ucht a ndearna siad ar son na Gaeilge. Thángthas ar na foinsí seo i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus baineadh úsáid as catalóg Risteárd de Hae dar teideal *Clár litridheacht na Nua-Ghaedhilge: Prós i dTréimhseacháin* (1940), a raibh liosta alt Uí Chiarghusa ar fáil ann. Baineadh leas as na micreascannáin ansin chun iniúchadh a dhéanamh ar na hailt a d'fhoilsigh Ó Ciarghusa ó 1903 go 1922 in *An Claidheamh Soluis*. Ina theannta sin, bhí na hailt a bhaineann leis an fichidí agus na tríochaidí ar fáil i gcruachóip.

I ndiaidh am a chaitheamh ar mhionscrúdú a dhéanamh ar na hailt iriseoireachta, bhí ar mo chumas staidéar téamúil mar aon le hanailís a dhéanamh ar na príomhsmaointe a bhí iontu. Bhí sé mar aidhm ag an taighde na téamaí a rangú agus baineadh an sprioc seo amach. Socraíodh go gcuirfí na téamaí in ailt Uí Chiarghusa i láthair in ord croineolaíochta, chomh

maith. Tar éis sin, rinneadh dlúthcheangal idir na díospóireachtaí a phléigh Ó Ciarghusa agus conspóidí na fichiú haoise. Chomh maith leis sin, tugadh léiriú ar ábhar a chuid alt agus ar an gcur chuige a chleacht sé iontu agus ar an gcaoi a gcuireann siad leis an méid eolais atá curtha ar fáil cheana féin ar phromhdhíospóireachtaí de chuid ré na hAthbheochana.

4.2 Cad a baineadh amach sa tráchtas seo

Tar éis an taighde seo a chur i gcrích, is féidir a rá gur baineadh nithe nua amach a chuirfidh le léann na Gaeilge amach anseo. Mar atá léirithe in 1.3 ‘Ón Rinn go Sasana’, dúradh go raibh Ó Ciarghusa ar dhuine de na conraitheoirí a thug faoin réiteach maidir leis an bhfadhb a bhí ann le heaspa inniúlachta na múinteoirí. Mar atá curtha in iúl in 1.3, ba bhall gníomhach den Chonradh é i gcraobh na Fáschoille i Londain. Mar atá feicthe in 3.2 ‘Staid na Gaeilge sna Déise agus tionchar an Bhéarla, de réir Uí Chiarghusa’ agus in 3.3 ‘An Ghaeilge i gcóras oideachais na hÉireann agus dearcadh an aosa óig ina leith, de réir Uí Chiarghusa’, ba ghnách leis moltaí a thabhairt. Chuir a mholtaí leis an díospóireacht nach raibh na múinteoirí thar mholadh beirte agus muna ndéanfaí beart fiúntach nach mbeadh todhchaí gheal i ndán don Ghaeilge. Chuir Ó Ciarghusa leis an gconspóid seo sa mhéid gur léirigh sé práinne na ceiste seo ina scríbhinní ó thosach an chéid go dtí na fichidí agus na tríochaidí. Bhí míshástacht an scríbhneora seo i gcroílár a scríbhinní agus ní raibh drogall ar bith air an méid feirge a bhí air a léiriú don saol mór. Bhí feachtas níos láidre ag an gConradh de bharr an méid a rinne Ó Ciarghusa agus conraitheoirí mar é. Ní hamháin gur thug sé moltaí a chabhródh le múineadh na Gaeilge ach ba ghnách leis moltaí a thabhairt do na Déisigh chun na daoine óga a spreagadh i leith an béaloideas a léamh leis na páistí.

Braitheadh brón agus díomá Uí Chiarghusa nach raibh an Ghaeilge i mbéal na cosmhuintire san fhichiú haois agus léirigh sé a chuid feirge toisc nach raibh fonn ar thuismitheoirí na nDéiseach, ach go háirithe, feabhas a chur ar an scéal. Bhain na conspóidí seo le drogall an Éireannaigh tabhairt faoin athrú teanga arís agus léiríonn na hailt gur chaith Ó Ciarghusa a dhúthracht ag iarraidh feabhas a chur ar an scéal. Na modhanna oibre agus na modheolaíochtaí ar baineadh úsáid astu, cuireann siad eolas ar fáil nach raibh ann cheana féin. Thug dialann Chaitlín (iníon Sheáin) eolas bunaidh don léitheoir maidir leis na daoine lenar bhuail Ó Ciarghusa agus maidir le gnáthnósanna shaol Sheáin. Chuir sé go mór lenár dtuiscint ar Ó Ciarghusa agus ar cé chomh dáiríre agus paiseanta a bhí sé i leith obair an Chonartha agus i leith dul chun cinn an chultúir Ghaelaigh. Chaith sé a dhúthracht ar son na Gaeilge pé áit a raibh sé. Níor cuireadh an fhianaise seo i láthair léitheora roimhe seo. Cuireann saothar Uí Chiarghusa leis an taighde atá ar fáil ar na conspóidí seo. Léiríonn a ailt go raibh cultúr eachtrannach go mór chun tosaigh in Éirinn le linn na fichiú haoise agus nár bh aon ionadh nach ndeachaigh sé seo i dtairbhe na Gaeilge ná i dtairbhe an chultúir Ghaelaigh, ag casadh an chéid.

Chuir an saothar iriseoireachta seo díomá Uí Chiarghusa agus díomá gach athbheochanóir Gaeilge na linne seo i láthair an léitheora. Sheas na gearáin agus na moltaí seo don mhéid feirge a bhraith na hÉireannaigh agus muintir na Gaeilge go léir, nach raibh idéil na hAthbheochana curtha i bhfeidhm ag an tír. Tugtar léiriú ar na rudaí is mó a bhí ag déanamh buartha do mhuintir na hÉireann ag an uair seo. D'éirigh le Ó Ciarghusa é seo a chur i láthair trí léiriú a thabhairt ar na téamaí éagsúla. Mheas Ó Ciarghusa gur ghoill cúrsaí eacnamaíochta níos mó ar na Déisigh ná mar a ghoill úsáid na Gaeilge orthu. Bhí cearta na talún ar cheann de na príomhchlocha a bhí ar phaidrín na nDéiseach i 1903 agus Ó Ciarghusa ag tosú amach ar an iriseoireacht in ionad todhchaí ná cúis na teanga. Thuig athbheochanóirí Gaeilge na

nDéise mar sin, gur beag an tsuim a bheadh ag na daoine áitiúla inti agus bhí sé seo le tabhairt faoi deara ó scríbhinní Uí Chiarghusa. Ba amhlaidh an scéal é toisc gur thuig siad go rí-mhaith nach raibh ach an imirce i ndán don aos óg, agus nach rachadh an Ghaeilge i dtairbhe dóibh ná nach gcabhródh sí leo nuair a rachaidís thar sáile. Bhí an Ghaeilge sa chóras oideachais ar cheann de na príomhthéamaí eile agus ghoill easpa cumais na múinteoirí go mór ar Ó Ciarghusa, mar atá ráite cheana.

Cuireadh conspóidí móra na linne os comhair an léitheora chomh maith, mar shampla, an díospóireacht a bhí ar siúl sa Chonradh maidir le modh an aistriúcháin. Mar atá léirithe in 2.4 ‘Comhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge’, mar a dúirt Uí Chollatáin (2004), bhí feidhm nuachtáin agus staire ag iriseoireacht na Gaeilge sa mhéid gur chuir na huirlisí seo na hÉireannaigh ar an eolas maidir le conspóidí na fichiú haoise agus maidir le meon Gaelach na linne seo (Uí Chollatain 2002: 2). ‘Gléasanna tarrthála’ a bhí sna hirisí agus sna nuachtáin ó lár an naoú haois déag ar aghaidh, dar le Uí Chollatáin (2008: 5). Ba ghuth é Ó Ciarghusa chun teacht i gcabhair ar na fadhbanna a bhí sa Chonradh. Chuir Ó Ciarghusa leis na díospóireachtaí seo sa mhéad gur cuireadh buairt agus inní na nÉireannach ina leith in iúl. Ba ábhar tábhachtach í an Ghaeilge sna fichidí agus sna tríochaidí in Éirinn, i súile an phobail agus bhí Ó Ciarghusa ar cheann de na scríbhneoirí ba ghníomhaí a bhí ag saothrú ábhar léitheoireachta i nGaeilge don phobal. Chuir sé leis an díospóireacht a bhí ar siúl faoi easpa cumais na múinteoirí an Ghaeilge a mhúineadh do na páistí scoile. Ina theannta sin, chuir saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa leis an gconspóid a bhí ar siúl maidir le dearcadh an aosa óig i leith na Gaeilge. Ba dhíospóireacht mhór í seo i nuachtáin na hAthbheochana agus ní raibh drogall ar bith air neamhshuim na ndaoine óga i leith na teanga agus i leith an chultúir Ghaelaigh a léiriú. I dteanga nádúrtha, caint an ghnáthdhuine, chuir sé an *angst* iarchoilíneach a bhí le brath um an dtaca seo maidir le staid na Gaeilge sna Déise os comhair an léitheora.

Sheas inní agus faitíos Uí Chiarghusa don bhuaire a bhí ar athbheochanóirí eile ag an uair seo, maidir leis an neamhshuim a bhí ag na Déisigh agus ag na hÉireannaigh sa teanga agus in imeachtaí Gaelacha a chur chun cinn. Chuir scríbhinní Uí Chiarghusa saincheisteanna móra na linne chun tosaigh mar gheall ar an bhfadhb seo de bharr easpa deiseanna fostaíochta in Éirinn ag tosach an chéid chomh maith. Ina theannta sin, feictear go raibh níos mó suime ag aos óg na hÉireann in imeachtaí trí Bhéarla ná mar a bhí acu in imeachtaí Gaelacha ná sa teanga. Tugann ailt Uí Chiarghusa léiriú ar an bhfrustrachas a bhí air faoi mheathlú na Gaeilge ina cheantar dúchais, le linn an ama seo. Thug a chuid scríbhinní léiriú domhain ar an lámh in uachtar a bhí ag an gcultúr Sasanach a bhí go mór chun tosaigh in Éirinn. Ba iomaí sampla a thug sé a thaispeáin go raibh sráideanna Bhaile Átha Cliath go mór faoi thionchar an rialtais Shasanaigh. Anuas air seo, léirigh ailt Uí Chiarghusa gurbh é an Béarla a bhí ina ghnáththeanga labhartha i measc na n-óg ag cluichí Chumann Lúthchleas Gael. Ní dheachaigh sé seo i dtairbhe don Ghaeilge ná i dtairbhe don chultúr Gaelach, ach an oiread.

Cuireann na hailt atá foilsithe aige an méid feirge a bhí air in iúl, toisc nach raibh idéil na hAthbheochana bainte amach ag an tír sna fhichidí agus sna tríochaidí. Ní haon amhras go gcuirtear an phráinne iarchoilíneach os comhair an léitheora i mbeagnach gach alt dá chuid sa mhéid go raibh sé mar chuspóir aige suim na nÉireannach a mhúscailt i leith na Gaeilge agus i leith tábhacht an chultúir Ghaelaigh a chaomhnú. Is finné luachmhar é ar na hathruithe a bhí ag teacht san fhichiú haois agus ar na rudaí is mó a bhí ag dó na geirbe ag athbheochanóirí na hÉireann. Tá inní agus macallaí an ré iarchoilínigh le tabhairt faoi deara i rith na tréimhse a raibh sé gníomhach ag foilsiú alt, is é sin, ó 1903-1936. Níl aon fhianaise eile faighte sa staidéar seo a léiríonn gur fhoilsigh Ó Ciarghusa saothar iriseoireachta i ndiaidh na bliana seo.

4.3 An taighde seo suite i gcomhthéacs léann na Gaeilge, na hAthbheochana agus na hiriseoireachta Gaeilge

Mar a léiríodh in 2.4 ‘Comhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge’, gné thábhachtach d’iriseoireacht na tíre ab ea na nuachtáin Ghaeilge seo sa mhéid gur cuireadh ábhar léitheoireachta ar fáil do na hÉireannaigh i nGaeilge, mionteanga na hÉireann ó thaobh na léitheoireachta de. Cosúil le lucht an Chonartha, thuig Ó Ciarghusa go raibh géarghá an Ghaeilge a fhí isteach i saol laethúil mhuintir na hÉireann ionas nach bhfaigheadh sí bás. Shocraigh sé ar leas a bhaint as an ngléas seo chun an méid a bhí ina chroí istigh a nochtadh don saol mór. Pléadh go leor gnéithe de shaol na hÉireann ina scríbhinní: cúrsaí teanga, cúrsaí oideachais agus cúrsaí litríochta, gan ach cuid acu a lua. Is fuinneog iad ar mheon Gaelach na nÉireannach i rith na fichiú haoise agus baineann tréithe na hAthbheochana lena scríbhinní. D’éirigh le Ó Ciarghusa léiriú a thabhairt ar na nithe ba mhó a bhí ag dó na geirbe aige féin i rith an ama seo. Bhain sé úsáid as an uirlis seo chun cuspóirí an Chonartha agus chun cuspóirí ghluaiseacht na hAthbheochana a chur i láthair an phobail. Is scáthán é a shaothar ar na hábhair imní ba mhó a bhí ag lucht an Chonartha agus ag na hathbheochanóirí Gaeilge. Bhí sé mar chuspóir aige aird an phobail a dhíriú ar athbheochan na Gaeilge. Léirigh sé nár ghlac muintir na nDéise leis na cuspóirí seo ag tús an chéid.

Braitheadh an méid feirge a bhí air dá bharr, óna scríbhinní luatha seo. Ina theannta sin, uirlis chumarsáide ab ea na nuachtáin seo chomh maith, mar a léiríodh in 2.4 a raibh mar aidhm acu soiscéal agus fealsúnacht an Chonartha a chraobhscaoileadh. Ghlac Ó Ciarghusa leis an aidhm seo agus ba phort leanúnach aige easpa dáiríreachta dul chun cinn na Gaeilge ina scríbhinní. Baineann tábhacht leis an méid a deir sé ina

scríbhinní faoi dhroghall an aosa óig agus faoi dhroghall an Bhoird Náisiúnta i leith na Gaeilge toisc go dtaispeánann sé go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an gceist seo agus is féidir práinne na ceiste seo a thabhairt faoi deara. Is finné luachmhar é ar neamhshuim na nDéiseach i leith na hoibre seo. Is fuinneog é ar an easpa suime a bhí acu i gcúis na teanga ná i ndul chun cinn gné ar bith dá gcultúr Gaelach, i gcoitinne. Léiríonn a chuid scríbhinní go n-éiríonn sé níos corraithe ina scríbhinní le himeacht aimsire. Níl sé píos sásta nach bhfuil mórán airde tugtha don Ghaeilge le linn na fichiú haoise. Cuireann sé an díomá agus an faitíos a bhí air os comhair an léitheora agus sheas na mothúcháin seo do ghníomhaithe Gaeilge na hÉireann. Is foinsí luachmhara staire iad na hailt seo chomh maith, a chuireann príomhábhair imní na nÉireannach in iúl dá léitheoirí. Baineann sé úsáid as na téamaí seo chun léiriú a thabhairt ar an sórt saoil agus ar an sórt timpeallachta a bhí in Éirinn ag an am seo.

Timpeallacht ab ea í ina raibh an cultúr Gaelach go mór faoi chois ag brú agus ag tionchar an Bhéarla. D'éirigh leis léiriú níos soiléire a chur i láthair an léitheora trí thagairt a dhéanamh do thábhacht an Bhéarla in Éirinn sna tríochaidí, nuair a thráchtann sé ar úsáid an Bhéarla i measc na n-óg. Forbraítear an tuiscint atá ag an léitheoir ar an timpeallacht seo nuair a thráchtann sé ar an lámh in uachtar atá ag an mBéarla. Léiríonn na hailt seo a chuid mhíshástachta nach raibh ag éirí chomh maith sin leis an tír aidhmeanna na hAthbheochana a chur i bhfeidhm. Ba phort leanúnach iad na gearáin seo ina scríbhinní a mhéadaíonn an tuiscint atá ag an léitheoir ar an ré bhríomhar seo i stair na hÉireann.

4.4 Anailís ar an méid a deir lucht acadúil na Gaeilge faoi shaothar iriseoireachta

Uí Chiarghusa

Thagair Uí Chollatáin (2004) don mhéid a dúirt Ó Ciarghusa maidir le heaspa inniúlachta an mhúinteora i leith cheird an aistriúcháin. Chuir sí tuairimí Uí Chiarghusa i láthair nuair a dúirt sí go raibh crot Béarla ar an nGaeilge nuair a aistríodh giotaí ón nGaeilge go Béarla agus mhol Ó Ciarghusa do dhaoine an Béarla a aistriú go Gaeilge chun é seo a sheachaint. Tá sé sin pléite sa tríú caibidil agus cuireann an méid seo leis an díospóireacht mhór seo a bhí ar siúl maidir le haistriúcháin ó Ghaeilge go Béarla agus nach raibh foghlaimeoirí na Gaeilge ar chumas an sprioc seo a bhaint amach. Anuas air seo, caitheann Uí Chollatáin solas ar an méid a deir Ó Ciarghusa faoin aistriúchán i gcomhthéacs chumadh na filíochta chomh maith. Deir sé ‘...ba mhaith liom dul níos sia anois agus taisbeánadh go mbaineann an t-aistriúchán cómh mór ceudna le filidheacht agus deineann sé le prós. An file óg nuair thosúigheann sé ag scríobhadh, bíonn sé sásta le cómhada agus ceól focal’ (‘Aistriúcháin. Filidheacht i nGaedhilg. Cionnus í sgríobhadh’, *Misneach*, 6 Márta, 1920 (le ‘Cloch Labhrais’), (luaite in Uí Chollatáin 2002: 194). Ina theannta sin, luann Philip O’Leary ina shaothar *The Gaelic Prose of the Irish Free State 1922-39* gur fhoilsigh Ó Ciarghusa ailt faoi lucht na cathrach in alt dar teideal ‘caith uait na páipéirí’ ar 15 Aibreán 1933. Léiríonn sé go raibh Éire faoi anáil na Sasanach (2004: 258). I mo thaighde féin, cuirtear leis an méid a d’fhoilsigh Ó Ciarghusa ar an téama seo sa mhéid go dtugtar léiriú ar thionchar an Bhéarla a bhí le feiceáil in Éirinn deireadh na bhfichidí agus ag tús na dtríochaidí.

4.5 Tuilleadh taighde ar Ó Ciarghusa: deiseanna agus dúshlán

Tá scóip mhór tuilleadh taighde a dhéanamh ar Sheán Ó Ciarghusa sa mhéid go gcuirfear leis an bplé a rinneadh ar a shaothar iriseoireachta. Pléadh na tuairimí a bhí aige

maidir le modhanna teagaisc na Gaeilge agus maidir le modh an aistriúcháin, ach go háirithe. Tugtar blaiseadh anseo thíos ar chuid de na nithe eile atá faoi chaibidil ag an scríbhneoir seo. In iris eile inar fhoilsigh Ó Ciarghusa, *The Catholic Bulletin*, éiríonn leis modhanna teagaisc a phlé i gcomhthéacs na drámaíochta Gaeilge. Ceanglaíonn sé drámaíocht na Gaeilge le múineadh na Gaeilge agus molann sé do na hoidí an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga labhartha trí úsáid a bhaint as an drámaíocht, mar a rinne na Rómhánaigh. Ina theannta sin, is iomaí léirmheas leabhar atá scríofa aige ar fhigiúirí aitheanta na Gaeilge a chuirfeadh go mór leis an léiriú a chuirfí ar fáil air. Tugadh léiriú ar na scríbhneoirí seo agus ar an gcaoi a chuir na saothair a d'fhoilsigh siad le léann na Gaeilge. Anuas air seo, mar a léiríodh tá tionchar an Bhéarla agus an dochar a rinneadh don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann go mór chun tosaigh sa tráchtas áirithe seo.

Tá scóip ann tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an ngné seo sa mhéid go ndíríonn Ó Ciarghusa ar an lámh in uachtar a bhí ag cultúr an Bhéarla i saol laethúil na nÉireannach i réimse maith dá ailt. Éiríonn leis samplaí a chur ar fáil don léitheoir, i bhfoirm comhráite agus scéilíní a chuireann béim ar an timpeallacht Shasanach seo agus ar an naimhdeas a bhí le brath de dheacsa bhrú an Bhéarla a bhí mórthimpeall na nGael i lár na fichiú haoise. Tá samplaí faoi leith curtha ar fáil ag Ó Ciarghusa, agus ní hamháin go mbaineann siad leis an Rinn ná le Baile Átha Cliath ach baineann siad le tuaisceart na hÉireann chomh maith: Béal Feirste, mar shampla. Cé go bhfuil tionchar an Bhéarla ina mhóorthéama aige ina scríbhinní, tá réimse maith scríofa aige maidir leis an mBéarla mar theanga agus maidir leis an lámh in uachtar atá aige ar an nGaeilge, ó thaobh iasachta teanga de. Cé gur pléadh drogall agus neamhshuim an aosa óig i leith na Gaeilge agus i leith an chultúir Ghaelaigh, tá scóip ann tuilleadh samplaí a thabhairt den neamhaird seo. Léiríodh gur beag an meas a bhí acu ar an teanga agus nár athraigh an dearcadh a bhí acu ina leith. Cosúil lena shaothar iriseoireachta ba iomaí téama a pléadh in úrscéalta dá chuid agus chuirfeadh anailís ar shaothar cruthaitheach Uí Chiarghusa pictiúr níos doimhne os comhair an léitheora toisc go bhfuil a

chumas iriseoireachta (Ó Ciarghusa mar iriseoir, mar thuairisceoir) scrúdaithe go mion sa tráchtas go dtí seo.

Cé gur phléigh daoine cosúil le Uí Chollatáin agus O’Leary tuairimí Uí Chiarghusa faoi dhíospóireachtaí na fichiú haoise le linn ré na hAthbheochana, ní dhearnadh staidéar ar a shaothar iriseoireachta go mion ná níor cuireadh fiúntas na n-alt seo i láthair don saol mór go dtí seo. Cé nár bh fhear mór polaitíochta é Seán Ó Ciarghusa, sheas an bhuairt agus an faitíos a bhí air i dtaobh na Gaeilge don ghnáthghníomhaí Gaeilge. D’éirigh leis leanúint ar aghaidh i ndiaidh na bliana 1936 (nuair a chuir sé deireadh lena shaothar iriseoireachta), agus léiriú a thabhairt dá léitheoirí ar eagla agus ar bhuairt mhuintir na hÉireann i leith thionchar an Bhéarla ina úrscéalta sna tríochaidí, sna daichaidí agus sna caogaidí. Cé go bhfuil saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa i gcroílár na hoibre seo, tá scóip ann staidéar a dhéanamh ar shaothar cruthaitheach Uí Chiarghusa. Mar a luadh in 1.5 ‘Ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath’, tá ocht n-úrscéal scríofa aige. D’fhéadfaí anailís théamúil a dhéanamh ar na leabhair seo, díreach mar a rinneadh ar na hailt iriseoireachta dá chuid. In úrscéal dar teideal *Cloch Labhras* (1943), cuireadh béim ar an gcaoi a raibh an Ghaeilge á cothú agus á labhairt in Éirinn. Is iomaí scéilín agus comhrá a chuireann Ó Ciarghusa i láthair an léitheora a thugann tuiscint níos doimhne agus níos soiléire dó ar na himeachtaí stairiúla a bhí ar siúl i mBéal Feirste i 1914 (teacht an Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann). Tugtar léiriú ar na cruinnithe rúnda a bhí acu. Cosúil lena ailt, tá stíl an chomhrá in úsáid aige mar a bhí in úsáid aige.

I saothar eile dar teideal *Bun an dá abhann* (1933), ina bpléitear saothar Shakespeare agus Dante, cuireann Ó Ciarghusa saothar Shakespeare i gcomparáid le saothar Homer. Tagann téamaí an náisiúnachais agus an tírghrá go mór chun tosaigh. Baintear úsáid as tagairtí don dúlra chun meon inmhéanach na gcarachtar a léiriú. Léiríonn an saothar cruthaitheach go raibh feabhas tagtha ar Ó Ciarghusa mar scríbhneoir agus gur léigh sé go fairsing ar ábhair

difriúla, idir stair agus litríocht. Léiríonn Ó Ciarghusa gur baineadh úsáid as eilimintí an nádúir i ré na miotalseolaíochta sa Ghréig agus sa Róimh chun smaointe a chur i láthair agus leanann sé den nós sin. Ina theannta sin, tagraíodh d'imeachtaí stairiúla na hÉireann sa mhéid go bpléadh na hionsaithe a rinne Ógaigh na hÉireann idir 1919 go 1922. Pléadh téama an tírghrá i saothar eile dar teideal *Mórtas cine* (1957), tagraíodh do chultúr na hÉireann agus chuir Ó Ciarghusa cultúr na hÉireann i gcomparáid le cultúr na Gréige agus na Róimhe. Anuas air seo, i saothar Uí Chiarghusa dar teideal *Dioghlaím* (1947), pléadh cearta na mban i gcomhthéacs na gcleamhnas a rinneadh ar mhná in India agus sa Ghréig in aimsir chlasaiceach. Tá téama na mban á fhí isteach aige le téama na sufraigéide sa saothar seo.

4.6 Tionchar an tsaothair seo maidir le forbairt a dhéanamh ar oidhreacht Uí Chiarghusa

Cosúil le neart conraitheoirí eile, is beag atá déanta ar bheatha agus ar shaothar Sheáin Uí Chiarghusa. Ní raibh mionscrúdú déanta ag éinne roimhe seo ar a shaothar iriseoireachta agus níl ach tagairtí do ghiotaí áirithe dá shaothar cruthaitheach luaite ag Philip O'Leary in *The Gaelic Prose of the Irish Free State 1922-39* (2004). Ina theannta sin, tá tagairtí do ghiotaí áirithe as ailt Uí Chiarghusa déanta ag Philip O'Leary in *The Prose Literature of the Gaelic Revival* (1994), saothar eile dá chuid. Anuas air seo, tagraíonn Regina Uí Chollatáin don mhéid a deir Ó Ciarghusa maidir le modh an aistriúcháin in *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, 1899-1932: anailís ar phríomhnuachtán Gaeilge ré na hAthbheochana* (2004). Tugann an méid atá curtha ar phár go dtí seo léiriú ar an gcaoi a chuir sé le

díospóireachtaí na fichiú haoise. Tugtar aitheantas dó mar chuir sé le conspóidí na fichiú haoise agus ba ghuth tábhachtach é. D'éirigh leis cur le cuspóirí na hAthbheochana sa mhéid gur chuir sé leis an díospóireacht ar mhúineadh na Gaeilge ag tús an chéid. Ní haon ionadh gur chabhraigh a scéilíní agus a chomhráite atá i gcroílár a chuid alt leis an léitheoir, tuiscint

níos fearr a bheith aige ar an ré chorraitheach seo ina raibh an lámh in uachtar ag an mBéarla in Éirinn. Ina theannta sin, ba fhoinsé thar a bheith luachmhar é an dialann sa taighde seo a chuireann fianaise ó ghuth a iníne i láthair don léitheoir. Chabhraigh na foinsí a bailíodh i Londain go mór leis an saothar sa mhéid go raibh léiriú croineolaíoch á chur i láthair, ar na rólanna éagsúla a bhí aige le linn dó feidhmiú mar oifigeach Custaim is Máil. Bhí staid agus dul chun cinn na Gaeilge ina gcloch ba mhó ar phaidrín mhuintir an Chonartha agus ba ábhar tábhachach an méid a bhí le rá ag Ó Ciarghusa, dá bharr. Bhí na hargóintí comhaimseartha agus na hábhair imní seo ag dó na geirbe ag pobal na hÉireann. Chuir Ó Ciarghusa mórchospóidí na fichiú haoise i láthair na nÉireannach. Tugann an méid seo pictiúr níos doimhne ar Ó Ciarghusa. Cuireann an méid a bhí á rá aige le gort na Gaeilge. Ba í príomhaidhm an tráchtais seo ná beatha agus saothar iriseoireachta Uí Chiarghusa a chur i láthair an léitheora. Baineadh an sprioc seo amach trí scagadh a dhéanamh ar na bunfhoinsí thuas agus scríbhinní Sheáin Uí Chiarghusa

5.0 Liosta tagairtí

Foinsí neamhfhoilsithe

Daltúin, M. (2013) *Liam Ó Rinn (1886-1943): Scríbhneoir Cathrach agus Criticeoir Iarchoilíneach*, Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: http://doras.dcu.ie/22502/2/Maire%20Daltuin_Vol_1.pdf (Aimsithe: 10 Iúil 2019).

Ó Ciarghusa, P. ca. 1914. *Páipéirí Bhaile Bhaid mhuintir Uí Chiarghusa. Baile Bhaid*, co. Phort Láirge. Lgh. 1-3.

Ó Coigligh, S. (2014) *Na Coláistí Gaeilge mar Ghné d'Athbheochan na Gaeilge, 1904-1912*. Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. <http://doras.dcu.ie/22717/1/Sean%20O%20Coigligh.pdf> (Aimsithe: 10 Lúnasa 2019).

Rowland, H. (2014) *Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint Idé-eolaíochta 1965 – 1974*. Tráchtas Dochtúireachta neamhfhoilsithe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ar fáil ag: <https://aran.library.nuigalway.ie/bitstream/handle/10379/4893/2014rowlandphd.pdf?sequence=1&isAllowed=y> (Aimsithe: 20 Feabhra 2019).

Uí Chochláin, (Ní Chiarghusa), *Dialann Chaitlín* (1968). I seilbh phríobháideach.

Uí Chollatáin, R. (2002) *An Claidheamh Soluis (agus Fáinne an Lae) 1899-1932 Anailís agus Clárú ar phríomhnuachtán Ré na hAthbheochana*, Tráchtas

dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag:

http://mural.maynoothuniversity.ie/5187/1/Regina_Ui_Chollatain_Vol%20-1.pdf

(Aimsithe: 18 Meitheamh 2019).

Foinsí foilsithe

Ainm.ie Beathaisnéisí Gaeilge [Irish-Language Biographies]. Fiontar, Dublin City University. <http://www.ainm.ie> (faighte ag 15 Lúnasa 2020).

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (1986). *Beathaisnéis a hAon, 1882- 1982*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (1990). *Beathaisnéis a Dó, 1882- 1982*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (1992). *Beathaisnéis a Trí, 1882- 1982*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (1994). *Beathaisnéis a Ceathair, 1882- 1982*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (1997). *Beathaisnéis a Cúig: 1882 – 1982*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Breathnach, D. & Ní Mhurchú, M. (2007). *Beathaisnéis a Naoi, Forlíonadh agus Innéacsanna*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Breatnach, N. (1998). *Ar bóthar dom*. Dún Garbhán, Phort Láirge: Coláiste na Rinne.

Coolahan, J. (1981). *Irish Education: Its history and structure*. Dublin: Institute of Public Administration.

Cormier, J.J. (2003). 'Blocked Mobility and the Rise of Cultural Nationalism: A Reassessment.' *International Journal of Politics, Culture and Society*, Iml. 16, Uimh. 4, Lgh. 525-549.

de Hae, R. & Ní Dhonnchadha, B. (1938). *Clár litridheacht na Nua-Ghaedhilge: Leabhra*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foillseacháin Rialtais. Iml. 1.

de Hae, R. (1940). *Clár litridheacht na Nua-Ghaedhilge: Prós i dTréimhseacháin*. Baile Átha Cliath: Oifig Dhíolta Foillseacháin Rialtais. Iml. 3.

De hÍde, D. (1892). *The Necessity for De-Anglicising Ireland: Óráid 25 Samhain*, National Literary Society, Baile Átha Cliath, ar fáil ag <http://www.gaeilge.org/deanglicising.html> (faighte ag 16 Meitheamh 2020).

De hÍde, D. (1937). *Mise agus an Connradh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Denvir, G. (1994). '100 Bliain ag Fás', *Comhar*, Iml. 53. Uimh. 1. Lgh. 10-16, 18-21.

Denvir, G. (1997). *Litríocht agus Pobal*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.

Delaney, P. (2003). 'D.P. Moran and the Leader: Writing an Irish Ireland through Partition. *Irish-American Cultural Institute*. Iml. 38, Uimh. 3&4, Lgh. 189-211.

Fenton, S. & May, S. (eag.) (2002). *Ethnonational identities*. Basingstoke, UK: Palgrave.

Fitzgerald, G. (2003). 'Irish-speaking in the pre-famine period: A study based on the 1911 census data for people born before 1851 and still alive in 1911'. *Proceedings of the Royal Irish Academy*, Iml. 103C, Uimh. 5.

Fitzgerald, G. (2003). *Reflections on the Irish State*. Dublin: Irish Academic Press.

Higgins, M. (2018). *The Hyde Lecture: Léacht de hÍde. The Legacy of Douglas Hyde*. Baile Átha Cliath: Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath.

Hutchinson, J. (1987). *The Dynamics of Cultural Nationalism: The Gaelic Revival and the Creation of the Irish Nation State*. London: Allen & Unwin.

Hyland, A. and Milne, K. (eag.) (1987). *Irish educational documents*. iml. 1. Dublin: CICE.

Jackson, A (2010). *Ireland 1798-1998: war, peace and beyond*, Oxford: Woodfield press.

Jones, V. (2006). *A Gaelic experiment: the preparatory system 1926-1961 and Coláiste Moibhí*. Dublin: Woodfield Press.

Kelly, J. & Mac Gearailt, U. (1990). *Dublin and Dubliners: essays in the history and literature of Dublin city*. Dublin: Helicon.

Kiberd, D. (1993). *Idir dhá chultúr*, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Kiberd, D. (1995). *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation*. London: Vintage.

Kiberd, D. (1998). "Portrait of the Artist as a Young Hack," Dublin: The Irish Times.

Leerssen, J. (2013). "Notes towards a Definition of Romantic Nationalism," *Journal for the Study of Romanticisms*, Iml. 2, Uimh. 1, lgh. 9-35.

Legg, M. L. (1999). *Newspapers and Nationalism. The Irish Provincial Press 1850-1892*, Dublin: Four Courts Press.

Lyons, F. (2019). 'Irish Diaspora, Cultural Activism and Print Media in Transatlantic contexts between Ireland and North America, c. 1857-1887'. *Studi irlandesi: A journal of Irish Studies*. Iml. 9, Uimh. 9, Lgh. 229- 250.

Mac Craith, N. (2005). *Comóradh céad bliain Iolscoil na Mumhan, Coláiste na Rinne 1905-2005*. Dún Garbhán: Clódóirí Dhún Garbháin.

Mac Aonghusa, P. (1993). *Ar son na Gaeilge, Conradh na Gaeilge 1893- 1993 Stair Sheanchais*, Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Mac Grianna, S. (1969). *Pádraic Ó Conaire agus aistí eile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Mathúna, S. agus Mac Gabhann, R. (1981). *Conradh na Gaeilge agus An tOideachas Aosach*, Gaillimh: Cois Fharraige.

Máirtín, C. (2003). *An máistir: an scoil agus an scolaíocht i litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Maume, P. (1995). *Life and Times: D. P. Moran*. Dublin: Historical Association of Ireland.

May, S. (2012). *Language and minority rights: ethnicity, nationalism and the politics of language*. New York: Routledge.

McMahon, C. T. (2015). *The global dimensions of Irish identity: race, nation and the popular Press, 1840-1880*. North Carolina: Chapel Hill: University of North Carolina Press.

Ní Chionnaith, É. (1995). *Pádraic Ó Conaire: scéal a bheatha*, Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.

Ní Dhonnchadha, A. (1940). *An Ghearrscéal Ghearrscéal sa Ghaeilge 1999-1940*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ní Mhurchú, M. & Breathnach, D. (2007). *Beathaisnéis a naoi*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Nic Eoin, M. & Ní Dhonnchadha, A. (2008). *Ar an gCoigríoch: Díolaim Litríochta ar scéal na hImirce*. Indreabhán, Conamara: Cló Iar-Chonnachta.

Nic Eoin, M. (2005). *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. BÁC: Cois Life.

Nic Pháidín, C. (1998). ‘Fáinne an Lae: cúlra na hAthbheochana’, *Comhar*. Iml. 57, Uimh. 10, lgh. 15-21.

Nolan, W. Power, T. P. & Cowman, D. (1992). *Waterford: history and society: interdisciplinary essays on the Irish county*. Dublin: Geography Publications.

Ó Coigligh, C. & Mac Mathúna, L. (1985). *Teagasc na Gaeilge Imleabhar 4:1984-1985*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.

Ó Coigligh, C. (1989). *Teagasc na Gaeilge Imleabhar 6*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.

Ó Conchubhair, B. (2009). *Fin de siècle na Gaeilge: Darwin, An Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*, Indreabhán, Conamara: An Clóchomhar.

Ó Conluain, P. (1958). *An Duinníneach; an tAthair Pádraig Ó Duinnín, a shaol, a shaothar agus an ré inar mhair sé*. Baile Átha Cliath: Sáirseál agus Dill.

Ó Doibhlin, B. (1974). *Aistí critice agus cultúir*, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.

Ó Domhnaill, M. (1987). *Iolscoil na Mumhan: Coláiste na Rinne*, Corcaigh: Cló na Laoi.

Ó Fearáil, P. (1975). *The story of Conradh na Gaeilge*, Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Ó Gráda, C. (1988). *Ireland before and after the famine, explorations in economic history 1800-1925*. Manchester: Manchester University Press.

Ó Gráda, C. (2006). *Ireland's Great Famine: interdisciplinary essays*. Dublin: University College Dublin.

Ó hUallacháin, C. (1993). *The Irish and Irish: a sociolinguistic analysis of a relationship between a people and their language*. Baile Átha Cliath: Irish Franciscan Provincial Office.

O'Leary, P. (1990). "The Dead Generations": Irish History in the Gaelic Revival'. *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*. Cambridge: Department of Celtic Languages & Literatures, Harvard University. Iml. 10, Lgh. 85 – 145.

O'Leary, P. (1994). *The Prose Literature of the Gaelic Revival: Ideology and Innovation*. Pennsylvania: The Pennsylvania State University Press.

O'Leary, P. (2004). *The Gaelic Prose in the Irish Free State 1922-39*. Dublin: University College Dublin Press.

Ó Mathúna, Seán P. (1979). *Múineadh an dara teanga*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

O'Rourke, B. & Walsh, J. (2012). *New Speakers of Irish in the Global Context New Revival?* London: Routledge.

Ó Súilleabháin, D. (1988). *Cath na Gaeilge sa chóras oideachais, 1893-1911*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Ó Súilleabháin, D. (1989). *Conradh na Gaeilge i Londain: 1894-1917*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Ó Súilleabháin, D. (1998). *Athbheobhan na Gaeilge: cnuasach aistí*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Power, P. (1952). *Place-names of the Decies*. 2nd Ed. Cork: Cork University Press.

Prút, L. (2010). 'Athbheochan athláimhe?', *Comhar*. Iml. 70, Uimh. 10. lgh. 24-26.

Studia Hibernica. Iml. 43, Lgh. 117-125.

The Irish Press/Scéala Éireann. (1955). 'An Mhuintir Seo Againne Seán Ó Ciarghusa (Cloch Labhráis)', *The Irish Press/Scéala Éireann*, 25 Meitheamh 1955.

Ua Laoghaire, P. (1915). *Mo Sgéal Féin*. Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin.

Uí Chollatáin, R. (2004). *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae, 1899-1932: anailís ar phríomhnuachtán Gaeilge ré na hAthbheochana*, Baile Átha Cliath: Cois Life.

Uí Chollatáin, R. (2008). *Iriseoirí pinn na Gaeilge: an cholúnaíocht liteartha: critic iriseoireachta*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Uí Chollatáin, R. (2010). 'Irish language Revival and 'cultural chaos: Sources & Scholars in Irish language journalism'. *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*. Iml. 30, Lgh. 273-292.

Uí Chollatáin, Regina (2015) 'Athbheochan Thrasatlantach na Gaeilge: Scríbhneoirí, Intleachtóirí agus an Fhéiniúlacht Éireannach' In: Nic Congáil, Ríona Nic Eoin, Máirín Ní Úrdail, Meidhbhín Ó Liatháin, Pádraig Uí Chollatáin, Regina (eds). *Litríocht na Gaeilge ar fud an Domhain. Cruthú, Caomhnú agus Athbheochan*. Dublin: LeabairComhar., lgh. 277-309.

Uí Fhaoláin, A. (2014). 'Language revival and conflicting identities in the *Irish Independent*', *Irish Studies Review*, Iml. 22, Uimh. 1, lgh. 63-79.

Veldeman, M. (2009). ‘Cultural Nationalism in Late Nineteenth- Century Ireland, a Step Towards Political Separatism?’, *Équivalences*, Iml. 36, Uimh. 1 & 2, Lgh. 145-155.

Walsh, J. (2012). *Contests and Contexts: The Irish language and Ireland's Socio-economic Development*. Oxford: Peter Lang.

Wolf, N.M. (2017). “Historical and linguistic research on the Irish language”, *Studia Hibernica*. Iml. 43, Lgh. 117-125.

Agallaimh

Mac Craith, N. (2014). ‘Beatha agus Seasmh Sheáin Uí Chiarghusa i mbunú Choláiste na Rinne’, curtha faoi agallamh ag Máire Ní Shionóid, 10 Nollaig.

Ní Chiarghusa, N. (2014). ‘Cúlra Sheáin Uí Chiarghusa’, curtha faoi agallamh ag Máire Ní Shionóid, 20 Samhain.

Ó Ciarghusa, S. (1955). ‘An Teanga Gaeilge’ curtha faoi agallamh ag RTÉ, *Mé féin im’ Ghaedheal*, p. 259 / 186. lgh. 1-8 [2000 focal] [Cartlanna Choláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath] 20 Meitheamh.

Ó Murchú, S. (2017). ‘Seán Ó Ciarghusa: a chlann agus a áit dhúchais’, curtha faoi agallamh ag Máire Ní Shionóid, 15 Nollaig.

Aguisín 1: Tábla de Shaothar Iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa

Ainm an nuachtáin	Líon na n-alt
<i>An Claidheamh Soluis</i>	19 (de Hae) 29 (Regina Uí Chollatáin) 1 (Philip O’Leary) 49
<i>The Leader</i>	315 (de Hae) 5 (Philip O’Leary) 320
<i>Timthire Chroidhe Naomhtha Íosa</i>	2 (de Hae)
<i>The Catholic Bulletin</i>	40 (de Hae)
<i>An Sguab</i>	5 (de Hae) 1 (Philip O’Leary) 6
<i>Irisleabhar na Gaedhilge</i>	1 (de Hae)
<i>Misneach</i>	6 (de Hae)
<i>Fáinne an lae</i>	15 (de Hae)
<i>An Lóchrann</i>	1 (de Hae)
Suimiú na n-alt	440

Aguisín 2: Clár saothair iriseoireachta Sheáin Uí Chiarghusa de réir de Hae (1940)

Seo thíos an liosta a chuir Risteard de Hae ar fáil de na hait le Seán Ó Ciarghusa a foilsíodh i dtréimhseacháin anonn go dtí an bhliain 1936. Is minic a chuir de Hae scata alt le chéile in aon mhír amháin in áiteanna (mír 3, mar shampla toisc go raibh sraith alt leis an teideal céanna) agus bhí orm uimhreacha difriúla a thabhairt do na scata alt seo ar mhaithe le soiléire.

1. Ó Ciarghusa, (Seán) [Marbhán]: Dráma Gaedhealach (*An Claidheamh Soluis*, Feabhra 28, 1903).
2. Ó Ciarghusa, (Seán) [Marbhán] Methods of Teaching. (*An Claidheamh Soluis*, Iúil 4, 1903).
3. Ó Ciarghusa, (Seán) [Marbhán]: I ndúthaigh nDéiseach. (*An Claidheamh Soluis*, Iúil 18, 1903).
4. Ó Ciarghusa, (Seán) [Marbhán]: I ndúthaigh nDéiseach. (*An Claidheamh Soluis*, Lughnasa 1, 1903).
5. Ó Ciarghusa, (Seán) [Marbhán]: I ndúthaigh nDéiseach. (*An Claidheamh Soluis*, Lughnasa 8, 1903).

